



2.4.2024

**\*\*\*I**  
**TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha (AE) 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2014/65/AE agus (AE) 2016/97 a mhéid a bhaineann le rialacha cosanta d'infheisteoirí miondíola an Aontais (COM(2023)0279 – C9-0182/2023 – 2023/0167(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Stéphanie Yon-Courtin

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le cló trom iodálach sa dá cholún. Léirítear téacs nua le cló trom iodálach sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.

Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

# CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	5
IARSCRÍBHINN I .....	139
IARSCRÍBHINN II .....	141
IARSCRÍBHINN III.....	142



## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2014/65/AE agus (AE) 2016/97 a mhéid a bhaineann le rialacha cosanta d'infheisteoirí miandíola an Aontais (COM(2023)0279 – C9-0182/2023 – 2023/0167(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0279),
  - ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0182/2023),
  - ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2023<sup>1</sup>,
  - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0162/2024),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
  2. á iarraidh go ndéanfaidh an Coimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

<sup>1</sup> OJ C, C/2024/881, 6.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2024/881/oj>.

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA\*

ar an togra ón gCoimisiún

2023/0167 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2014/65/AE agus (AE) 2016/97 a mhéid a bhaineann le rialacha cosanta d'infheisteoirí miondíola an Aontais**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<sup>2</sup>,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Croíchuspóir Aontas na Margaí Caipitil is ea a áirithiú go bhféadann tomhaltóirí tairbhiú de na deiseanna infheistíochta a thairgeann margaí caipitil. Chun go mbeidís in ann déanamh amhlaidh, ní mór do chreat rialála tacú leo, creat lena gcuirtear ar a gcumas dóibh cinntí

\* Leasuithe: tá téacs nua nó téacs atá curtha in ionad téacs eile aibhsithe le cló trom iodálach; léirítear téacs atá scríosta trí leas a bhaint as an tsiombail ■ .

<sup>2</sup> IO C , , lch

infheistíochta a thagann lena gcuid riachtanas agus aidhmeanna a dhéanamh, cinntí a chosnaíonn iad go leordhóthanach sa mhargadh aonair. Féachann an pacáiste beart faoi straitéis infheistíochta miondíola an Aontais le haghaidh a thabhairt ar na laigí sainaitheanta.

- (2) Tá Treoracha (AE) 2009/65/CE<sup>3</sup>, 2009/138/CE<sup>4</sup>, 2011/61/AE<sup>5</sup>, 2014/65/AE<sup>6</sup> agus (AE) 2016/97<sup>7</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ceaptha chun infheisteoirí miondíola a chosaint agus féachaint le muinín agus cumas infheisteoirí miondíola a mhéadú agus cinntí tábhachtacha airgeadais á ndéanamh acu. Sainithníodh in obair an Choimisiúin chun meastóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcreat sin roinnt fadhbanna tábhachtacha, lena n-áirítear deacrachtaí d’infheisteoirí miondíola tairiscintí infheistíochta a thuiscint agus a chur i gcomparáid lena chéile ar bhonn doiciméadacht nochtach nach raibh ábhartha ná tarraingteach go leor chun cabhrú leo agus iad ag déanamh cinnidh. Anuas air sin, léiríodh in obair an Choimisiúin go raibh rioscaí ag méadú maidir le faisnéis agus cleachtais mhargaíochta mhíthreoracha a soláthraíodh ar mhodhanna digiteacha agus d’fhéadfadh leibhéal arda costas d’infheisteoirí miondíola, costais nach bhfuil bunús leo, teacht as laigí maidir leis an mbealach a monaraítear agus a ndáiltear na táirgí. Léiríodh in obair an Choimisiúin freisin go raibh rioscaí ann a bhaineann le claonadh sa phróiseas comhairle infheistíochta.
- (3) Maidir le híocaíochtaí tríú páirtí, amhail táillí, coimisiúin nó aon tairbhe airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta a íocann daoine seachas an cliant nó an custaiméir le gnólachtaí infheistíochta agus gnóthais árachais agus idirghabhálaithe, nó aon íocaíocht tríú páirtí den sórt sin a fhaigheann siad ó dhaoine seachas an cliant nó an custaiméir, dá ngairtear ‘aslaigh’ freisin, tá ról suntasach ag na híocaíochtaí sin i ndáileadh táirgí infheistíochta miondíola san Aontas.

---

<sup>3</sup> Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (IO L 302, 17.11.2009, lch. 32).

<sup>4</sup> Treoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le gabháil le gnó an Árachais agus an Atharachais agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) (IO L 335, 17.12.2009, lch. 1).

<sup>5</sup> Treoir 2011/61/EU ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 (IO L 174, 1.7.2011, lch. 1)

<sup>6</sup> Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáil in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

<sup>7</sup> Treoir (AE) 2016/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Eanáir 2016 maidir le dáileadh árachais (IO L 26, 2.2.2016, lch. 19).

Níl sé cruthaithe go bhfuil na rialacha atá ann cheana atá ceaptha coinbhleachtaí leasa a bhainistiú i dTreoracha 2014/65/AE agus (AE) 2016/97, lena n-áirítear srianta ar íocaíochtaí aslach agus trédhearcacht maidir leo, nach bhfuil siad éifeachtach go leor chun díobháil do thomhaltóirí a mhaolú agus go raibh leibhéal éagsúla cosanta d'infheisteoirí miondíola mar thoradh orthu ar fud deighleoga táirgí agus bealaí dáileacháin. Is gá, dá bhrí sin, an creat cosanta d'infheisteoirí a neartú tuilleadh chun a áirithiú go gcosnaítear leasanna cliant miondíola go haonfhoirmeach ar fud an Aontais. Is iomchuí rialacha a thabhairt isteach lena leagfar amach níos fearr an timpeallacht comhairle atá ann faoi láthair trína áirithiú go gcuirfidh idirghabhálaithe airgeadais comhairle níos trédhearcaí, níos intuigthe agus níos saincheaptha ar fáil do chliaint agus do thomhaltóirí. Ba cheart go n-áiríteofaí leis sin go ndéanfar táirgí atá oiriúnach dá riachtanais a thairiscint do chliaint agus do thomhaltóirí agus gur fearr a thuigfidís an chomhairle a fhaigheann siad.

- █
- (5) Chun a áirithiú nach gcuirfear custaiméirí miondíola amú, tá sé tábhachtach a shonrú i dTreoir (AE) 2016/97, i gcomhréir leis na rialacha atá ann cheana i dTreoir (AE) 2014/65, gur cheart d'idirghabhálaithe árachais a léiríonn dá gcustaiméirí go gcuireann siad comhairle ar fáil ar bhonn neamhspleách, gur cheart dóibh measúnú a dhéanamh ar líon sách mór táirgí árachais atá ar fáil ar an margadh. Leis an riail sin, níor cheart cosc a chur ar idirghabhálaithe árachais a thugann comhairle do chustaiméirí glacadh le haslaigh, ar choinníoll nach gcuirtear an chomhairle i láthair mar chomhairle neamhspleách, go gcuirtear custaiméirí ar an eolas faoi na haslaigh i gcomhréir leis na ceanglais trédhearcachta is infheidhme agus go gcomhlíontar ceanglais dlí eile, lena n-áirítear an ceanglas maidir le gníomhú ar mhaithe le leas an chustaiméara. ***I bhfianaise éagsúlacht na struchtúr dáilte árachais sna Ballstáit, níor cheart go gcuirfeadh sé cosc ach oiread ar idirghabhálaithe árachais a gcáilíonn a stádas dlíthiúil mar idirghabhálaithe árachais neamhspleácha iad, iad féin a chur i láthair mar idirghabhálaithe árachais nach bhfuil ceangailte go conarthach le gnóthas árachais sonracha má léiríonn siad go bhfaigheann siad aslaigh.***
- (6) Maidir leis na coimircí atá ann cheana agus atá ina gcoinníollacha maidir le híoc nó fáil aslach, lena gceanglaítear faoi Threoir 2014/65/AE go ndeartar an t-aslach chun cáilíocht na seirbhíse don chliaint a fheabhsú, nó faoi Threoir (AE) 2016/97, níor cheart éifeacht dhíobhálach a bheith acu ar cháilíocht na seirbhíse don chustaiméir, ní raibh siad leoréifeachtach chun na



coinbhleachtaí leasa a mhaolú. Moltar, dá bhrí sin, go mbainfí na critéir sin agus go dtabharfaí isteach tástáil nua chomhchoiteann i dTreoir 2014/65/AE agus Treoir (AE) 2016/97, lena soiléirítear tuilleadh conas ba cheart do chomhairleoirí airgeadais an prionsabal a bhaineann le bheith ag gníomhú ar mhaithe le leas an chliaint nó leas an chustaiméara a chur i bhfeidhm. Ba cheart do chomhairleoirí airgeadais a gcomhairle a bhunú ar raon iomchuí táirgí airgeadais atá ***oiriúnach do riachtanais an chliaint nó an chustaiméara. Ba cheart samhail ghnó an ghnólachta agus cuspóirí infheistíochta an chliaint nó an chustaiméara a chur san áireamh sa raon táirgí airgeadais a thairgtear. Tá leas is fearr na gcliánt agus custaiméirí níos leithne ná costais.*** Dá bhrí sin, tar éis dóibh ionstraimí atá oiriúnach do riachtanais a gcliánt nó a gcustaiméirí a shainnithint, ba cheart do chomhairleoirí airgeadais an táirge is éifeachtúla a mholadh i measc táirgí a thairgeann gnéithe atá comhchosúil dá gcliánt agus dá gcustaiméirí, agus feidhmíocht, leibhéal riosca, eilimintí cáilíochtúla, costais agus muirir arna dtuairisciú de bhun Airteagal 16-a á gcur san áireamh. Má roghnaíonn comhairleoirí táirge coibhéiseach lena ngabhann costais níos airde a mholadh don chliánt nó don chustaiméir, ba cheart dóibh údar oibiachtúil a thabhairt leis an moladh sin agus taifead a choinneáil ar an údar sin. Níor cheart do chomhairleoirí airgeadais leas a ghnólachta a chur roimh leasa a gcliánt agus a gcustaiméirí. I gcás táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, ba cheart do chomhairleoirí a áirithiú freisin go bhfuil an cumhdach árachais a áirítear sa táirge comhsheasmhach le héilimh agus riachtanais árachais an chliaint nó an chustaiméara. ***I gcás nach bhfuil aon cheann de na táirgí chun leasa an chliaint nó an chustaiméara, ba cheart do chomhairleoirí airgeadais staonadh ó chomhairle a thabhairt nó ó mholadh a dhéanamh.***

- (7) Ba cheart na ceanglais atá ann cheana maidir le nochtadh aslach a neartú tuilleadh chun a áirithiú go dtuigeann infheisteoirí miondíola coincheap ginearálta na n-aslach, an fhéidearthacht maidir le coinbhleacht leasa, chomh maith le tionchar aslach ar na costais fhoriomlána agus torthaí a bhfuil coinne leo.

- (9) Chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart sin, cúig bliana tar éis ghlacadh na gcaighdeán teicniúil rialála dá dtagraítear in Airteagal 16(12) de Threoir 2014/65/AE agus in Airteagal 25(10) de Threoir (AE) 2016/97, agus tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí ('ESMA') agus leis an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde ('ÚEÁPC'), ba cheart don Choimisiún tuarascáil a ullmhú ina ndéanfar measúnú ar cheanglais

neartaithe rialachais táirgí, ar an gcoinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ag baint le dreasachtaí, ar éabhlóid na gcostas, ar leibhéal foriomlán na hinfheistíochta miondíola i margaid caipitil, ar chosaint tomhaltóirí, ar ábharthacht na rialacha dáileacháin agus ar chur chun feidhme beart litearthachta airgeadais. ***Mura léirítear i measúnú an Choimisiúin gur tháinig athrú dearfach ar na forálacha nua do thomhaltóirí, féadfaidh an Coimisiún leasuithe ar an Treoir seo a mholadh, más gá.***

- (10) Maidir le gnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla araon, lena bhféadfaí tosca inbhuanaitheachta agus ráthaíochtaí airgeadais a áireamh, agus leibhéal na gcostas agus na muirear a bhaineann le hinfheistíocht agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar thorthaí infheistíochta. Chun a áirithiú go dtairgfídh táirgí Luach ar Airgead d'infheisteoirí miondíola, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil próisis phraghsála shoiléire ag gnólachtaí atá údaraithe faoi Threoir 2014/65/AE nó Treoir (AE) 2016/97 chun táirgí infheistíochta a mhonarú nó a dháileadh lena gcumasaítear sainathint agus cainníochtú soiléir na gcostas uile a ghearrtar ar infheisteoirí miondíola agus atá ceaptha chun a áirithiú go bhfuil údar cuí leis na costais agus na muirir a áirítear i dtáirgí infheistíochta nó atá nasctha lena ndáileadh agus go bhfuil siad comhréireach ag féachaint do chuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh, agus saintréithe, cuspóirí, straitéis agus feidhmíocht an táirge.
- (10a) ***Cuid thábhachtach de na costais atá le híoc ag gnólachtaí infheistíochta is ea rochtain ar shonraí margaidh airgeadais agus neamhairgeadais, úsáid na sonraí sin agus speansais i ndáil leo, ar sonraí iad atá riachtanach chun seirbhísí infheistíochta a sholáthar agus chun táirgí airgeadais a mhonarú agus a dháileadh, agus dá bhrí sin is ionann iad agus sciar suntasach de na muirir iomlána a íocann infheisteoirí miondíola. Sin é an fáth ar cheart sainordú a thabhairt don Choimisiún tuarascáil a ullmhú cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo, tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta, chun a mheas ar cheart soláthraithe sonraí margaidh airgeadais agus neamhairgeadais a áireamh i raon feidhme na Treorach seo.***
- (11) Ós rud é gurb é an monaróir a dhearann struchtúr muirearaithe an táirge infheistíochta miondíola pacáistithe, is faoin monaróir atá sé a mheas an bhfuil údar cuí leis na costais agus na muirir a áirítear i dtáirgí infheistíochta agus an bhfuil siad comhréireach i gcomhthéacs an luacha fhoriomláin arna sheachadadh. Agus iad ag tógáil ar na measúnuithe sin, ba cheart do na

dáileoirí measúnuithe cosúla a dhéanamh ionas go gcuirfear san áireamh freisin na costais dáileacháin agus costais eile nach n-áirítear i measúnú an mhonaróra cheana féin.

- (12) Leis an bpróiseas praghsála, a dhéantar ar leibhéal an mhonaróra agus ar leibhéal an dáileora, ba cheart dó, mar chuid den chreat rialachais táirge, an coincheap atá ann cheana, gur cheart do tháirgí infheistíochta atá dírithe ar spriocmhargadh ar leith a bheith deartha chun luach a thabhairt don spriocmhargadh sin, a fheabhsú.
- (13) Chun an próiseas praghsála a dhéanamh níos oibiachtúla agus chun uirlis a thabhairt do mhonaróirí, dáileoirí agus údaráis inniúla lenar féidir comparáid éifeachtúil a dhéanamh idir costais i measc táirgí infheistíochta ón gcineál céanna táirge, ba cheart do ESMA agus ÚEÁPC araon, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla náisiúnta agus ar bhonn tástála tionscail, tagarmharcanna coiteanna Eorpacha a fhorbairt le haghaidh táirgí a mhonaraítear agus a dháiltear i níos mó ná Ballstát amháin. *Níor cheart ach d'údaráis inniúla náisiúnta na tagarmharcanna a úsáid mar uirlis mhaoirseachta chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla na dtáirgí agus chun asluitigh fhéideartha ar an margadh a shainnithint. Mar uirlis mhaoirseachta, níor cheart na tagarmharcanna sin a nochtadh go poiblí agus ba cheart gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla na n-ionstraimí airgeadais agus na dtáirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a chur san áireamh. Mar sin féin, chun a áirithiú go bhfuil an próiseas maoirseachta trédhearcach agus chun measúnú na monaróirí árachais ar luach ar airgead a éascú, ceadaítear d'údaráis inniúla náisiúnta na tagarmharcanna ábhartha don mhargadh sin a roinnt le monaróirí árachais agus dáileoirí. Má chlaonann an táirge ó thagarmharc ábhartha, ba cheart an chumhacht a bheith ag údaráis inniúla náisiúnta na gníomhaíochtaí ceartaitheacha is gá a dhéanamh, lena n-áirítear ceangal a chur ar an ngnólacht údar a thabhairt leis an diall sin, ceangal a chur ar an ngnólacht a chur chuige a cheartú chun na ceanglais maidir le rialachas táirgí a chomhlíonadh agus, mar rogha dheiridh, a cheangal go mbainfear an táirge den mhargadh, más gá.*
- (13a) *Ba cheart táirgí a mhonaraítear agus a dháiltear i mBallstát amháin a bheith faoi réir tagarmharcanna náisiúnta arna bhforbairt ag údaráis inniúla náisiúnta, de réir chaighdeáin theicniúla rialála an Aontais, arna nglacadh ar bhonn dréachtaí arna bhforbairt ag ESMA agus ÚEÁPC.*

- (13aa) Níor cheart rialáil praghsanna a bheith mar thoradh ar thagarmharcanna, ar bhealach ar bith, ach ba cheart go mbeifí in ann maoirseacht níos fearr a dhéanamh ar na táirgí ar an margadh, agus é mar aidhm leo aslúitigh fhéideartha a shainaithint agus ceartú a áirithiú ar mhaithe le custaiméirí agus cliaint.*
- (13ab) Mar chuid de na ceanglais maidir le rialachas táirgí, ba cheart do mhonaróirí agus dáileoirí táirgí infheistíochta miondíola pacáistithe meastóireacht phiarghrúpála a dhéanamh ar a n-ionstraimí airgeadais, bunaithe ar phiarghrúpa arna shainiú ag an ngnólacht infheistíochta agus ag an ngnóthas árachais nó ag an idirghabhálaí faoi seach, i gcomhréir leis na critéir a shainítear sna treoirlínte a bheidh le forbairt ag ESMA agus ÚEÁPC. Sa mheasúnú sin, féadfaidh dáileoirí brath ar anailís phiarghrúpála an mhonaróra. Ina theannta sin, ba cheart do mhonaróirí anailís phiara a dhéanamh ar fheidhmíocht a dtáirgí roimhe seo, agus ba cheart do dháileoirí piaranailís a dhéanamh ar chostais seirbhísí freisin.*
- (13b) Chun a áirithiú go soláthraíonn próisis rialachais táirgí luach cóir i gcoibhneas le costais agus go gcomhlíonfaidh siad cuspóirí, riachtanais agus saintréithe an spriocmhargaidh, ba cheart go mbreithneofaí sa phróiseas chun táirgí a fhorbairt na sochair a bhfuiltear ag súil go soláthróidh an infheistíocht iad, agus an phróifíl riosca agus na costais iomlána á meas do chliaint nó do chustaiméirí mar a shainmhínítear in Airteagal 50 agus in Iarscríbhinn II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún. Ba cheart na sochair a bheith réasúnach, ábhartha agus de chineál cáilíochtúil agus cainníochtúil, agus níor cheart go mbeidís ina n-ionchas toraidh amháin tar éis costas ach d'fhéadfaidh siad a bheith ina seirbhísí eile arna soláthar ag an ngnólacht infheistíochta freisin.*
- (14) Chun cúnaimh a thabhairt do mhonaróirí agus do dháileoirí ina measúnuithe, ba cheart do ESMA agus ÚEÁPC, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla náisiúnta agus tar éis tástáil tionscail a dhéanamh, treoirlínte a fhorbairt chun na critéir a shonrú a bheidh le húsáid chun a chinneadh an bhfuil údar maith le costais agus feidhmíocht agus an bhfuil siad comhréireach.
- (15) Chun é a chur ar a gcumas do ESMA agus ÚEÁPC tagarmharcanna iontaofa a fhorbairt, bunaithe ar shonraí iontaofa, ba cheart a cheangal ar mhonaróirí agus dáileoirí táirgí infheistíochta na sonraí is gá a thuairisciú d'údaráis inniúla, chun iad a chur ar aghaidh chuig ESMA agus ÚEÁPC. Chun teorainn a chur le costais a bhaineann leis na hoibleagáidí tuairiscithe nua, a mhéid is féidir, agus chun dúbláil gan ghá a sheachaint, ba cheart do thacair

sonraí a bheith bunaithe ar oibleagáidí noхта agus tuairiscithe a thagann ó dhlí an Aontais a mhéid is féidir. Ba cheart do ESMA agus ÚEÁPC caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun na formáidí, an mhinicíocht agus an dáta tosaigh le haghaidh na faisnéise atá le tuairisciú a chinneadh.

- 
- (17) I bhfianaise mhéid na héagsúlachta i dtairiscintí táirgí infheistíochta miondíola, ba cheart don fhorbairt tagarmharcanna a dhéanann ESMA agus ÚEÁPC a bheith ina próiseas éabhlóideach, ag tosú leis na táirgí infheistíochta is coitianta a cheannaíonn infheisteoirí miondíola agus ag tógáil go céimneach ar an taithí a fhaightear le himeacht ama chun an cumhdach a leathnú agus an cháilíocht a bheachtú. ***Ba cheart tagarmharcanna a thabhairt cothrom le dáta go rialta, agus forbairtí sa mhargadh á gcur san áireamh.***
- (18) Ceanglaítear le Treoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE go ngníomhóidh cuideachtaí bainistíochta cistí infheistíochta malartacha (CIManna) agus gnóthais le haghaidh comhinfeistíocht in urrúis inaistrithe (GCUInna) ar mhaithe le leas an chiste infheistíochta atá á bhainistiú acu agus chun leasa a n-infheisteoirí. Ba cheart do chistí infheistíochta malartacha agus do chuideachtaí bainistíochta GCUI próiseas praghsála a choinneáil lena n-áirithítear nach ngearrfar aon chostas nach bhfuil míchuí ar infheisteoirí, agus go mbeidh údar le haon chostas a iompraíonn infheisteoirí agus go mbeidh siad comhréireach sa chomhthéacs má sheachadtar an luach foriomlán orthu.
- (19) Ba cheart do chuideachtaí bainistíochta GCUI agus cistí infheistíochta malartacha infheisteoirí a chúiteamh i gcás ina ngearrtar costais mhíchuí, lena n-áirítear i gcás inar míríomhadh costais chun díobhála na n-infheisteoirí, agus na húdaráis inniúla, iniúcháirí airgeadais na gcistí infheistíochta agus a mbainisteoirí agus taisclann na gcistí sin a chur ar an eolas maidir leis sin. Chun forfheidhmiú níos fearr a chur chun cinn agus chun torthaí coinchréiteacha a bhaint amach d'infheisteoirí miondíola, tá gá le comhchuíbhíú chumhachtaí riaracháin agus smachtbhannaí na mBallstát. Ba cheart an nós imeachta chun leibhéal an chúitimh a chinneadh i gcás inar gearradh costais mhíchuí a bhunú ar bhonn threoirlínte reatha na n-údarás inniúil náisiúnta maidir le nósanna imeachta slánaíochta.
- (20) Leis an bpróiseas praghsála faoi Threoracha 2009/65/CE agus 2011/61/AE, ba cheart a áirithiú go bhfuil bonn cirt leis na costais a sheasann infheisteoirí miondíola agus go mbeidh siad comhréireach i gcomhthéacs an luacha fhoriomláin a sheachadtar do shealbhóirí aonaid agus ag

féachaint do shaintréithe an táirge, agus go háirithe do chuspóir, beartas agus straitéis infheistíochta, leibhéal riosca agus torthaí ionchasacha na gcistí, ionas go soláthródh GCUInna agus cistí infheistíochta malartacha Luach ar Airgead d'infheisteoirí. Ba cheart do chuideachtaí bainistíochta GCUI agus cistí infheistíochta malartacha a bheith freagrach as cáilíocht a bpróiseas praghsála. Go háirithe, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil costais inchomparáide le táirgí margaidh comhchosúla, lena n-áirítear trí chostais cistí a chur i gcomparáid le saintréithe comhchosúla i dtéarmaí straitéisí infheistíochta, cuspóirí, leibhéal riosca agus saintréithe eile.

***Ba cheart cumhachtaí maoirseachta a bheith ag údaráis inniúla náisiúnta chun seiceálacha rialta a dhéanamh ar ailíniú UCITanna agus cistí infheistíochta malartacha a thagann faoi Threoir 2014/65/AE leis na tagarmharcanna ábhartha, agus gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh más gá.***

- (21) Ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena sonraítear na híoscheanglais don phróiseas praghsála chun cosc a chur ar chostais mhíchuí a ghearradh ar GCUInna, cistí infheistíochta malartacha agus a sealbhóirí aonad, agus chun an measúnú Luach ar Airgead a dhéanamh agus, i gcás inar gá, bearta ceartaitheacha a dhéanamh i gcás nach bhfuil údar maith le costais a iompraíonn infheisteoirí nó nach bhfuil siad comhréireach i gcomhthéacs an luacha fhoriomláin arna sheachadadh do shealbhóirí aonaid.
- (22) ***Ceann de phríomhchuspóirí na Treorach seo is ea feabhas a chur ar cháilíocht na comhairle a thugann comhairleoirí airgeadais.*** Tá eolas agus inniúlacht na foirne ríthábhachtach chun cáilíocht na comhairle a thugtar do thomhaltóirí san Aontas a áirithiú ar bhealach níos fearr. Tá na caighdeáin maidir leis an méid a mheastar a bheith riachtanach an-éagsúil i measc na gcomhairleoirí a oibríonn faoi Threoir 2014/65/AE, Treoir (AE) 2016/97 agus faoin dlí náisiúnta neamh-chomhchuibhithe. Chun cáilíocht na comhairle a fheabhsú agus chun cothrom na Féinne a áirithiú ar fud an Aontais, ba cheart comhchaighdeáin íosta maidir leis na ceanglais a bhaineann leis an eolas agus inniúlacht is gá a leagan síos. Tá sé sin an-ábhartha mar gheall ar chastacht mhéadaithe agus nuálaíocht leanúnach i ndearadh ionstraimí airgeadais agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, agus an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le nithe a bhaineann leis an inbhuanaitheacht. Ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta, agus dáileoirí árachais agus athárachais, a áirithiú go bhfuil an t-eolas agus an inniúlacht is gá chun a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh ag na daoine nádúrtha a thugann comhairle infheistíochta thar ceann an ghnólachta infheistíochta nó a thugann comhairle mar

idirghabhálaithe árachais, agus fostaithe na ngnóthas árachais agus idirghabhálaithe árachais lena mbaineann. Chun dearbhú a thabhairt do chliaint, do chustaiméirí agus d'údaráis inniúla go gcomhlíonann leibhéal eolais agus inniúlachta na ndaoine nádúrtha agus na n-idirghabhálaithe árachais sin agus fostaithe na ngnóthas árachais agus na n-idirghabhálaithe árachais na caighdeáin is gá, ba cheart deimhniú nó aon doiciméad eile arna aithint ag an Aontas nó ag na Ballstáit a bheith mar chruthú ar an eolas agus ar an inniúlacht sin. Tá tábhacht ag baint le forbairt agus oiliúint ghairmiúil thráthrialta chun a áirithiú go gcoinnítear agus go dtugtar cothrom le dáta eolas agus inniúlacht na foirne a thugann comhairle nó a dhíolann táirgí infheistíochta le cliaint, nó a thugann comhairle nó a dhíolann táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe le custaiméirí. Chuige sin, is gá a cheangal go leanfaidh daoine nádúrtha a thugann comhairle infheistíochta líon íosta uaireanta an chloig in aghaidh na bliana d'oiliúint ghairmiúil agus forbairt ghairmiúil, ar cheart cuid di a thiomnú do shaincheisteanna inbhuanaitheachta, agus go gcruthóidh siad gur cuireadh an oiliúint agus an fhorbairt sin i gcrích go rathúil le deimhniú.

- (23) Le soláthar méadaitheach na seirbhísí infheistíochta ar mhodhanna digiteacha, cruthaítear deiseanna nua d'infheisteoirí miondíola. An tráth céanna, leis na seirbhísí sin cuirtear ar a gcumas do ghnólachtaí infheistíochta agus dáileoirí árachais táirgí agus seirbhísí infheistíochta a dháileadh ar bhonn níos tapa ar ghrúpa níos leithne infheisteoirí miondíola, rud lenar féidir rioscaí breise a bheith ag baint leis. Ba cheart, dá bhrí sin, na cumhachtaí agus na nósanna imeachta atá leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar neamhchomhlíonadh rialacha atá ann cheana a bheith ag údaráis inniúla, lena n-áirítear nuair a sholáthraíonn eintitis neamhúdraithe iad ar mhodhanna digiteacha. Tá sé iomchuí, dá bhrí sin, go mbeadh údaráis inniúla in ann na bearta is gá a dhéanamh nuair a bhíonn cúiseanna réasúnaithe acu chun a chreidiúint go bhfuil seirbhísí infheistíochta á soláthar ag duine nádúrtha nó duine dlítheanach gan é a bheith údraithe go hiomchuí nó go bhfuil táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe á ndáileadh ag idirghabhálaí árachais nó gnóthas árachais gan é a bheith cláraithe ná údraithe. Nuair a bhaineann na bearta sin le duine nádúrtha, ba cheart foilsiú an chinnidh arna dhéanamh ag an údarás inniúil a bheith faoi réir measúnú cás ar chás maidir le comhréireacht fhoilsiú na sonraí pearsanta dá ndéantar foráil faoi Airteagal 71(1). Ba cheart do na húdaráis inniúla ESMA agus ÚEÁPC a chur ar an eolas maidir le hiompraíocht den sórt sin, agus ba cheart do ESMA agus ÚEÁPC na cinntí uile ábhartha arna n-eisiúint ag na húdaráis inniúla a chomhdhlúthú agus a fhoilsiú ionas go mbeadh an fhaisnéis sin ar fáil d'infheisteoirí miondíola chun go mbeidís in



ann calaois fhéideartha a shainnithint. A mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha, chun nochtadh faisnéise pearsanta a sheachaint, a mheasann údarás inniúil a bheith neamhréireach agus an liosta comhdhlúite de na cinntí uile arna n-eisiúint ag údarás inniúla á fhoilsiú, ba cheart do ESMA agus ÚEÁPC staonadh ó aon fhaisnéis bhreise eile a nochtadh i gcomparáid leis an bhfaisnéis arna nochtadh ag an údarás inniúil féin.

(24) Tá soláthar seirbhísí infheistíochta trasteorann fíor-riachtanach maidir le forbairt Aontas na Margái Caipitil agus tá forfheidhmiú cuí na rialacha ina phríomhchuid den mhargadh aonair. Cé gurb é an Ballstát baile atá freagrach as maoirseacht ar ghnólacht infheistíochta i gcásanna a bhaineann le soláthar trasteorann seirbhísí, braitheann an margadh aonair ar mhuintir a eascraíonn as maoirseacht leordhóthanach gnólachtaí infheistíochta a dhéanann na húdaráis inniúla baile. Éilítear le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh comhar éifeachtúil idir Ballstáit baile agus Ballstáit óstacha chun a áirithiú go gcoinnítear leibhéal leordhóthanach cosanta infheisteora. Déantar foráil i dTreoir (AE) 2014/65 maidir le sásra lena gceadaítear, faoi choinníollacha diana agus i gcás nach déanann an Ballstát baile beart iomchuí, d'údarás inniúla Ballstát óstach bearta réamhchúramacha a dhéanamh chun infheisteoirí a chosaint. Chun comhair idir údarás inniúla a éascú, agus chun iarrachtaí maoirseachta a neartú tuilleadh, ba cheart an sásra sin a shimpliú agus ba cheart do na húdaráis inniúla sin, a fheiceann iompraíocht atá an-chosúil nó mar an gcéanna leis an iompraíocht arna hardú ag údarás eile ar a gcríoch féin, a bheith in ann tagairt a dhéanamh do thorthaí an údarás tionscnaimh sin chun nós imeachta a thionscnamh faoi Airteagal 86 de Threoir (AE) 2014/65.

**(24a) *Cuireann Aontas na Margái Caipitil ar chumas gnóthas atá bunaithe san Aontas a gcearta a fheidhmiú faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus faoin tsaoirse bunaíochta, ar choinníoll go gcomhlíonann siad coinníollacha áirithe. Chun mí-úsáid na bprionsabal sin a sheachaint, ba cheart rialacha a thabhairt isteach chun prionsabal na siopadóireachta frithfhórait a bhunú i dTreoir 2014/65/AE agus i dTreoir (AE) 2016/97.***

**(24b) *Soiléirítear in Aithris 46 de Threoir 2014/65/AE nár cheart do na Ballstáit údarú a dheonú nó gur cheart dóibh údarú a tharraingt siar i gcás ina léirítear go soiléir le tosca amhail inneachar na gclár oibríochtaí, an dáileadh geografach nó na gníomhaíochtaí iarbhir a rinneadh gur roghnaigh gnólacht infheistíochta córas dlí Ballstáit áirithe chun caighdeán níos déine nó forfheidhmiú maoirseachta a sheachaint i mBallstát eile a bhfuil sé beartaithe***



*aige an chuid is mó dá ghníomhaíochtaí a dhéanamh laistigh dá chríoch nó ina ndéanann sé an chuid is mó dá ghníomhaíochtaí.*

- (25) Ní éilítear le fógraí pas faoi Threoracha (AE) 2014/65 agus (AE) 2016/97 go soláthrófaí faisnéis ar scála seirbhísí trasteorann. Chun tuiscint cheart ar mhéid na seirbhísí trasteorann a thabhairt do ESMA, ÚEÁPC agus d'údaráis inniúla agus chun é a chur ar a gcumas dóibh a gcuid gníomhaíochtaí maoirseachta a oiriúnú do na seirbhísí trasteorann sin, ba cheart d'údaráis inniúla faisnéis a bhailiú maidir le soláthar na seirbhísí sin. I gcás ina soláthraíonn gnólacht infheistíochta nó idirghabhálaí árachais seirbhísí do chliant atá suite i mBallstát eile, ba cheart don gnólacht infheistíochta nó don idirghabhálaí árachais sin faisnéis bhunúsach a sholáthar dá údarás inniúil maidir leis na seirbhísí sin. Chun críocha comhréireachta, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas tuairiscithe sin maidir le gnólachtaí a fhreastalaíonn ar níos lú ná caoga cliant ar bhonn trasteorann. Ba cheart do na húdaráis inniúla an fhaisnéis sin a chur ar fáil do ESMA agus ÚEÁPC, ar cheart dóibhsean an fhaisnéis sin a chur ar fáil do na húdaráis inniúla ar fad agus tuarascáil bhliantúil staidrimh maidir le seirbhísí trasteorann a fhoilsiú. Chun teorainn a chur le costais a bhaineann leis na hoibleagáidí tuairiscithe maidir le gníomhaíochtaí trasteorann, a mhéid is féidir, agus chun dúbláil a sheachaint, ba cheart d'fhaisnéis a bheith bunaithe ar oibleagáidí noхта agus tuairiscithe atá ann cheana a mhéid is féidir.
- (26) Chun cóineasú maoirseachta a chothú agus comhar a éascú idir údaráis inniúla, ba cheart do ESMA a bheith in ann ardáin chomhair a chur ar bun ar a thionscnamh féin, nó ar thionscnamh ceann amháin nó níos mó de na húdaráis inniúla, i gcás inarb ann d'ábhair inní a bhfuil bunús leo maidir le díobháil d'infheisteoirí a bhaineann le soláthar seirbhísí infheistíochta trasteorann agus i gcás ina mbíonn na gníomhaíochtaí sin suntasach i ndáil le margadh an Bhallstáit baile. Ba cheart an chumhacht chéanna a bheith ag ÚEÁPC, a bhfuil an chumhacht aige cheana féin chun ardáin chomhair a chur ar bun faoi Airteagal 152b de Threoir 2009/138/CE, maidir le gníomhaíochtaí dáilte árachais faoi Threoir (AE) 2016/97 ós rud é go bhféadfaidh saincheisteanna maoirseachta trasteorann den chineál céanna tarlú le dáileadh árachais. ***I gcás ina bhfuil sonraí pearsanta le próiseáil faoi na hardáin chomhair, comhlíonfaidh na húdaráis inniúla, ESMA agus ÚEÁPC Rialachán (AE) 2016/679.*** I gcás ina mbíonn inní thromchúiseach ann maidir le díobháil a d'fhéadfadh a bheith ann d'infheisteoirí agus i gcás nach mbíonn na húdaráis maoirseachta atá páirteach sna hardáin chomhair in ann teacht ar chomhaontú maidir le saincheisteanna a bhaineann le gnólacht infheistíochta nó dáileoir

árachais a oibríonn ar bhonn trasteorann, féadfaidh ESMA agus ÚEÁPC, i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>8</sup> agus Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>9</sup>, faoi seach, moladh a eisiúint d'údarás inniúil an Bhallstáit baile chun ábhair inní na n-údarás inniúil ábhartha eile a chur san áireamh agus comhchigireacht ar an láthair a dhéanamh in éineacht leis na húdaráis inniúla lena mbaineann.

- (27) Costais, muirir ghaolmhara agus íocaíochtaí tríú páirtí atá nasctha le táirgí infheistíochta, féadfaidh siad tionchar mór a imirt ar na torthaí a bhfuil coinne leo. Tá nochtadh na gcostas sin, muirear gaolmhar agus íocaíochtaí tríú páirtí ina phríomhghné den chosaint d'infheisteoirí. Ba cheart faisnéis shoiléir a thabhairt d'infheisteoirí miondíola maidir le costais, muirir ghaolmhara agus íocaíochtaí tríú páirtí, in am trátha sula ndéanfar cinneadh infheistíochta. Chun feabhas a chur ar inchomparáideacht na gcostas, na muirear gaolmhar agus na n-íocaíochtaí tríú páirtí sin, ba cheart an fhaisnéis sin a sholáthar ar bhealach caighdeánaithe agus i dteanga shothuigthe. Ba cheart a shonrú agus a chomhchuihbhiú sna caighdeáin theicniúla rialála ábhar agus formáid na nochtuithe a bhaineann leis na costais sin, muirir ghaolmhara agus íocaíochtaí tríú páirtí lena n-áirítear an téarmaíocht chaighdeánach agus mínithe gearra agus achomaire, agus an mhodheolaíocht chun céatadán na gcostas foriomlán a ríomh, ar cheart do ghnólachtaí infheistíochta a sholáthar do chliaint mhiondíola, go háirithe maidir leis na híocaíochtaí tríú páirtí.
- (28) Chun trédhearcacht a mhéadú tuilleadh, ba cheart do chliaint agus custaiméirí miondíola forbheathnú tréimhsiúil a fháil ar a gcuid infheistíochtaí. Ar an gcúis sin, ba cheart do ghnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí infheistíochta mar aon le seirbhís chun ionstraimí airgeadais a choimeád slán agus a riar, nó idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais a dháileann táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe, ráiteas bliantúil a sholáthar dá gcliaint

---

<sup>8</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48).

<sup>9</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margáí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

mhiondíola agus dá gcustaiméirí, ráiteas bliantúil ar na táirgí atá i seilbh na gcliant agus na gcustaiméirí sin, ar na costais, na muirir ghaolmhara agus na híocaíochtaí tríú páirtí uile, agus ar gach íocaíocht, lena n-áirítear díbhinní agus ús a d'íoc an cliant agus an custaiméir agus a fuair siad thar thréimhse bliana, mar aon le forbhreathnú ar fheidhmíocht phunann an chliant nó an chustaiméara. Leis an ráiteas bliantúil sin, ba cheart é a chur ar a gcumas d'infheisteoirí miondíola tuiscint níos fearr a fháil ar an tionchar a bheidh ag na heilimintí sin ar fheidhmíocht a bpunainne. I gcás seirbhísí infheistíochta nach éard atá iontu ach glacadh, tarchur agus forghníomhú orduithe, ba cheart na costais uile, na muirir ghaolmhara agus na híocaíochtaí tríú páirtí a íoctar i dtaca leis na seirbhísí agus na hionstraimí airgeadais a bheith sa ráiteas bliantúil. I gcás seirbhísí nach éard atá iontu ach slánchoinneáil agus riarachán ionstraimí airgeadais, ba cheart na costais uile, na muirir ghaolmhara agus na híocaíochtaí a fhaigheann an cliant i ndáil leis na seirbhísí agus na hionstraimí airgeadais a bheith sa ráiteas bliantúil. I gcás na seirbhísí sin uile, ba cheart don soláthraí seirbhíse miondealú mionsonraithe ar an bhfaisnéis sin in aghaidh na hionstraime airgeadais a sholáthar don chliant miondíola arna iarraidh sin. I bhfianaise shaintréithe fadtéarmacha na dtáirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe agus a úsáidtear go minic chun críocha scoir, ba cheart eilimintí breise a bheith sa ráiteas bliantúil do tháirgí den sórt sin, lena n-áirítear réamh-mheastacháin ar an toradh a bhfuiltear ag súil leis ag deireadh an chonartha, nó an tréimhse shealbháochta mholta agus achoimre ar an gcumhdach árachais.

- (29) Ceanglais maidir le nochtadh atá difriúil nó forluiteach i dtaca le táirgí árachais a dháileadh thar ghníomhartha dlí éagsúla is cúis le héiginnteacht dhlíthiúil agus costas nach bhfuil gá leo le haghaidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais. Is iomchuí, dá bhrí sin, na ceanglais uile maidir le nochtadh a leagan amach in aon ghníomh dlí amháin trí cheanglais den sórt sin a bhaint de Threoir 2009/138/CE agus trí Threoir (AE) 2016/97 a leasú. An tráth céanna, ag tógáil ar an taithí a fuarthas agus maoirseacht á déanamh ar na ceanglais sin, is iomchuí iad a oiriúnú ionas go mbeidh siad éifeachtach agus cuimsitheach. Mar chomhlánú ar dhoiciméad faisnéise maidir le táirge árachais atá seanbhunaithe cheana féin le haghaidh táirgí árachais neamhshaoil, ba cheart doiciméad faisnéise maidir le táirge árachais a bheith i bhfeidhm freisin le haghaidh táirgí um árachais saoil seachas táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe chun faisnéis chaighdeánaithe a sholáthar. Maidir le táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, le doiciméad faisnéise bunriachtanaí PRIIPanna ba cheart faisnéis chaighdeánach a sholáthar faoi Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014.

- (30) Le hathruithe ar an mbealach a bhfógraíonn gnólachtaí infheistíochta, gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais táirgí agus seirbhísí airgeadais, lena n-áirítear úsáid na dtionchairí, na meán sóisialta agus úsáid na gclaontaí iompraíochta, déantar difear níos mó d'iompraíocht infheisteoirí miondíola. Is iomchuí, dá bhrí sin, ceanglais a thabhairt isteach maidir le cumarsáid mhargaíochta agus cleachtais mhargaíochta, lena bhféadfaí inneachar tríú páirtí, dearadh, promóisin, brandáil, feachtasaíocht, suíomh táirgí agus scéimeanna luaíochta a áireamh freisin. Ba cheart do na ceanglais sin a shonrú go háirithe an ceanglas a bhaineann le bheith cothrom, soiléir agus gan bheith míthreorach i gcomhthéacs cumarsáide margaíochta agus cleachtas margaíochta. Ba cheart do cheanglais maidir le cur i láthair cothrom rioscaí agus tairbhí, agus oiriúnacht don spriocphobal atá beartaithe, cuidiú le feabhas a chur ar chur i bhfeidhm na bprionsabal cosanta d'infheisteoirí. Ba cheart na ceanglais sin a leathnú chuig cleachtais mhargaíochta, i gcás ina n-úsáidtear na cleachtais sin chun rochtain agus éifeachtacht chumarsáide margaíochta, nó braistint ar a n-inghaolmhaireacht, ar a n-iontaofacht nó ar a n-inchomparáideacht a fheabhsú. Chun a áirithiú, áfach, nach ndíspreagtar nó nach gcuirtear cosc ar sholáthraithe táirgí infheistíochta ábhar oideachais airgeadais a sholáthar agus litearthacht airgeadais infheisteoirí a chur chun cinn agus a fheabhsú, ba cheart a shonrú nach dtagann na hábhair agus na gníomhaíochtaí sin faoi shainmhíniú na cumarsáide margaíochta agus an chleachtais margaíochta.
- (31) Chun aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí i gcleachtais mhargaíochta, lena n-áirítear úsáid tríú páirtithe, amhail tionchairí airgeadais, mar a thugtar orthu, chun táirgí nó seirbhísí a chur chun cinn go hindíreach, agus chun leibhéal iomchuí cosanta infheisteoirí a áirithiú, is gá na ceanglais maidir le cumarsáidí margaíochta a neartú. Is gá, dá bhrí sin, go n-éilítear gur cheart a cheangal le cumarsáid mhargaíochta go mbeifí in ann an gnólacht infheistíochta, an gnóthas árachais nó an t-idirghabhálaí árachais a bhfuil cumarsáid mhargaíochta á déanamh thar a cheann a shainathint go héasca. Maidir le cliaint mhiondíola, ba cheart faisnéis bhunriachtanach a chuirtear i láthair ar bhealach soiléir agus cothrom, maidir leis na táirgí agus na seirbhísí atá ar fáil, a bheith sa chumarsáid mhargaíochta sin freisin. Chun a áirithiú go gcuirfeadh oibleagáidí maidir le cosaint infheisteoirí i bhfeidhm i gceart i gcleachtas, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta beartas a bheith acu maidir le cumarsáid agus cleachtais mhargaíochta agus maidir le rialuithe inmheánacha leormhaithe agus nósanna imeachta um thuairisciú leormhaithe do chomhlacht bainistíochta na ngnólachtaí infheistíochta chun comhlíonadh an bheartais sin a áirithiú. Agus cumarsáid agus cleachtais mhargaíochta á

bhforbairt, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta, d'idirghabhálaithe árachais agus do ghnóthais árachais spriocphobal an spriocmhargaidh lena mbaineann a chur san áireamh.

**(31a) *Is iad na glúnta óga is leochailí ó thaobh mídhíol dhigiteach de. Cé gur féidir le méadú na dtionchairí airgeadais a bheith dearfach ó thaobh oideachas airgeadais a chur chun cinn do lucht féachana níos leithne, tá sé rithábhachtach coimircí leordhóthanacha a áirithiú chun timpeallacht infheistíochta shábháilte a chruthú do gach saoránach de chuid an Aontais. Tá iontaoibh i margáí airgeadais an Aontais ina príomhthoisic chun infheisteoirí ionchasacha a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh iontu.***

(32) Níor cheart go ndéanfaidh an luas tapa ag a bhféadfar cumarsáid agus cleachtais mhargaíochta a sholáthar agus a athrú, go háirithe trí uirlisí digiteacha agus bealaí digiteacha a úsáid, cosc a chur ar fhorfheidhmiú leordhóthanacha na gceanglas rialála is infheidhme. Is gá, dá bhrí sin, go n-áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cumhachtaí is gá ag na húdaráis náisiúnta inniúla chun maoirseacht a dhéanamh agus, i gcás inar gá, idirghabháil a dhéanamh go tráthúil. Ina theannta sin, ba cheart rochtain a bheith ag na húdaráis inniúla ar an bhfaisnéis is gá a bhaineann le cumarsáid agus cleachtais mhargaíochta chun a ndualgais mhaoirseachta agus forfheidhmithe a dhéanamh agus chun cosaint tomhaltóirí a áirithiú. Chun na críche sin, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta agus do ghnóthais árachais taifid a choimeád ar chumarsáid mhargaíochta a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil do chliant mhiondíola nó do chliant miondíola ionchasach agus ar aon ghné ghaolmhar atá ábhartha d'údarás inniúla. Chun cumarsáid mhargaíochta arna scaipeadh ag tríú páirtithe, amhail tionchairí agus gníomhaireachtaí fógraíochta mar shampla, a ghabháil is gá sonraí maidir le céannacht tríú páirtithe den sórt sin a thairfeadh freisin. Ós rud é go bhféadfaidh saincheisteanna maidir le táirgí agus seirbhísí airgeadais teacht chun cinn roinnt blianta tar éis na hinfheistíochta, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta, gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais taifid a choimeád ar an bhfaisnéis thuas ar feadh ré a gcaidrimh leis an gcliant nó leis an gcustaiméir ar a laghad.

**(32a) *Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta, do ghnóthais árachais agus d'idirghabhálaithe árachais a bhaineann úsáid as tionchairí airgeadais chun a gcumarsáid mhargaíochta a dhéanamh comhaontú i scríbhinn a bhunú leis na tionchairí airgeadais ina leagtar amach ábhar a gcaidrimh chonarthaigh, eadhon raon feidhme agus cineál na ngníomhaíochtaí a dhéantar. Ba cheart dóibh freisin céannacht agus sonraí teagmhála na dtionchairí airgeadais a bhfuil siad ag brath orthu a sholáthar don údarás inniúil nuair a iarrtar sin,***

*agus ba cheart dóibh rialuithe a oibriú go rialta ar na gníomhaíochtaí a dhéanann na tionchairí airgeadais chun a áirithiú go gcomhlíonann na tionchairí airgeadais an Treoir seo.*

- (33) Is gné fhíor-riachtanach de chosaint infheisteoirí iad na measúnuithe oiriúnachta agus iomchuibhis. Ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta, do ghnóthais árachais agus d'idirghabhálaithe árachais measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht nó iomchuibheas táirgí agus seirbhísí infheistíochta arna moladh don chliant nó arna n-éileamh ag an gcliant, faoi seach, ar bhonn na faisnéise a fhaightear ón gcliant. I gcás inar gá, féadfaidh an gnólacht infheistíochta, an gnóthas árachais nó an t-idirghabhálaí árachais faisnéis a úsáid a d'fhéadfadh a bheith faighte acu ar bhonn cúiseanna dlisteanacha eile, lena n-áirítear caidrimh atá ann cheana leis an gcliant nó leis an gcustaiméir. Ba cheart do na gnólachtaí infheistíochta, do na gnóthais árachais agus do na hidirghabhálaithe árachais cuspóir na measúnuithe sin agus a thábhachtaí atá sé faisnéis chruinn iomlán a sholáthar a mhíniú dá gcliaint agus dá gcustaiméirí. Ba cheart dóibh a gcliaint agus a gcustaiméirí a chur ar an eolas, trí rabhaidh chaighdeánaithe, go bhféadfadh go mbeadh iarmhairtí diúltacha ar cháilíocht an mheasúnaithe dá gcuirfí faisnéis mhíchruinn neamhiomlán ar fáil. Chun comhchuibhiú agus éifeachtúlacht na rabhadh éagsúil a áirithiú, ba cheart do ESMA agus do ÚEÁPC caighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun inneachar agus formáid na rabhadh sin a shonrú.
- (34) Chun a áirithiú, i gcomhthéacs na seirbhísí a mholtar, go dtabharfar aird chuí ar éagsúlú punainne, ba cheart a cheangal go córasach ar chomhairleoirí airgeadais breithniú a dhéanamh ar riachtanais éagsúlaithe den sórt sin dá gcliaint nó dá gcustaiméirí, mar chuid de na measúnuithe oiriúnachta, lena n-áirítear ar a bpunann atá ann cheana a mhéid a nochtann an cliant nó an custaiméir a phunann atá ann cheana arna iarraidh sin ag an ngnólacht.
- (35) Chun a áirithiú go gcuirfidh tástálacha iomchuibhis ar chumas gnólachtaí infheistíochta, gnóthas árachais agus idirghabhálaithe árachais a mheas go héifeachtach an bhfuil táirge nó seirbhís airgeadais iomchuí dá gcliaint agus dá gcustaiméirí, ba cheart do na gnólachtaí, na gnóthais árachais agus na hidirghabhálaithe árachais sin faisnéis a fháil uathu ní hamháin faoina n-eolas agus faoina dtaithí ar na hionstraimí nó na seirbhísí airgeadais sin, ach do chliaint mhiondíola nó do chustaiméirí freisin faoina gcumas cailleanais iomlána nó páirteacha a sheasamh, faoina lamháltas riosca, faoina riachtanais agus faoina gcuspóirí infheistíochta, lena n-áirítear sainroghanna inbhuanaitheachta. I gcás measúnú oiriúnachta diúltach, níor cheart

cead a bheith ag gnólacht infheistíochta, ag gnóthas árachais ná ag dáileoir idirghabhálaí árachais, i dteannta na hoibleagáide rabhadh a thabhairt don chliant nó don chustaiméir, dul ar aghaidh leis an idirbheart ach amháin i gcás ina n-iarrann an cliant nó an custaiméir lena mbaineann amhlaidh go sainráite.

(36) Is féidir éagsúlacht leathan ionstraimí airgeadais a thairiscint d’infheisteoirí miondíola, agus bíonn leibhéal éagsúla rioscaí maidir le caillteanais ionchasacha i gceist le gach ionstraim airgeadais. Dá bhrí sin, ba cheart d’infheisteoirí miondíola a bheith in ann táirgí infheistíochta a bhfuil riosca an-mhór ag baint leo nó atá an-chasta a shainaithint go héasca. Is iomchuí, dá bhrí sin, a cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta, ar ghnóthais árachais agus ar idirghabhálaithe árachais na táirgí infheistíochta sin a bhfuil riosca ar leith ag baint leo nó atá sách casta a shainaithint agus go n-áireoidh siad, i bhfaisnéis a tharchuirtear chuig cliaint mhiondíola agus chuig custaiméirí, lena n-áirítear cumarsáid mhargaíochta, rabhaidh maidir leis na rioscaí sin. Chun cabhrú le gnólachtaí infheistíochta, gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais táirgí a bhfuil riosca ar leith ag baint leo nó táirgí casta den sórt sin a shainaithint, ba cheart do ESMA agus ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir le conas táirgí den sórt sin a shainaithint, agus aird chuí á tabhairt ar na cineálacha éagsúla táirgí infheistíochta atá ann cheana agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe. Chun na rabhaidh riosca sin a chomhchuihbhiú ar fud an Aontais Eorpaigh, ba cheart do ESMA agus do ÚEÁPC caighdeáin theicniúla a chur isteach a mhéid a bhaineann le hinneachar agus formáid na rabhadh riosca sin. Ba cheart do na Ballstáit údaráis inniúla a chumhachtú le húsáid rabhadh riosca a fhorchur le haghaidh táirgí infheistíochta sonracha agus, i gcás ina mbeadh úsáid nó easpa úsáide na rabhadh riosca sin neamhréireach nó i gcás ina gcruthódh sé tionchar ábhartha ó thaobh cosaint infheisteoirí de, ba cheart an chumhacht a bheith ag ESMA agus ÚEÁPC úsáid rabhadh den sórt sin ag gnólachtaí infheistíochta ar fud an Aontais Eorpaigh a fhorchur.

***(36a) Tá litearthacht airgeadais rithábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá ann faoi láthair in Aontas na Margaí Caipitil agus chun comhlíonadh leordhóthanach spriocanna Aontas na Margaí Caipitil a áirithiú. Tá dlúthbhaint idir muinín as margaí airgeadais an Aontais agus leibhéal rannpháirtíochta na gcliant miondíola sna margaí sin. Is uirlisí iad an t-oideachas agus an t-eolas chun gach saoránach a chumhachtú chun cinntí infheistíochta eolasacha a dhéanamh. Mar sin féin, tá difríocht shuntasach idir leibhéal na litearthachta airgeadais ar fud na mBallstát. Ba cheart go leagfaí síos leis an Treoir seo an***



*bealach chun leibhéal an oideachais airgeadais i ngach Ballstát a mhéadú. I bhfianaise na n-inniúlachtaí teoranta a thugtar don Aontas sa réimse sin, tá sé de fhreagracht ar gach Ballstát a áirithiú go ndéanfar coigeartuithe cuí, go háirithe ina gcórais oideachais, chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Ba cheart do na Ballstáit bearta uailmhianacha a dhéanamh chun na hoibleagáidí a leagtar síos sa Treoir seo a chomhlíonadh.*

- (37) Tá sé ríthábhachtach leibhéal litearthachta airgeadais na gcliánt miondíola agus na gcustaiméirí, agus na gcliánt miondíola ionchasach agus na gcustaiméirí ionchasacha a mhéadú chun tuiscint níos fearr a thabhairt do na cliáint mhiondíola agus do na custaiméirí sin maidir le conas infheistíocht a dhéanamh go freagrach, chun cothromaíocht leordhóthanach a bhaint amach maidir leis na rioscaí agus leis na tairbhí a bhaineann le hinfeistíocht. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit bearta foghlama foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a chur chun cinn a thacaíonn le litearthacht airgeadais na gcliánt miondíola agus na gcustaiméirí, agus na gcliánt miondíola ionchasach agus na gcustaiméirí ionchasacha i ndáil le hinfeistíocht fhreagrach. Tagraíonn infheistiú go freagrach do chumas infheisteoirí miondíola cinní infheistíochta eolasacha a dhéanamh i gcomhréir lena gcuspóirí pearsanta agus airgeadais, ar choinníoll go bhfuil siad ar an eolas faoin raon táirgí agus seirbhísí infheistíochta atá ar fáil, faoina bpríomhghnéithe, agus faoi na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann le hinfeistíocht, agus ar choinníoll go dtuigeann siad an chomhairle infheistíochta a fhaigheann siad agus go bhfuil siad in ann freagairt dó go hiomchuí. Ba cheart d'infheisteoirí miondíola ionchasacha a bheith in ann rochtain a fháil ar ábhar oideachais a thacaíonn lena litearthacht airgeadais i gcónaí, agus ba cheart, go háirithe, a chur san áireamh san ábhar difríochtaí idir aois, leibhéal oideachais agus cumais theicneolaíochta infheisteoirí miondíola. Tá sé sin ábhartha go háirithe do chliáint mhiondíola agus do chustaiméirí a fhaigheann rochtain den chéad uair ar ionstraimí airgeadais, ar sheirbhísí infheistíochta, agus ar tháirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, agus iad siúd a úsáideann uirlisí digiteacha.
- (38) Is gá a áirithiú go mbeidh na critéir chun a chinneadh an bhfuil an taithí, an t-eolas agus an saineolas is gá ag cliant nó custaiméir chun déileáil leo mar chliant gairmiúil i gcás ina n-iarrann an cliant sin cóireáil den sórt sin, iomchuí agus oiriúnach don fheidhm. Dá bhrí sin, ba cheart a chur san áireamh sna critéir aitheantais taithí a fuarthas in earnáil na seirbhísí airgeadais nó in earnáil ábhartha eile agus oiliúint dheimhnithe agus oideachas deimhnithe atá curtha i gcrích ag an gcliánt. *Níor cheart an taithí, an oiliúint agus an t-oideachas sin a*



***chomhcheangal le méid phunann airgeadais an chliaint amháin.*** Ba cheart na critéir shainitheantais a bheith comhréireach agus gan a bheith idirdhealaitheach maidir le Ballstát cónaithe an chliaint. Ba cheart, dá bhrí sin, na critéir atá bunaithe ar rachmas agus ar mhéid eintitis dhlítheanaigh a leasú chun cuntas a choinneáil ar chliaint a bhfuil cónaí orthu i mBallstáit a bhfuil meán-OTI per capita níos ísle acu.

- (39) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim an [XX XX 2023].
- (40) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le próiseáil sonraí pearsanta chun críocha na Treorach seo. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais chun críocha na Treorach seo. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh an phróiseáil sonraí a dhéantar chun an Treoir seo a chur i bhfeidhm Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a urramú go hiomlán i gcás ina bhfuil an Treoir sin infheidhme.
- (41) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoracha (AE) 2009/65/CE, 2009/138/CE, 2011/61/AE, 2014/65/AE agus (AE) 2016/97 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir 2014/65/AE**

Leasaítear Treoir 2014/65/AE mar seo a leanas:

- (1) in Airteagal 1(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
- ‘(a) Airteagal 9(3), Airteagal 14, agus Airteagal 16(2), (3) agus (6), Airteagal 16-a (1), an chéad fhomhír, an dara fhomhír agus an cúigiú fhomhír, Airteagal 16-a(3), Airteagal 16-a(4), an chéad fhomhír agus an dara fhomhír, Airteagal 16-a(7), (8), (10) agus Airteagal 16-a(11), pointe (b);’;
- (2) in Airteagal 3(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):
- ‘(b) oibleagáidí gnó a sheoladh mar a bhunaítear in Airteagal 24(1), (1a), Airteagal 24(3), (4), (5), (7) agus (10), Airteagal 25(2), (4), (5) agus (6), agus, i gcás ina gceadaítear sa réimeas

náisiúnta do na daoine sin gníomhairí ceangailte a cheapadh, Airteagal 29, agus na bearta cur chun feidhme faoi seach;

(c) ceanglais eagraíochtúla mar a leagtar síos in Airteagal 16(3), (6), (7), Airteagal 16-a (1), fomhíreanna 1, 2 agus 5, Airteagal 16-a(3), Airteagal 16-a(4), fomhíreanna 1 agus 2, Airteagal 16-a(7) pointe (c), (8), (10) agus Airteagal 16(11), pointe (b), agus na gníomhartha tarmligthe comhfhreagracha arna nglacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 89.’;

(3) cuirtear na pointí (66), (67) agus (68) seo a leanas isteach in Airteagal 4(1):

‘(66) ciallaíonn ‘cumarsáid mhargaíochta’ aon nochtadh faisnéise seachas nochtadh a cheanglaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta, nó seachas an t-ábhar oideachais airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 88b, nó seachas taighde infheistíochta a chomhlíonann na coinníollacha chun go gcaithfí leis amhlaidh, a chuireann chun cinn nó a mheallann, go díreach nó go hindíreach, infheistíochtaí in aon ionstraim airgeadais amháin nó in ionstraimí airgeadais iomadúla nó i gcatagóirí d’ionstraimí airgeadais nó seirbhísí infheistíochta nó coimhdeacha a úsáid arna soláthar ag gnólacht infheistíochta a dhéantar maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) ag gnólacht infheistíochta nó ag tríú páirtí lena n-íoctar nó lena spreagtar trí chúiteamh neamhairgeadaíochta ón ngnólacht infheistíochta sin;

(b) déantar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha í;

(c) déantar in aon fhoirm agus ar aon mhodh í;

(67) ciallaíonn ‘cleachtas margaíochta’ aon straitéis, úsáid uirlise nó teicníce arna cur i bhfeidhm ag gnólacht infheistíochta, nó ag aon tríú páirtí a fhaigheann luach saothair nó dreasú trí chúiteamh neamhairgeadaíochta ag an ngnólacht infheistíochta sin chun:

(a) cumarsáid mhargaíochta a scaipeadh go díreach nó go hindíreach;

(b) rochtain agus éifeachtacht na cumarsáide margaíochta a luathú nó a fheabhsú;

(c) gnólachtaí infheistíochta, ionstraimí airgeadais nó seirbhísí infheistíochta a chur chun cinn ar aon bhealach;

(68) ciallaíonn ‘comhéadan ar líne’ aon bhogearra, lena n-áirítear suíomh gréasáin, cuid de shuíomh gréasáin nó feidhmchlár, lena n-áirítear feidhmchlár móibileach;

***(68a) ciallaíonn ‘tionchaire’ duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann gníomhaíocht***

*tionchair tráchtála, trína éileamh a shlógadh, chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal, trí mheán leictreonach, agus ar aon chineál luacha saothair, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565, inneachar arb é is aidhm dó táirgí airgeadais nó conarthaí airgeadais a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach;’;*

(3a) *In Airteagal 5(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):*

*‘(a) go bhfuil ceannoifig aon ghnólachta infheistíochta ar duine dlítheanach é sa Bhallstát céanna ina bhfuil a oifig chláráithe, ina ndéanann sé a ghnó, go bhfeidhmíonn sé go hiomlán laistigh den mhargadh aonair agus go n-úsáideann sé an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar. Áiritheoidh an Ballstát go bhfuil tuiscint leordhóthanach ag an ngnólacht infheistíochta ar an riosca agus ar na ceanglais dhlíthiúla a bhfuil sé féin nó a chliaint faoina réir, agus go ngníomhóidh sé ar bhealach atá comhsheasmhach le dlí an Aontais agus le prionsabail an mhargaidh aonair;’;*

(4) cuirtear Airteagal 5a seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 5a*

**Nós imeachta chun aghaidh a thabhairt ar gníomhaíochtaí neamhúdaraithe a chuirtear ar fáil trí mhodhanna digiteacha**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina soláthraíonn duine nádúrtha nó duine dlítheanach seirbhísí infheistíochta nó gníomhaíochtaí infheistíochta ar líne a dhíríonn ar chliaint laistigh dá chríoch gan a bheith údaraithe faoi Airteagal 5(1) nó faoin dlí náisiúnta nó i gcás ina bhfuil forais réasúnta ag údarás inniúil a bheith in amhras go soláthraíonn an t-eintiteas sin na seirbhísí sin gan a bheith údaraithe faoi Airteagal 5(1) nó faoin dlí náisiúnta, go ndéanfaidh an t-údarás inniúil gach beart iomchuí agus comhréireach chun tairiscint na seirbhísí nó na ngníomhaíochtaí infheistíochta neamhúdaraithe a chosc, lena n-áirítear seirbhísí nó gníomhaíochtaí a bhaineann le cumarsáid mhargaíochta, trí dhul i muinín na gcumhachtaí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 69(2). Déanfaidh aon bheart den sórt sin prionsabail an chomhair idir na Ballstáit a leagtar amach i gCaibidil II a urramú.

*Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo freisin maidir le tionchairí airgeadais, a fhaigheann luach saothair nó a dhreasaítear trí chúiteamh neamhairgeadaíochta ag gnólacht nach bhfuil údaraithe faoi Airteagal 5(1) ná faoin dlí náisiúnta, i gcás ina gcuireann an*

*tionchire airgeadais sin chun cinn trí ardáin phoiblí meán sóisialta, seirbhísí nó ionstraimí airgeadais, thar ceann gnólachta den sórt sin.*

2. Déanfaidh na Ballstáit foráil go bhfoilseoidh na húdaráis inniúla aon chinneadh lena bhforchuirtear beart arna dhéanamh de bhun mhír 1, i gcomhréir le hAirteagal 71.

Cuirfidh údaráis inniúla ESMA ar an eolas faoi aon chinneadh den sórt sin gan moill mhíchuí. Bunóidh ESMA bunachar sonraí leictreonach ina mbeidh na cinntí arna gcur isteach ag údaráis inniúla, a mbeidh rochtain ag na húdaráis inniúla uile air. Foilseoidh ESMA liosta de na cinntí uile atá ann cheana, ina dtabharfar tuairisc ar na daoine nádúrtha nó ar na daoine dlítheanacha lena mbaineann agus ar na cineálacha seirbhísí nó ar na cineálacha táirgí a chuirtear ar fáil. Beidh an liosta inrochtana don phobal trí nasc ar shuíomh gréasáin ESMA. A mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha, ní fhoilseofar níos mó sonraí pearsanta na ndaoine nádúrtha sin mar thoradh ar an liosta sin ná mar a d'fhoilsigh an t-údarás inniúil de bhun na chéad fhomhíre, agus i gcomhréir le hAirteagal 71(1).';

- (5) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

- (a) i mír 3, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘I gcás nár deonaíodh an t-údarú, cuirfidh an t-údarás inniúil ESMA ar an eolas faoi na cúiseanna nár deonaíodh an t-údarú gan moill mhíchuí..’;

- (b) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

‘3a. Déanfaidh ESMA liosta de na heintitis ar diúltaíodh údarú dóibh a bhunú agus a chur ar fáil d’údaráis inniúla.

Beidh faisnéis sa liosta maidir leis na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí a bhfuil údarú iarrtha ag gach gnólacht infheistíochta ina leith, chomh maith leis na cúiseanna leis an diúltú an t-údarú a dheonú agus déanfar é a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn tráthrialta.’;

- (6) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘Tabharfar fógra do ESMA, gan moill mhíchuí, maidir le gach údarú a tarraingíodh siar. Cuirfidh an t-údarás inniúil ESMA ar an eolas faoi na cúiseanna le tarraingt siar an údaráithe.’;

- (b) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 7(3a), beidh na heintitis uile ónar tarraingíodh siar an t-údarú freisin, chomh maith le faisnéis faoi na seirbhísí nó faoi na gníomhaíochtaí a ndéantar údarú gach gnólachta infheistíochta a tharraingt siar ina leith, agus na cúiseanna leis an údarú a tharraingt siar.’;

(7) Leasaítear Airteagal 9(3) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh comhlacht bainistíochta de ghnólacht infheistíochta sainmhíniú agus maoirseacht ar chur chun feidhme na socrúithe rialachais, agus go mbeidh sé cuntasach dó, lena n-áirithítear bainistíocht éifeachtach stuama den ghnólacht infheistíochta, lena n-áirítear dualgais a roinnt sa ghnólacht infheistíochta, cosc a chur ar choinbhleachtaí leasa agus cosaint infheisteoirí, agus i modh a chuireann sláine an mhargaidh agus leasanna na cliant chun cinn.’;

*(aa) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):*

*‘(a) eagrú an ghnólachta chun seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthar, lena n-áirítear na scileanna, an t-eolas agus an saineolas a theastaíonn ón bpearsanra, na hacmhainní, na nósanna imeachta agus na socrúithe maidir le seirbhísí agus gníomhaíochtaí a sholáthar, agus cineál, scála agus castacht a ghnó agus na ceanglais go léir nach mór don ghnólacht a chomhlíonadh á gcur san áireamh. Áiritheofar leis an mbeartas go gcuirfear san áireamh na sochair airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta do na cliant;’;*

(b) sa dara fomhír, cuirtear an pointe (d) seo a leanas leis:

‘(d) beartas maidir le cumarsáidí agus cleachtais mhargaíochta, arb é is aidhm dó comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 24c a áirithiú.’;

(8) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh an Ballstát baile de cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta na ceanglais eagraíochtúla a leagtar síos i míreanna 2 go 10 den Airteagal seo, Airteagal 16a agus in Airteagal 17 a chomhlíonadh.’;

(b) scriostar fomhíreanna 2 go 7 i mír 3;

(c) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

■

(d) cuirtear an mhír 7a seo a leanas isteach:

‘7a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh gnólachtaí infheistíochta nósanna imeachta agus socruithe iomchuí, lena n-áirítear bealaí cumarsáide leictreonaí, chun a áirithiú gur féidir cearta cliaint faoin Treoir seo a fheidhmiú gan srian agus go ndéileálfar le gearáin cliant i gceart agus gan moill mhíchuí. Leis na nósanna imeachta sin, beidh infheisteoirí in ann gearáin a chlárú in aon teanga inar soláthraíodh ábhar cumarsáide nó seirbhísí cumarsáide. Sa bhreis ar an teanga sin, féadfaidh an gnólacht agus a chliant, sula ndéanfaidh siad aon idirbheart, teacht ar chomhaontú maidir le teanga bhreise a úsáid chun críche gearáin a chlárú. I ngach cás, clárófar gearáin agus gheobhaidh gearánaigh freagraí laistigh de mhoill atá comhréireach le hábhar an ghearáin, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 30 lá oibre tar éis an gearán a chlárú. ***Déanfar aon fhreagra deiridh i bhfoirm páipéir nó trí mheán marthanach eile, sa teanga inar cláraíodh na gearáin.***’;

(9) cuirtear an tAirteagal 16-a seo a leanas isteach i ndiaidh Airteagal 16:

*‘Airteagal 16-a*

### **Ceanglais rialachais táirgí**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta a mhonaraíonn ionstraimí airgeadais chun iad a dhíol le cliant próiseas a bhunú, a choimeád, a oibriú agus a athbhreithniú chun gach ionstraim airgeadais agus oiriúnuithe suntasacha ar ionstraimí airgeadais atá ann cheana a fhorghéara sula ndéanfar iad a mhargú nó a dháileadh ar chliant (an próiseas faofa táirge).

Beidh an méid uile seo a leanas sa phróiseas formheasa táirge:

- (a) sonraíocht ar spriocmhargadh sainaitheanta na gcliant deiridh laistigh den chatagóir ábhartha cliant le haghaidh gach ionstraime airgeadais;
- (b) aitheantas soiléir ar chuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh;
- (c) measúnú ar cé acu a dheartar nó nach ndeartar an ionstraim airgeadais go hiomchuí chun cuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh a bhaint amach;

- (d) measúnú ar na rioscaí ábhartha uile don spriocmhargadh sainaitheanta agus go bhfuil an straitéis dáileacháin atá beartaithe i gcomhréir leis an spriocmhargadh sainaitheanta;
- (e) maidir le hionstraimí airgeadais a thagann faoin sainmhíniú ar tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle\*, agus a chuirtear ar fáil do chliant mhiondíola, measúnú soiléir agus tuairisc shoiléir ar ghnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla araon an táirge airgeadais, lena n-áirítear:

i) na costais agus na muirir go léir a bhaineann leis an ionstraim airgeadais,

ii) an bhfuil bonn cirt leis na costais agus na muirir sin agus an bhfuil siad comhréireach, ag féachaint do chuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh, agus saintréithe, cuspóirí, straitéis agus feidhmíocht an táirge ('próiseas praghsála').

iii) *gnéithe agus seirbhísí breise táirgí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an luach agus ar na sochair a chuirtear ar fáil d'infheisteoirí.*

*Chun críocha an dara fómhír, pointe (a), déanfaidh an monaróir, mar chuid den sainmhíniú ar an spriocmhargadh, measúnú ar an gcineál cliant ar a ndírítear an táirge, ar an leibhéal eolais agus taithí is gá chun an táirge a thuiscint, ar an gcumas cailleanais a sheasamh, ar an lamháltas riosca agus ar cibé acu a cheadaíonn an táirge don spriocmhargadh an méid seo a leanas a dhéanamh:*

(a) *airgeadas gearrthéarmach a bhainistiú go réidh chun freastal ar riachtanais ghearrthéarmacha;*

(b) *suaithheadh eacnamaíoch a sheasamh; nó*

(c) *spriocanna fadtéarmacha a bhaint amach amach.*

*Áiritheofar leis an bpróiseas chun táirgí a fhormheas go gcuirfidh an gnólacht infheistíochta leas na gcliant san áireamh i monarú na n-ionstraimí airgeadais agus go gcuirfear san áireamh ann na tairbhí airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta atá beartaithe don chustaiméir.*

*Déanfaidh gnólacht infheistíochta athbhreithniú rialta ar na hionstraimí airgeadais a mhonaraíonn sé, agus aon teagmhas nó riosca a d'fhéadfadh difear ábhartha a dhéanamh*

*don spriocmhargadh sainaitheanta á gcur san áireamh, chun a mheas an bhfuil an ionstraim airgeadais comhsheasmhach i gcónaí le cuspóirí, riachtanais agus saintréithe an spriocmhargaidh.*

Déanfaidh gnólacht infheistíochta a mhonaraíonn ionstraimí airgeadais an fhaisnéis uile faoin ionstraim airgeadais agus faoin bpróiseas formheasta táirgí a chur ar fáil do dháileoirí, ar fhaisnéis í is gá chun tuiscint iomlán a fháil ar an ionstraim sin agus ar na gnéithe a cuireadh san áireamh le linn an phróisis formheasa táirge, lena n-áirítear mionsonraí iomlána agus cruinne maidir le haon chostais agus muirir, gnéithe, cuspóirí, straitéis agus feidhmíocht na hionstraime airgeadais.

*1a. Áiritheoidh gnólachtaí infheistíochta go n-áireofar go córasach sna tuarascálacha ar chomhlíonadh don chomhlacht bainistíochta faisnéis faoi na hionstraimí airgeadais a mhonaraigh an gnólacht, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an straitéis dáileacháin agus na sochair airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta atá beartaithe do na cliaint a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais. Cuirfidh gnólachtaí infheistíochta na tuarascálacha ar fáil dá n-údarás inniúil nuair a iarrann siad sin.*

3. Beidh socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag gnólacht infheistíochta a thairgeann nó a mholann ionstraimí airgeadais nach ndéanann sé féin a mhonarú, chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a fháil agus chun saintréithe agus spriocmhargadh aitheanta gach ionstraime airgeadais a thuiscint.
4. Déanfaidh gnólacht infheistíochta a thairgeann nó a mholann ionstraimí airgeadais iad a athbhreithniú go rialta, agus aon teagmhas nó riosca a d'fhéadfadh difear ábhartha a dhéanamh don spriocmhargadh sainaitheanta á gcur san áireamh, chun measúnú a dhéanamh an leanann an ionstraim airgeadais de bheith comhsheasmhach le cuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh shainaitheanta agus an bhfuil na tairbhí airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta fós ábhartha don spriocmhargadh sainaitheanta agus an bhfuil siad réasúnach i gcomparáid leis na costais agus na muirir. Déanfaidh an gnólacht breithniú freisin i dtaobh an bhfuil an straitéis dáilte atá beartaithe fós iomchuí.

Maidir le gnólacht infheistíochta a thairgeann nó a mholann ionstraimí airgeadais a thagann faoin sainmhíniú ar tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de



Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

- (a) aon chostais agus muirir bhreise a bhaineann leis an dáileadh nár chuir an monaróir san áireamh cheana féin a shainnithint agus a chainníochtú, lena n-áirítear costais iontrála, costais scoir agus íocaíochtaí tríú páirtí arna bhfáil agus arna gcoinneáil ag an dáileoir;
  - (b) measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil bonn cirt leis na costais iomlána agus na muirir iomlána arna dtabhú chun an táirge a dháileadh, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gcomhairle infheistíochta a chuirtear ar fáil don chliant, agus an bhfuil siad comhréireach, ag féachaint do shaintréithe na hionstraime, don tseirbhís a sholáthraítear agus do chuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh (próiseas praghsála).
- (ba) measúnú a dhéanamh ar ghnéithe agus seirbhísí breise táirgí a d'fhéadfaidh tionchar a imirt ar an luach agus ar na sochair a chuirtear ar fáil d'infheisteoirí.*

■

***4a. Áiritheoidh na Ballstáit go measfaidh gnólachtaí infheistíochta, agus na ceanglais maidir le rialachas táirgí á gcomhlíonadh acu, go bhfuil costais agus muirir na hionstraime airgeadais comhoiriúnach do chuspóirí, riachtanais agus saintréithe an spriocmhargaidh.***

*I gcás ina ndéanann gnólacht infheistíochta ionstraimí airgeadais a thagann faoin sainmhíniú ar tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhonarú nó a dháileadh, déanfaidh sé anailís phiarghrúpála i gcomhréir leis an mír seo. Ina measúnú, féadfaidh dáileoirí brath ar anailís phiarghrúpála an mhonaróra.*

*Ina theannta sin, déanfaidh gnólacht infheistíochta a mhonaraíonn ionstraimí airgeadais anailís piaraí ar fheidhmíocht stairiúil agus athbhreithniú táirge á dhéanamh aige ar tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014.*

*Déanfaidh gnólacht infheistíochta a thairgeann nó a mholann ionstraimí airgeadais anailís piaraí ar chostais seirbhíse ina theannta sin bunaithe ar anailís inmheánach ar phiaraí ábhartha sa mhargadh.*

*Déanfar an mheastóireacht phiar-ghrúpála ar bhonn piarghrúpa arna shainiú ag an ngnólacht infheistíochta. Tabharfaidh an gnólacht infheistíochta bunús le rogha agus sainmhíniú an phiarghrúpa agus déanfaidh sé é a dhoiciméadú. Má thagann an táirge faoin sainmhíniú ar GCUI in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nó CIM in Airteagal 4(1), pointe (a), de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, féadfar an piarghrúpa a bhunú ar an gcóras aicmithe cistí Eorpacha ábhartha i gcomhréir le Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*

*Déanfaidh ESMA faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo], treoirlínte a fhorbairt maidir leis an bpróiseas agus na critéir a úsáideann gnólachtaí infheistíochta chun a meastóireacht phiarghrúpa a dhéanamh, agus déanfaidh siad na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil.*

7. Doiciméadóidh an gnólacht infheistíochta gach measúnú a rinneadh agus, arna iarraidh sin, soláthróidh sé measúnuithe den sórt sin d'údarás inniúil ábhartha, lena n-áirítear an t-údar atá le costais agus muirir na hionstraime airgeadais agus an léiriú ar chomhréireacht na gcostas agus na muirear sin.

*I gcomhréir leis an bhfaisnéis atá le nochtadh faoi Airteagal 24b den Treoir seo, tuairisceoidh gnólacht infheistíochta a mhonaraíonn, a thairgeann nó a mholann ionstraimí airgeadais a thagann faoin sainmhíniú ar tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 do na húdaráis inniúla mionsonraí maidir le costais agus muirir aon ionstraime airgeadais atá ceaptha d'infheisteoirí miondíola, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, costais dáileacháin a ionchorpraítear i gcostais na*

*hionstraim airgeadais agus costais a bhaineann le dáileadh comhairle. Tarchuirfidh na húdaráis inniúla sonraí den sórt sin gan moill mhíchuí chuig ESMA.*

*Déanfaidh ESMA, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚEÁPC agus leis na húdaráis inniúla agus tar éis tástáil tionscail a dhéanamh, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas sa mhír seo chun an méid seo a leanas a shonrú:*

*(a) i gcomhréir leis an bhfaisnéis atá le nochtadh faoi Airteagal 24b, ábhar agus cineál na sonraí atá le tuairisciú do na húdaráis inniúla, bunaithe ar oibleagáidí noхта agus tuairiscithe atá ann cheana;*

*(b) formáidí, minicíocht agus dáta tosaigh na faisnéise atá le tuairisciú i gcomhréir leis an bhfaisnéis atá le nochtadh faoi Airteagal 24b.*

*Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].*

*Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*

8. Féadfaidh gnólacht infheistíochta a mhonaraíonn agus a thairgeann nó a mholann an ionstraim airgeadais próiseas praghsála amháin a bhunú a bhaineann le céimeanna monaraíochta agus dáileacháin araon.

10. Beidh na beartais, na próisis agus na socruithe dá dtagraítear i míreanna 1 go 9 gan dochar do gach ceanglas eile faoin Treoir seo agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, lena n-áirítear na ceanglais sin a bhaineann le nochtadh, oiriúnacht nó iomchuíbheas, coinbhleachtaí leasa a shainaithint agus a bhainistiú, agus íocaíochtaí tríú páirtí.

11. *Déanfaidh ESMA , faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí], treoirlínte a fhorbairt chun critéir a shonrú chun a chinneadh an bhfuil údar cuí le costais agus muirir agus an bhfuil siad comhréireach, agus déanfaidh sé na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil.*

13. *Faoin ... [cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo], cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le cur chun feidhme an Airteagail seo in iúl don Choimisiún agus do ESMA. Féadfaidh an Coimisiún agus ESMA faisnéis bhreise a iarraidh ar na húdaráis inniúla náisiúnta.*

*Ar bhonn na faisnéise sin arna soláthar ag na Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle le ESMA agus ÚEÁPC, meastóireacht ar chur chun feidhme éifeachtach an Airteagail seo agus déanfaidh sé measúnú ar an méid seo a leanas go háirithe:*

*(a) an raibh luach níos fearr ar airgead do shaoránaigh mar thoradh ar éifeachtaí na gceanglas neartaithe maidir le rialachas táirgí a leagtar amach san airteagal seo;*

*(b) tionchar fhorálacha ábhartha na Treorach seo ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag baint le haslaigh, éabhlóid na gcostas, leibhéal foriomlán na hinfheistíochta miondíola i margaí caipitil, cosaint tomhaltóirí agus ábharthacht na rialacha dáileacháin;*

*(c) bearta litearthachta airgeadais a chur chun feidhme.*

*Má chruthaíonn an mheastóireacht a rinne an Coimisiún nach ndéantar aon athrú dearfach do thomhaltóirí le cur chun feidhme na gceanglas nua rialachais táirgí a leagtar amach san Airteagal seo, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach chun an Treoir seo a leasú, más iomchuí, in éineacht lena thuarascáil.*

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 16a:

*'Airteagal 16a*

#### **Díolúintí ó cheanglais rialachais táirgí**

Díolmhófar gnólacht infheistíochta ó na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 16-a(1) agus in Airteagal 24(2), i gcás ina mbaineann an tseirbhís infheistíochta a sholáthraíonn sé le bannaí nach bhfuil aon díorthach leabaithe eile acu seachas clásal déanta-iomlán nó i gcás ina gcuirtear na hionstraimí airgeadais ar an margadh nó ina ndáiltear iad go heisiach ar chontrapháirtithe incháilithe.';

(11) in Airteagal 21, cuirtear na míreanna 3 agus 4 seo a leanas isteach:

'3. Féadfaidh ESMA nó údarás inniúil aon Bhallstáit óstaigh a bhfuil gnólacht gníomhach ar a

chríoch a iarraidh go scrúdóidh údarás inniúil an Bhallstáit baile an bhfuil na coinníollacha maidir le húdarú mar atá bunaithe i gCaibidil Iá gcomhlíonadh fós ag an ngnólacht sin.

Cuirfear ESMA ar an eolas faoi iarraidh den sórt sin. Cuirfidh an t-údarás inniúil sa Bhallstát baile a thorthaí chuig údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh agus chuig ESMA laistigh de 2 mhí tar éis na hiarrata.

4. I gcás ina mbeidh údar inní dea-bhunaithe ann maidir le bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do chosaint infheisteoirí, féadfaidh ESMA, ar a thionscnamh féin nó ar iarraidh ó údarás inniúil amháin nó níos mó, ardán comhair a shocrú agus a chomhordú faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 87a.';

(12) Leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Cuirfidh na Ballstáit ceangal ar ghnólacht infheistíochta, agus seirbhísí infheistíochta nó, i gcás inarb iomchuí, seirbhísí coimhdeacha do chliant á soláthar acu, go ngníomhóidh sé go macánta, go cothrom agus go gairmiúil ar mhaithe le leasanna a chuid cliant agus go gcomhlíonfaidh sé, go háirithe, na prionsabail a leagtar amach san Airteagal seo agus in Airteagal 24a go hAirteagal 25.';

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

‘1a. Áiritheoidh na Ballstáit, chun gníomhú ar mhaithe le leas an chliant, agus comhairle infheistíochta á cur ar fáil acu do chliant mhiondíola, go mbeidh oibleagáid ar ghnólachtaí infheistíochta:

(a) an cliant a chur ar an eolas faoi raon na n-ionstraimí airgeadais arna mheasúnú ag an ngnólacht infheistíochta, agus comhairle a chur ar fáil ar bhonn measúnú ar raon iomchuí ionstraimí airgeadais a oireann do riachtanais na gcliant, trína gcuirtear raon na n-ionstraimí airgeadais in oiriúint do shamhail ghnó an ghnólachta infheistíochta;

(b) na hionstraimí airgeadais is éifeachtúla a mholadh i measc ionstraimí airgeadais a shaináithnítear a bheith oiriúnach don chliant de bhun Airteagal 25(2) agus gnéithe comhchosúla a chur ar fáil, agus feidhmíocht, leibhéal riosca, eilimintí cáilíochtúla, costais agus muirir arna dtuairisciú de bhun Airteagal 16-a á gcur

san áireamh, agus, má mholtar táirge coibhéiseach a bhfuil costais níos airde ag baint leis, é sin a dhlísteánú ar fhorais oibiachtúla agus taifid a choimeád ar an mbonn cirt sin;

■

*(ca) gan leasanna airgeadais nó leasanna eile an ghnólachta infheistíochta a chur roimh leasanna an chliaint.*

*1b. I gcás ina bhfuil gnólachtaí infheistíochta faoi réir toirmeasc ar aslach, toimhdeofar go bhfuil coinníollacha an Airteagail seo comhlíonta. Féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta an toimhde sin a aisiompú mura gcomhlíonann gnólacht infheistíochta forálacha an Airteagail seo.*

*Féadfaidh ESMA athbhreithniú piaraí éigeantach a eagrú agus a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis inniúla náisiúnta maidir le cur chun feidhme na n-oibleagáidí a bhfuil tuairisc orthu san Airteagal seo.*

*1c. I gcás nach bhfuil aon cheann de na hionstraimí airgeadais a thairgeann an gnólacht infheistíochta chun leasa an chliaint, staonfaidh an gnólacht infheistíochta ó aon chomhairle a thabhairt nó ó aon mholadh a dhéanamh.*

(c) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta a mhonaraíonn ionstraimí airgeadais chun iad a dhíol le cliaint an méid seo a leanas:

- (a) na hionstraimí airgeadais sin a dhearadh chun freastal ar riachtanais spriocmhargadh sainaitheanta na gcliánt deiridh laistigh de chatagóir ábhartha na gcliánt;
- (b) a straitéis maidir le dáileadh na n-ionstraimí airgeadais a dhearadh, lena n-áirítear i dtéarmaí cumarsáide margáíochta agus cleachtas margáíochta, ar bhealach atá comhoiriúnach leis an spriocmhargadh aitheanta;
- (c) bearta réasúnacha a dhéanamh chun a áirithiú go ndáilfear na hionstraimí airgeadais ar an spriocmhargadh sainaitheanta.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘Beidh an fhaisnéis uile, a chuirfidh an gnólacht infheistíochta chuig cliaint nó cliaint ionchasacha, cothrom, soiléir agus ní bheidh sí míthreorach.’;

(e) leasaítear mír 4 mar seo a leanas:

(i) leasaítear an chéad mhír mar seo a leanas:

- cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta tosaigh:

‘Soláthrófar faisnéis iomchuí in am trátha sula soláthrófar aon seirbhís nó sula dtabharfar aon idirbheart i gcách do chliaint nó do chliaint ionchasacha maidir leis an ngnólacht infheistíochta agus a sheirbhísí, na hionstraimí airgeadais agus na straitéisí infheistíochta atá beartaithe, ionaid forghníomhaithe agus na costais agus na muirir ghaolmhara uile. Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis sin.’;

- i bpointe (a), cuirtear na pointí (iv) agus (v) seo a leanas leis:

‘(iv) i gcás ina dtugann an gnólacht infheistíochta comhairle neamhspleách do chliant miondíola, cé acu atá nó nach bhfuil réimse na n-ionstraimí airgeadais a mholtar srianta ach amháin d’ionstraimí airgeadais atá dea-éagsúlaithe agus neamhchasta dá dtagraítear in Airteagal 25(4)(a) agus atá costéifeachtach;

(v) conas a chuireann na hionstraimí airgeadais atá molta éagsúlú phunann an chliaint miondíola san áireamh;’

- cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

‘(b) ní mór a áireamh san fhaisnéis maidir le hionstraimí airgeadais agus straitéisí infheistíochta beartaithe (lena n-áirítear chun críche éagsúlaithe) treoir agus rabhaidh iomchuí maidir leis na rioscaí a bhaineann le hinfeistíochtaí sna hionstraimí sin nó maidir le straitéisí infheistíochta ar leith agus cibé acu atá nó nach bhfuil an ionstraim airgeadais beartaithe do chliaint mhiondíola nó do chliaint ghairmiúla, agus an spriocmhargadh sainaitheanta á chur san áireamh i gcomhréir le mír 2;’

‘(c) an fhaisnéis maidir leis na costais agus na muirir dá dtagraítear in Airteagal 24b;’;

- cuirtear isteach an pointe (d) seo a leanas:

‘(d) i gcás ina soláthraítear na seirbhísí faoin gceart bunaiochta nó faoin tsoirse chun seirbhísí a sholáthar:

(i) an Ballstát ina bhfuil ceannoifig an ghnólachta infheistíochta agus, i

gcás inarb iomchuí, an brainse a thairgeann an tseirbhís lonnaithe;

(ii) *údaráis* náisiúnta inniúil ábhartha an ghnólachta infheistíochta sin nó, i gcás inarb iomchuí, an bhrairse sin.’;

(ii) scriostar an dara fomhír, an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír;

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 i bhfoirm intuigthe ar bhealach a bheidh cliaint nó cliaint ionchasacha in ann le réasún cineál agus rioscaí na seirbhíse infheistíochta a thuiscint agus an cineál sonracha ionstraime airgeadais atá á thairiscint a thuiscint agus, dá bhrí sin, cinntí infheistíochta a dhéanamh ar bhonn eolasach. I gcás nach gceanglaítear leis an Treoir seo go n-úsáidfear formáid chaighdeánaithe chun an fhaisnéis sin a sholáthar, féadfaidh na Ballstáit a cheangal go soláthrófar an fhaisnéis sin i bhformáid chaighdeánaithe.’;

(g) cuirtear na míreanna 5b agus 5c seo a leanas isteach:

‘5b. Déanfaidh ESMA, faoin [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe], i gcás inar gá ar bhonn réamhthástála tomhaltóirí agus tionscail, agus tar éis dó dul i gcomhairle le ÚEÁPC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun cúnaimh a thabhairt do ghnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn aon fhaisnéis do chliaint mhiondíola i bhformáid leictreonach chun nochtuithe den sórt sin a dhearadh ar bhealach oiriúnach don ghnáthchomhalta den ghrúpa ar a bhfuil siad dírithe, agus déanfaidh sé na caighdeáin sin a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta.

Sonrófar an méid seo a leanas sna dréachtchaighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fomhír:

(a) cur i láthair agus formáid na nochtáí i bhformáid leictreonach, i bhfianaise na ndearaí agus na mbealaí éagsúla a d’fhéadfadh gnólachtaí infheistíochta a úsáid chun a gcliaint nó a gcliaint ionchasacha a chur ar an eolas;

(b) na coimircí is gá chun inseoltacht agus inrochtaineacht na faisnéise a áirithiú, gan beann ar an bhfeiste a úsáideann an cliant;

(c) na coimircí is gá chun in-aisghabhálacht éasca na faisnéise a áirithiú agus chun stóráil faisnéise ag cliaint i meán marthanach a éascú.’



*Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo].*

*Tarmligtear an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*

5c. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh gnólachtaí infheistíochta rabhaidh iomchuí ar taispeáint in ábhair faisnéise, lena n-áirítear cumarsáidí margaíochta, arna soláthar do chliaint mhiondíola nó do chliaint mhiondíola ionchasacha, chun foláireamh a thabhairt maidir leis na rioscaí sonracha a bhaineann le cailleanais fhéideartha a eascraíonn as ionstraimí airgeadais a bhfuil riosca faoi leith ag baint leo nó atá casta go háirithe.

Déanfaidh ESMA, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla agus leis na geallsealbhóirí faoin [18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe], dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir leis an gcoincheap ionstraimí airgeadais a bhfuil riosca an-mhór ag baint leo nó ionstraimí casta airgeadais, agus tabharfaidh sé cothrom le dáta iad go tréimhsiúil. Leis na caighdeáin theicniúla rialála sin, tabharfar tuairisc ar na saintréithe a bhaineann le táirgí airgeadais a bhfuil riosca an-mhór ag baint leo nó atá sách casta agus lena dtugtar údar iad a chur faoi réir na rabhadh riosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála freisin, chun formáid agus ábhar na rabhadh riosca sin do chliaint mhiondíola a shonrú tuilleadh, agus aird chuí á tabhairt ar shainiúlachtaí na gcineálacha éagsúla ionstraimí airgeadais, agus ar na cineálacha cumarsáide.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá

dtagraítear sa dara fomhír agus sa tríú fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Déanfaidh ESMA faireachán ar chur chun feidhme comhsheasmhach na rabhadh riosca ar fud an Aontais. I gcás ábhair inní maidir le húsáid, nó easpa úsáide nó maoirseachta ar úsáid na rabhadh riosca den sórt sin i mBallstáit, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a fheidhmiú ar chosaint na n-infheisteoirí, féadfaidh ESMA, tar éis dó dul i gcomhairle leis na húdaráis inniúla lena mbaineann, úsáid na rabhadh riosca ag gnólachtaí infheistíochta a fhorchur.';

**(ga) i mír 7, leasaítear pointe (b) mar seo a leanas:**

***'(b) gan táillí, coimisiúin ná aon sochair airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta a íocann nó a sholáthraíonn aon tríú páirtí nó duine atá ag gníomhú thar ceann tríú páirtí i ndáil le soláthar na seirbhíse do chliaint a ghlacadh ná a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 24a. Mionsochair neamhairgeadaíochta, atá in ann feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil do chliant, agus de scála agus de chineál nach bhféadfaí a mheas go gcuireann siad isteach ar chomhlíonadh dhualgas an ghnólachta infheistíochta gníomhú ar mhaithe le leas an chliaint nó ar lú a luach iomlán ná EUR 100 in aghaidh na bliana, nochtfar go soiléir iad agus eisiafar iad ón bpointe seo.'***

█

(i) scriostar míreanna 8, 9 agus 9a;

**(ia) i mír 12, leasaítear an chéad fhomhír mar seo a leanas:**

***'Féadfaidh na Ballstáit, i gcásanna eisceachtúla, ceanglais bhreise a fhorchur ar ghnólachtaí infheistíochta maidir leis na hábhair a chumhdaítear le hAirteagail 24 agus 24ce. Ní mór údar oibiachtúil a bheith le ceanglais den sórt sin agus ní mór na ceanglais sin a bheith comhréireach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí sonracha do chosaint infheisteora nó do shláine an mhargaidh a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo i ndalaí struchtúr margaidh an Bhallstáit sin.'***

(j) i mír 13, leasaítear an chéad fhomhír mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 89 chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh gnólachtaí infheistíochta na prionsabail atá leagtha amach san Airteagal seo agus seirbhísí infheistíochta nó seirbhísí coimhdeacha á gcur ar fáil dá gcliaint, lena n-áireofar.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (d):

‘(d) na critéir chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na ngnólachtaí a sholáthraíonn comhairle infheistíochta do chliaint mhiondíola, leis an oibleagáid gníomhú ar mhaithe le leas a gcliaint mar a leagtar amach i míreanna 1 agus 1a.’;

(13) cuirtear na hAirteagail 24a, 24b, 24c agus 24d seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 24a*

#### **Aslaigh**

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach nglacfaidh agus nach gcoimeádfaidh gnólachtaí infheistíochta, agus bainistiú punainne á soláthar acu, táillí, coimisiúin nó aon sochair airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta, arna n-íoc nó arna soláthar ag aon tríú páirtí nó duine atá ag gníomhú thar ceann tríú páirtí i ndáil leis an tseirbhís a sholáthar do chliaint.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis na sochair bheaga neamhairgeadaíochta ar lú a luach iomlán ná EUR 100 sa bhliain ná maidir le scála agus cineál a fhágann nach bhféadfaí a mheas go gcuireann siad isteach ar chomhlíonadh dhualgas an ghnólachta infheistíochta gníomhú ar mhaithe le leas an chliaint, ar choinníoll gur nochtadh go soiléir don chliant iad.

6. Má sholáthraíonn tríú páirtithe taighde do ghnólacht infheistíochta a sholáthraíonn bainistíocht punainne nó seirbhísí infheistíochta nó coimhdeacha eile do chliaint, measfar go gcomhlíonann sé na hoibleagáidí faoi Airteagal 24(1) más rud é:

(a) rinneadh comhaontú idir an gnólacht infheistíochta agus soláthraí seirbhísí taighde agus forghníomhaithe tríú páirtí, lena mbunaítear modheolaíocht le haghaidh luacha saothair, lena n-áirítear an chaoi a gcuirtear costas iomlán an taighde san áireamh go ginearálta agus na muirir iomlána le haghaidh seirbhísí infheistíochta á mbunú;

- (b) *go gcuirfidh an gnólacht infheistíochta a bheartas maidir le híocaíochtaí ar leithligh nó comhpháirteacha, de réir mar a bheidh, i leith seirbhísí forghníomhaithe agus taighde tríú páirtí ar fáil dá chliant, lena n-áirítear an cineál faisnéise a fhéadfar a sholáthar i ngach cás agus, i gcás inarb ábhartha, conas a dhéanann an gnólacht infheistíochta coinbhleachtaí leasa a chosc nó a bhainistiú de bhun Airteagal 23 agus íocaíochtaí comhpháirteacha á soláthar aige as seirbhísí forghníomhaithe agus taighde;*
- (c) *déanann an gnólacht infheistíochta measúnú, ar bhonn bliantúil, ar cháilíocht, ar inúsáidteacht agus ar luach an taighde a úsáidtear, chomh maith le cumas an taighde a úsáidtear chun rannchuidiú le cinntí infheistíochta níos fearr; Féadfaidh ESMA treoirínte a fhorbairt do ghnólachtaí infheistíochta chun na measúnuithe sin a dhéanamh.*

Chun críche an Airteagail seo, tuigfead go gcumhdaítear le taighde ábhar taighde nó seirbhísí taighde a bhaineann le hionstraim airgeadais amháin nó roinnt ionstraimí airgeadais nó sócmhainní eile, nó eisiitheoirí nó eisiitheoirí ionchasacha ionstraimí airgeadais, nó go gcumhdaítear leis ábhar nó seirbhísí taighde a bhfuil dlúthbhaint acu le tionscal nó margadh ar leith sa chaoi go bhfuil sé ina bhonn le dearthaí i leith ionstraimí airgeadais, sócmhainní nó eisiitheoirí sa tionscal sin nó sa mhargadh sin.

Is éard a bheidh i dtaighde freisin ná ábhar nó seirbhísí lena moltar straitéis infheistíochta go sainráite nó go hintuigthe agus lena dtugtar tuairim chuí-réasúnaithe ar luach nó praghas reatha nó todhchaíoch ionstraimí nó sócmhainní airgeadais, nó ina bhfuil anailís agus léargas úrnua ar shlí eile agus ina dtagtar ar chonclúidí bunaithe ar fhaisnéis nua nó ar fhaisnéis atá ann cheana a d'fhéadfaí a úsáid chun faisnéis a chur ar fáil ar mhaithe le straitéis infheistíochta agus chun bheith ábhartha agus in ann luach a chur le cinntí an ghnólachta infheistíochta thar ceann na gcliant a mhuirearaítear as an taighde sin.

7. I gcás nach mbeidh toirmeasc ar an ngnólacht infheistíochta táillí nó tairbhí a fháil ó thríú páirtí nó a íoc le tríú páirtí, i gceangal leis na seirbhísí a sholáthraítear dá cliant, áiritheoidh sé nach lagóidh fáil nó íoc ná dtáillí nó na dtairbhí sin comhlíontacht leis an dualgas atá ar an ngnólacht infheistíochta gníomhú go macánta, go cóir agus go gairmiúil i gcomhréir le leas a chliant. Nochtfar go bhfuil íocaíocht (íocaíochtaí) tríú páirtí den sórt sin ann agus cineál agus méid na híocaíochta (na n-íocaíochtaí) sin i gcomhréir le hAirteagal 24b(1).

I gcás inarb infheidhme, cuirfidh an gnólacht infheistíochta an cliant ar an eolas freisin maidir le sásraí chun an táille, an coimisiún, an sochar airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta a fuarthas i ndáil le soláthar na hinfeistíochta nó na seirbhíse coimhdí a aistriú chuig an gcliant.

Níl an íocaíocht ná an sochar lena gcumasaítear seirbhísí infheistíochta a sholáthar nó atá riachtanach chun seirbhísí infheistíochta a sholáthar, amhail costais choimeádta, táillí socraíochta agus malartaithe, tobhaigh rialála nó táillí dlí, agus de bharr a nádúir nach féidir leo a bheith i gcoimhlint le dualgais an ghnólachta infheistíochta gníomhú go macánta, go cothrom agus go gairmiúil ar mhaithe le leasanna a chuid cliant, faoi réir na gceanglas a leagtar amach sa chéad fhomhír.

#### *Airteagal 24b*

#### **Faisnéis maidir le costais, muirir ghaolmhara agus íocaíochtaí tríú páirtí**

1. In am trátha sula soláthrófar aon seirbhís infheistíochta agus aon seirbhís choimhdeach, agus in am trátha sula dtabharfar aon idirbheart i ndáil le hionstraimí airgeadais i gcrích, áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh gnólachtaí infheistíochta an fhaisnéis, san fhormaid a cheanglaítear, do chliant nó do chliant ionchasacha maidir leis na costais, na muirir ghaolmhara agus na híocaíochtaí tríú páirtí uile a bhaineann leis na seirbhísí, na hionstraimí airgeadais nó na hidirbhearta sin.

*Déanfar faisnéis faoi chostais agus faoi muirir, nach é tarlú an riosca margaidh foluiteach is cúis leo, a chomhiomlánú. Cuirfidh gnólachtaí infheistíochta a gcliant ar an eolas go sainráite faoin gceart atá acu miondealú mionsonraithe a iarraidh agus soláthróidh siad miondealú mionsonraithe den sórt sin nuair a iarrann an cliant sin. Áireofar na nithe uile seo a leanas san fhaisnéis maidir leis na costais, na muirir ghaolmhara agus na híocaíochtaí tríú páirtí sin:*

- (a) gach muirear sainráite agus intuigthe, agus gach muirear gaolmhar, lena n-áirítear na costais agus na muirir uile a bhaineann le dáileadh na hionstraime airgeadais, agus costas na comhairle, i gcás inarb ábhartha, arna ngearradh ag na gnólachtaí infheistíochta nó ag na páirtithe eile i gcás inar díróidh an cliant chuig na páirtithe

eile sin, le haghaidh na seirbhísí infheistíochta agus/nó na seirbhísí coimhdeacha a sholáthraítear don chliant nó don chliant ionchasach;

- (b) na costais agus na muirir ghaolmhara uile a bhaineann le monarú agus bainistiú aon ionstraimé airgeadais a mholtar nó a mhargaítear don chliant nó do chliant ionchasach;
- (c) aon íocaíocht tríú páirtí arna híoc nó arna fáil ag an ngnólacht i gceangal leis na seirbhísí infheistíochta a sholáthraítear don chliant nó do chliant ionchasach;
- (d) roghanna maidir leis an gcaoi a bhféadfaidh an cliant íoc astu.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta an fhaisnéis faoi na costais agus na muirir ghaolmhara uile a chomhiomlánú chun a chur ar chumas an chliant miondíola costas foriomlán na n-ionstraimí airgeadais a thuiscint. I gcás cliant mhiondíola, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta an costas foriomlán a shloinneadh i dtéarmaí airgeadaíochta agus céatadáin arna ríomh thar na tréimhsí seo a leanas:

- i gcás ionstraimí airgeadais atá pacáistithe ina dtáirgí infheistíochta miondíola, thar an tréimhse shealbhaíochta atá molta ag an ngnólacht infheistíochta,
- *i gcás ionstraimí airgeadais eile, go dtí dáta aibíochta na hionstraimé airgeadais;*
- *i gcás ionstraimí airgeadais gan dáta aibíochta, agus nach táirgí infheistíochta miondíola pacáistithe iad, thar thréimhse shealbhaíochta bliana.*

***Beidh míniú iomchuí ag gabháil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear sa dara fómhír, pointí (a) go (c), i dteanga chaighdeánach intuigthe do chliant miondíola, ar thionchar na gcostas, na muirear agus aon íocaíochtaí tríú páirtí ar an toradh ionchasach.***

Na híocaíochtaí tríú páirtí arna n-íoc nó arna bhfáil ag an ngnólacht infheistíochta i gceangal leis an tseirbhís infheistíochta a sholáthraítear don chliant, miondealófar ar leithligh iad. Nochtfaidh an gnólacht infheistíochta an tionchar carnach ag íocaíochtaí tríú páirtí den sórt sin, lena n-áirítear aon íocaíocht tríú páirtí athfhillteach, ar an nglantoradh i gcaitheamh na tréimhse sealbhaíochta mar a luaitear san fhomhír roimhe seo. Déanfar cuspóir na n-

íocaíochtaí tríú páirtí agus a dtionchar ar an nglantoradh a mhíniú ar bhealach caighdeánaithe agus i dteanga intuigthe do chliant miondíola.

I gcás nach féidir méid na n-íocaíochtaí tríú páirtí a fhionnadh sula soláthrófar an infheistíocht ábhartha nó an tseirbhís choimhdeach, déanfar modh ríofa an mhéid a nochtadh go soiléir don chliant miondíola ar bhealach atá intuigthe, cruinn agus sothuigthe do chliant miondíola. ***Cuirfidh an gnólacht faisnéis ar fáil dá chliant freisin maidir le méid beacht na n-íocaíochtaí tríú páirtí a fuarthas nó a íocadh ar bhonn ex-post.***

2. Déanfaidh ESMA, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚEÁPC agus tar éis dó tástáil tomhaltóirí agus tionscail a dhéanamh, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an méid seo a leanas ar fad a shonrú:

- (a) an fhormáid ábhartha maidir le haon chostais, muirir ghaolmhara agus íocaíochtaí tríú páirtí a bheith á soláthar ag an ngnólacht infheistíochta dá chliant miondíola nó dá chliant miondíola ionchasach, sula soláthrófar aon seirbhísí infheistíochta, seirbhísí coimhdeacha, agus sula dtabharfar aon idirbheart maidir le hionstraimí airgeadais i gcrích;
- (b) an téarmaíocht chaighdeánach, agus mínithe gearra agus achomaire gaolmhara, atá le húsáid ag gnólachtaí infheistíochta chun aon chostais, muirir ghaolmhara, agus íocaíochtaí tríú páirtí a nochtadh agus a ríomh, ar costais iad a ghearrann gnólachtaí, go díreach nó go hindíreach, ar an gcliant miondíola nó ar an gcliant miondíola ionchasach, i ndáil le haon seirbhís infheistíochta nó seirbhísí infheistíochta nó seirbhís choimhdeach nó seirbhísí coimhdeacha a sholáthar agus ionstraimí airgeadais a mhonarú agus a bhainistiú, a bheidh le moladh nó le margú don chliant miondíola nó don chliant miondíola ionchasach. Áiritheofar leis na mínithe gur dócha go dtuigfidh aon chliant miondíola iad gan eolas sonrath ar ionstraimí airgeadais.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála

sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

3. I gcás ina dtabharfar an comhaontú chun ionstraim airgeadais a cheannach nó a dhíol i gcrích trí úsáid a bhaint as modh cianchumarsáide lena gcuirtear cosc ar an bhfaisnéis maidir le costais, muirir agus íocaíochtaí tríú páirtí a sheachadadh roimh ré, féadfaidh an gnólacht infheistíochta an fhaisnéis maidir le costais, muirir agus íocaíochtaí tríú páirtí a sholáthar i bhformáid leictreonach nó ar pháipéar, arna iarraidh sin ag cliant miondíola, gan moill mhíchúí tar éis an t-idirbheart a thabhairt i gcrích, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) gur thoiligh an cliant an fhaisnéis a fháil gan moill mhíchúí tar éis an t-idirbheart a thabhairt i gcrích;
- (b) gur thug an gnólacht infheistíochta an rogha don chliant moill a chur ar thabhairt i gcrích an idirbhirt go dtí go mbeidh an fhaisnéis faighte ag an gcliant.

Ceanglófar ar an ngnólacht infheistíochta an rogha a thabhairt don chliant an fhaisnéis maidir le costais agus muirir a fháil ar an bhfón sula dtabharfar an t-idirbheart i gcrích.

4. Gan dochar do cheanglais eile atá bainteach le seirbhísí bainistíochta punainne, i gcás ina mbeidh seirbhís infheistíochta á soláthar do chliant miondíola in éineacht le seirbhís cumhdaigh agus riaracháin i leith ionstraimí airgeadais do chuntas an chliant miondíola, soláthróidh an gnólacht infheistíochta, i gceangal leis na hionstraimí sin, ráiteas bliantúil dá chliant miondíola ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas arna cur in iúl i dtéarmaí airgeadaíochta agus i gcéatadáin:

- (a) na costais agus na muirir ghaolmhara intuigthe agus shainráite uile arna n-íoc go bliantúil ag an gcliant miondíola i ndáil leis an bpunann iomlán, agus dealú ann idir:
  - (i) na costais atá bainteach le haon seirbhís infheistíochta nó choimhdeach, mar is infheidhme, arna soláthar ag an ngnólacht infheistíochta don chliant miondíola;
  - (ii) na costais atá bainteach le hionstraimí airgeadais arna sealbhú ag an gcliant miondíola a mhonarú agus a bhainistiú;
  - (iii) más ann dóibh, na híocaíochtaí arna bhfáil ag an ngnólacht ó thríú páirtithe, nó arna n-íoc ag an ngnólacht le tríú páirtithe, i gceangal leis na seirbhísí infheistíochta a sholáthraítear don chliant miondíola;



- (b) an méid iomlán díbhinní, úis agus íocaíochtaí eile arna fháil go bliantúil ag an gcliánt miondíola i ndáil leis an bpunann iomlán;
- (c) na cánacha iomlána, arna n-íoc ag an gcliánt miondíola i ndáil leis an bpunann iomlán;
- (d) margadhluach bliantúil gach ionstraime airgeadais a áirítear i bpunann an chliánt miondíola, nó an luach measta i gcás nach mbeidh an margadhluach ar fáil;
- (e) glanfheidhmíocht bhliantúil phunann an chliánt miondíola agus glanfheidhmíocht bhliantúil gach ceann de na hionstraimí airgeadais a áirítear sa phunann sin.

I gcás ina mbeidh seirbhís infheistíochta á soláthar gan seirbhís cumhdaigh agus riaracháin i leith ionstraimí airgeadais do chuntas an chliánt miondíola, soláthróidh an gnólacht infheistíochta ráiteas bliantúil lena n-áirítear faisnéis is infheidhme maidir le pointe (a).

I gcás ina mbeidh seirbhís cumhdaigh agus riaracháin i leith ionstraimí airgeadais do chuntas an chliánt miondíola á soláthar go heisiach, soláthróidh an gnólacht infheistíochta ráiteas bliantúil lena n-áirítear faisnéis is infheidhme maidir le pointe (a), (b), (c) agus (d).

Cuirfidh gnólachtaí infheistíochta cliánt mhiondíola ar an eolas go sainráite faoin bhféidearthacht miondealú mionsonraithe a iarraidh ar an bhfaisnéis dá dtagraítear faoi phointe (a) go pointe (c) thuas in aghaidh na hionstraime airgeadais atá faoi úinéireacht le linn na tréimhse ábhartha agus soláthróidh siad miondealú mionsonraithe den sórt sin nuair a iarrann an cliánt sin. ***Nuair is gá do roinnt gnólachtaí infheistíochta ráiteas bliantúil a sholáthar don chliánt, is leor ráiteas amháin a sholáthar ina bhfuil an fhaisnéis uile dá bhforáiltear sa dara agus sa tríú fomhír.***

***Gan dochar don cheanglas sa mhír seo, i gcás nach mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar tháirge sonracha chun ráiteas bliantúil a tharraingt suas, ní bheidh na ceanglais maidir leis an ráiteas bliantúil infheidhme ach amháin maidir le conarthaí a thabharfar i gcrích tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach... / .... [Cuir isteach uimhir na Treorach leasaithe seo].***

Cuirfear an ráiteas bliantúil maidir le costais agus feidhmíocht do chliánt mhiondíola i láthair ar bhealach atá éasca do ghnáthchliánt miondíola a thuiscint. Cuirfear faisnéis maidir le

costais, muirir ghaolmhara agus aon íocaíochtaí tríú páirtí i láthair trí úsáid a bhaint as an téarmaíocht agus na mínithe agus as an modheolaíocht ríofa a shonraítear sna caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

5. Nuair a iarrann an cliant miondíola sin, ní gá an ráiteas bliantúil dá dtagraítear i mír 4 a sholáthar má thugann an gnólacht infheistíochta rochtain ar chóras ar líne dá chliant mhiondíola, a cháilíonn mar mheán marthanach, i gcás inar féidir leis an gcliant miondíola rochtain a fháil go héasca ar ráitis cothrom le dáta leis an nochtadh ábhartha in aghaidh na hionstraim mar a cheanglaítear faoi mhír 4 agus go bhfuil fianaise ag an ngnólacht go bhfuair an cliant rochtain ar na ráitis sin uair sa bhliain ar a laghad.

#### *Airteagal 24c*

### **Cumarsáid agus Cleachtais Mhargaíochta**

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cumarsáid mhargaíochta in-sainaitheanta go soiléir mar chumarsáid mhargaíochta agus go sainaitheofar go soiléir léi na gnólachtaí infheistíochta atá freagrach as a hinneachar agus a dáileadh, gan beann ar cé acu go díreach nó go hindíreach a dhéanann an gnólacht infheistíochta an chumarsáid.
2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cumarsáidí margaíochta a fhorbairt, a dhearadh agus a sholáthar ar bhealach atá cóir, soiléir, nach bhfuil míthreorach, cothrom ó thaobh cur i láthair na sochar agus na rioscaí de, agus iomchuí i dtéarmaí ábhair agus bealaí dáileacháin do chliant an spriocmhargaidh agus i gcás ina mbaineann siad le hionstraim airgeadais shonrach don spriocmhargadh a shainithnítear de bhun Airteagal 24(2).

Leis an gcumarsáid mhargaíochta uile, cuirfear i láthair ar bhealach feiceálach gonta saintréithe fíor-riachtanacha na n-ionstraimí airgeadais nó na seirbhísí infheistíochta agus seirbhísí coimhdeacha gaolmhara dá dtagraíonn sí.

***Beidh rochtain ar an bhfaisnéis, ag brath ar shaintréithe an mheáin, trí thaispeántas neadaithe, scrolla os a chionn, trí chód QR, nó a leithéid.***

Le cur i láthair shaintréithe sár-riachtanacha na n-ionstraimí airgeadais agus na seirbhísí airgeadais a chuirtear ar fáil sna cumarsáidí margaíochta a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil do chliant mhiondíola nó do chliant mhiondíola ionchasacha, áiritheofar gur féidir leo príomhghnéithe na n-ionstraimí airgeadais nó na seirbhísí airgeadais a thuiscint go héasca chomh maith leis na costais agus na príomhrioscaí a bhaineann leo.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cleachtais mhargaíochta a fhorbairt agus a úsáid ar bhealach atá cothrom agus nach bhfuil míthreorach, agus beidh siad iomchuí don spriocmhargadh. ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na gnólachtaí infheistíochta a dhéanann próifiliú ar dhaoine aonair chun críche na míre seo Rialachán (EU) 2016/679 a chomhlíonadh go hiomlán.***

4. I gcás ina ndéanfaidh monaróir ionstraim airgeadais cumarsáid mhargaíochta a ullmhú agus a sholáthar a bheidh le húsáid ag dáileoir, is é an monaróir a bheidh freagrach as inneachar cumarsáide margaíochta den sórt sin agus as é a thabhairt cothrom le dáta. Beidh an dáileoir freagrach as úsáid na cumarsáide margaíochta sin agus áiritheoidh sé go n-úsáidfear í le haghaidh an spriocmhargaidh shainaitheanta, agus lena aghaidh sin amháin, agus i gcomhréir leis an straitéis dáileacháin a shainaitheann don spriocmhargadh.

I gcás ina ndéanann gnólacht infheistíochta a thairgeann nó a mholann ionstraimí airgeadais nach ndéanann sé a mhonarú, a chumarsáid mhargaíochta féin a eagrú, beidh sé lánfhreagrach as a inneachar iomchuí, a nuashonrú agus a úsáid, i gcomhréir leis an spriocmhargadh sainaitheanta agus go háirithe i gcomhréir le catagóiríú aitheanta an chliaint.

***4a. I gcás ina n-úsáideann gnólacht infheistíochta seirbhísí tionchairí airgeadais, déanfaidh an gnólacht infheistíochta sin an méid seo a leanas:***

***(a) comhaontú i scríbhinn a bhunú leis an tionchaire airgeadais lena gcinnfear cineál agus raon feidhme na gníomhaíochta atá le déanamh thar ceann an ghnólachta;***

***(b) arna iarraidh sin, céannacht agus sonraí teagmhála an tionchaire airgeadais, a bhfuil sé ag brath ar a sheirbhísí, a sholáthar don údarás inniúil;***

***(c) a fhíorú go rialta an gcomhlíonann gníomhaíocht an tionchaire airgeadais a bhfuil sé ag brath ar a sheirbhísí, mír 1 go mír 4.***

5. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh gnólachtaí infheistíochta tuarascálacha bliantúla do chomhlacht bainistíochta an ghnólachta maidir le húsáid cumarsáide agus straitéisí margaíochta atá dírithe ar chleachtais mhargaíochta, comhlíonadh na n-oibleagáidí ábhartha maidir le cumarsáidí agus cleachtais mhargaíochta faoin Treoir seo agus maidir le haon neamhrialtachtaí a chuirtear in iúl agus réitigh bheartaithe.

6. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le húdaráis inniúla náisiúnta gníomhú go tráthúil agus go héifeachtach maidir le haon chumarsáid mhargaíochta a scaiptear ina gcríoch nó maidir le

cleachtas margáíochta a tharlaíonn ina gcíoch féin agus nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i mír 1 go mír 3.

7. Ar na taifid atá le coimeád ag an ngnólacht infheistíochta de réir Airteagal 16(6) áireofar an chumarsáid mhargaíochta uile arna soláthar nó arna déanamh inrochtana do chliaint mhiondíola nó do chliaint mhiondíola ionchasacha ag an ngnólacht infheistíochta nó ag aon tríú páirtí dá dtugann an gnólacht infheistíochta luach saothair nó dreasacht trí chúiteamh neamhairgeadaíochta.

***Coinneofar taifid den sórt sin ar feadh ré an chaidrimh idir an gnólacht infheistíochta agus an custaiméir ar a laghad.*** Beidh na taifid sin in-aisghafa ag an ngnólacht infheistíochta arna iarraidh sin ag údarás inniúil.

Beidh na nithe uile seo a leanas san áireamh sna taifid dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

- (a) inneachar na cumarsáide margáíochta;
- (b) mionsonraí maidir leis an meán a úsáidtear le haghaidh na cumarsáide margáíochta;
- (c) dáta agus fad ama na cumarsáide margáíochta, lena n-áirítear amanna ábhartha tosaigh agus críochnaithe;
- (d) deighleoga nó cinnitigh próifílithe cliant miondíola a spriocdhírítear orthu;
- (e) na Ballstáit ina gcuirtear an chumarsáid mhargaíochta ar fáil;
- (f) sainaitheantas aon tríú páirtí atá bainteach le scaipeadh na cumarsáide margáíochta.

Sna taifid den sainaitheantas sin dá dtagraítear i bpointe (f) beidh ainmneacha dlíthiúla, seoltaí cláraithe, mionsonraí teagmhála agus, i gcás inarb ábhartha, leasainm meán sóisialta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanach lena mbaineann.

8. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 89 chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na nithe seo a leanas a shonrú:
  - (a) saintréithe fíor-riachtanacha na hionstraimé airgeadais (na n-ionstraimí airgeadais) nó na seirbhíse infheistíochta agus coimhdí (na seirbhísí infheistíochta agus coimhdeacha) a bheidh le nochtadh i ngach cumarsáid mhargaíochta lena spriocdhírítear ar chliaint mhiondíola nó ar chliaint mhiondíola ionchasacha agus aon chritéar ábhartha eile chun a áirithiú go dtaispeánfar na saintréithe fíor-

riachtanacha sin ar bhealach feiceálach agus go mbeidh siad inrochtana go héasca ag gnáthchliant miondíola, gan beann ar an modh cumarsáide;

- (b) na coinníollacha ba cheart a chomhlíonadh le cumarsáid agus cleachtais mhargaíochta chun go mbeidh siad cóir, soiléir agus cothrom agus nach mbeidh siad míthreorach i dtéarmaí cur i láthair buntáistí, chostais agus rioscaí, agus iomchuí i dtéarmaí inneachair agus slabhraí dáilte don spriocphobal nó, i gcás inarb infheidhme, don spriocmhargadh.

#### *Airteagal 24d*

### **Ceanglais ghairmiúla**

1. Daoine nádúrtha a thugann comhairle infheistíochta nó faisnéis maidir le hionstraimí airgeadais, seirbhísí infheistíochta nó seirbhísí coimhdeacha do chliant thar ceann an ghnólachta infheistíochta, ceanglóidh na Ballstáit ar ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú agus a léiriú d'údaráis inniúla nuair a iarrann siad sin, go bhfuil an t-eolas agus an inniúlacht is gá ag na daoine sin chun a n-oibleagáidí faoi Airteagail 24, 24a, 24b, 24c agus Airteagal 25 a chomhlíonadh agus go gcoinníonn siad an t-eolas agus an inniúlacht sin ar bun agus go dtugann siad cothrom le dáta iad trí fhorbairt agus oiliúint ghairmiúil thráthrialta a dhéanamh lena n-áirítear oiliúint shonrach i gcás ina mbeidh ionstraimí airgeadais agus seirbhísí infheistíochta nua á gcur ar fáil ag an ngnólacht. Beidh na critéir atá le húsáid chun measúnú éifeachtach a dhéanamh ar an eolas agus an inniúlacht sin i bhfeidhm agus foilsithe ag na Ballstáit.

2. Chun críoch mhír 1, daoine nádúrtha a thugann comhairle infheistíochta do chliant thar ceann an ghnólachta infheistíochta, ceanglóidh na Ballstáit ar ghnólachtaí infheistíochta a áirithiú agus a léiriú d'údaráis inniúla nuair a iarrann siad sin, go bhfuil ag na daoine sin agus go gcoinníonn siad ar bun an t-eolas agus an inniúlacht a leagtar amach in Iarscríbhinn V, ar a laghad, agus go ndéanann siad 15 uair an chloig ar a laghad d'oiliúint agus forbairt ghairmiúil in aghaidh na bliana, le linn uaireanta oibre. ***Beidh sásraí i bhfeidhm agus foilsithe ag na Ballstáit chun rialú éifeachtach agus measúnú a dhéanamh ar eolas agus inniúlacht daoine nádúrtha a thugann comhairle infheistíochta do chliant thar ceann ghnólachtaí infheistíochta. Sainmhíneofar leis na sásraí, go háirithe, na cásanna ina mbeidh gá le huaireanta breise oiliúna gairmiúla agus forbartha gairmiúla ó na daoine sin thar an íosmhéid 15 uair an chloig in aghaidh na bliana, bunaithe ar an measúnú ar eolas agus ar inniúlacht. Déanfaidh údaráis inniúla náisiúnta líon iomchuí uaireanta an chloig d'oiliúint ghairmiúil a leithdháileadh ar an eolas íosta is gá***

*maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaithe lena rannchuidítear le cuspóir comhshaoil nó sóisialta, lena n-áirítear conas tosca inbhuanaitheachta agus sainroghanna inbhuanaitheachta na gcliant a mheas agus a chomhtháthú sna próisis chomhairleacha. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh gur féidir a mheas go bhfuil an ghairmoiliúint leanúnach a fuarthas agus a éilítear mar chuid de cháilíocht ghairmiúil eile bailí. CFéadfaidh na Ballstáit a cheangal go mbeidh comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Iarscríbhinn V chomh maith le cur i gcrích rathúil bliantúil na hoiliúna gairmiúla leanúnaí agus na forbartha gairmiúla leanúnaí cruthaithe le teastas nó le haon doiciméad eile a aithníonn an tAontas nó Ballstát.*

Cumhachtaítear an Coimisiún an Treoir seo a leasú trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 89 chun athbhreithniú a dhéanamh, i gcás inar gá, ar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn V.;

(14) Leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

‘1. Déanfaidh an gnólacht infheistíochta measúnú ar oiriúnacht nó iomchuíbheas na hionstraime (na n-ionstraimí) airgeadais nó na seirbhísí infheistíochta nó an idirbhirt (na n-idirbheart) ábhartha atá le moladh dá chliant nó dá chliant ionchasach nó arna n-éileamh ag an gcliant in am trátha i) sula soláthrófar an chomhairle infheistíochta nó an bainistiú punainne nó ii) sula bhforghníomhófar an t-ordú nó sula ndéanfar é a fháil agus a tharchur faoi seach. Cinnfear gach ceann de na measúnuithe sin ar bhonn faisnéise maidir leis an gcliant nó leis an gcliant ionchasach mar a fhaigheann an gnólacht infheistíochta í, i gcomhréir leis na ceanglais thíos.

Áiritheoidh an gnólacht infheistíochta go míneofar an measúnú oiriúnachta nó iomchuíbhis don chliant nó don chliant ionchasach sula n-iarrfar aon fhaisnéis air. Tabharfar rabhadh do na cliaint agus na cliaint ionchasacha maidir leis na hiarmhairtí seo a leanas:

(a) imreoidh soláthar faisnéise míchruinne nó neamhiomláine tionchar diúltach ar cháilíocht an mheasúnaithe atá le déanamh ag an ngnólacht infheistíochta;

- (b) cuirfidh easpa faisnéise cosc ar an ngnólacht infheistíochta a chinneadh an bhfuil an tseirbhís nó an ionstraim airgeadais atá beartaithe oiriúnach nó iomchuí dóibh agus dul ar aghaidh leis an moladh nó le forghníomhú ordú an chliant. Soláthrófar an míniú agus an rabhadh sin i bhformáid chaighdeánaithe.

Arna iarraidh sin ag an gcliant miondíola, soláthróidh an gnólacht infheistíochta tuarascáil dó maidir leis an bhfaisnéis a bailíodh chun críoch an mheasúnaithe oiriúnachta nó iomchuibhis. Cuirfear an tuarascáil sin i láthair i bhformáid chaighdeánaithe.

Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an míniú agus an rabhadh dá dtagraítear i mír 1, an dara fómhír, a chinneadh, agus chun formáid agus inneachar na tuarascála dá dtagraítear i mír 1, an tríú fómhír, a chinneadh.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear thuas sa ceathrú fómhír den mhír seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

2. Faoi réir an dara fómhír, agus comhairle infheistíochta nó seirbhísí bainistithe punainne á soláthar aige, gheobhaidh an gnólacht infheistíochta an fhaisnéis is gá maidir le heolas agus taithí an chliant nó an chliant ionchasaigh i réimse na hinfeistíochta atá ábhartha maidir leis an gcineál sonratháirge nó seirbhíse agus staid airgeadais an chliant, lena n-áirítear,
- a mhéid a nochtfaidh an cliant é arna iarraidh sin ag an ngnólacht, comhdhéanamh aon phunann atá ann cheana,
  - a chumas cailiteanais iomlána nó pháirteacha a sheasamh,
  - riachtanais agus cuspóirí infheistíochta lena n-áirítear sainroghanna inbhuanaitheachta, más ann dóibh, agus
  - lamháltas riosca, ionas gur féidir leis an ngnólacht infheistíochta a mholadh don chliant nó don chliant ionchasach na seirbhísí infheistíochta nó na hionstraimí

airgeadais atá oiriúnach don duine sin, agus, go háirithe, atá i gcomhréir lena lamháltas riosca, lena chumas caillteanais a sheasamh, lena roghanna inbhuanaitheachta agus leis an ngá atá ann punann a éagsúlú.

***Cuireann gnólachtaí infheistíochta in iúl do chliant go bhfuil cineálacha éagsúla comhairle infheistíochta ann. Ar an bhforas sin, is féidir le cliant cinneadh a dhéanamh cén cineál comhairle is mian leo a fháil.***

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina soláthraíonn gnólacht infheistíochta comhairle infheistíochta lena moltar pacáiste seirbhísí nó táirgí atá cuachta de bhun Airteagal 24(11), gur oiriúnach é an pacáiste cuachta foriomlán.

I gcás ina mbeidh comhairle infheistíochta nó bainistiú punainne lena mbaineann aistriú ionstraimí airgeadais á soláthar, gheobhaidh gnólachtaí infheistíochta an fhaisnéis is gá maidir le hinfeistíocht an chliant agus déanfaidh siad anailís ar na costais agus na tairbhí a bhaineann le haistriú ionstraimí airgeadais. Agus comhairle infheistíochta á soláthar acu, cuirfidh gnólachtaí infheistíochta an cliant ar an eolas faoi cé acu atá nó nach bhfuil na tairbhí a bhaineann le haistriú ionstraimí airgeadais níos mó ná na costais a bhaineann leis an aistriú sin.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go n-iarrfaidh gnólachtaí infheistíochta, agus seirbhísí infheistíochta á soláthar acu seachas na seirbhísí dá dtagraítear i mír 2, ar an gcliant miondíola nó ar an gcliant miondíola ionchasach faisnéis a sholáthar maidir lena gcuid eolais agus taithí i réimse na hinfeistíochta atá ábhartha don chineál sonrath táirge nó seirbhíse a thairgtear nó a éilítear, ionas go mbeidh an gnólacht infheistíochta in ann a mheas an bhfuil an tseirbhís infheistíochta nó na seirbhísí infheistíochta nó na hionstraimí airgeadais atá beartaithe iomchuí don chliant.

I gcás ina mbeartaítear cuach seirbhísí nó táirgí de bhun Airteagal 24(11), breithneofar sa mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil an pacáiste cuachta foriomlán oiriúnach.

I gcás ina measúnaíonn an gnólacht infheistíochta, ar bhonn na faisnéise a fhaightear faoin gcéad fhomhír, nach bhfuil an táirge nó an tseirbhís oiriúnach don chliant nó don chliant ionchasach, tabharfaidh an gnólacht infheistíochta rabhadh don chliant nó don chliant ionchasach. Nuair a sholáthraítear an tseirbhís do chliant miondíola, tabharfar an rabhadh sin i bhformáid chaighdeánaithe agus déanfar é a thaifeadadh.



Ní rachaidh an gnólacht infheistíochta ar aghaidh le hidirbheart atá faoi réir rabhadh a léiríonn nach bhfuil an táirge seirbhíse iomchuí, ach amháin má iarrann an cliant dul ar aghaidh leis d’ainneoin an rabhadh sin. Taifeadfar éileamh an chliaint agus glacadh an ghnólachta araon.

Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun formáid agus inneachar an rabhadh do chliaint mhiondíola dá dtagraítear i bhfomhír 3 a chinneadh.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(b) i mír 4, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:

‘Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun formáid agus inneachar an rabhadh do chliaint mhiondíola dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c), a chinneadh.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin dá dtagraítear thuas a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(c) i mír 6, an dara fhomhír, cuirtear an abairt seo a leanas leis:

‘Soláthrófar ráiteas den sórt sin luath go leor roimh thabhairt i gcrích an idirbhirt chun a áirithiú, ach amháin má threoraítear a mhalairt, go bhfaighidh an cliant am leordhóthanach chun athbhreithniú a dhéanamh air, agus i gcás inar gá, faisnéis bhreise nó soiléirithe a fháil ón ngnólacht infheistíochta.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. Cumhachtaítear an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 89 chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh gnólachtaí infheistíochta na prionsabail atá leagtha amach i míreanna 1 go 6 den

Airteagal seo agus seirbhísí infheistíochta nó seirbhísí coimhdeacha á soláthar acu dá gcliaint, lena n-áirítear faisnéis atá le fáil nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht nó iomchuibheas na seirbhísí agus na n-ionstraimí airgeadais dá gcliaint, critéir chun ionstraimí airgeadais neamhchasta a mheasúnú chun críocha mhír 4, pointe (a)(vi), den Airteagal seo, inneachar agus formáid na dtaifead agus na gcomhaontuithe le haghaidh soláthar seirbhísí do chliaint agus tuairiscí tréimhsiúla do chliaint ar na seirbhísí a sholáthraítear. Cuirfear na nithe seo a leanas san áireamh sna gníomhartha tarmligthe sin:

- (a) cineál na seirbhísí a chuirtear ar fáil nó a sholáthraítear don chliant nó don chliant ionchasach, ag féachaint don chineál idirbheart agus dá gcuspóir, dá méid, dá gcostais, dá rioscaí, dá gcastacht, dá bpraghas agus dá minicíocht;
  - (b) cineál na dtáirgí atá á dtairiscint nó á meas, lena n-áirítear cineálacha éagsúla ionstraimí airgeadais;
  - (c) cineál miondíola nó gairmiúil an chliant nó na gcliant ionchasach nó, i gcás mhír 6, a n-aicmiú mar chontrapháirtithe incháilithe;
- (ca) na critéir chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú táirgí airgeadais le sainroghanna inbhuanaitheachta cliaint agus lena leagtar amach na nósanna imeachta chun punann nó táirge infheistíochta a chur in oiriúint chun sainroghanna inbhuanaitheachta cliaint a chomhlíonadh.***;

***(14a) in Airteagal 29a, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:***

***‘2a. Beidh sé de cheart ag gnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn seirbhísí infheistíochta do chliaint ghairmiúla aontú le cur i bhfeidhm teoranta cheanglais mhionsonraithe Airteagal 24 agus Airteagal 24b leis na cliaint sin. Ní cheadófar do ghnólachtaí infheistíochta teacht ar chomhaontú maidir le teorainneacha den sórt sin maidir le comhairle infheistíochta nó bainistiú punainne ná, gan beann ar an tseirbhís infheistíochta a sholáthraítear, maidir le hionstraimí airgeadais ina bhfuil díorthach leabaithe.’***

(15) Leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an deis ag gnólachtaí infheistíochta atá údaraithe chun

orduithe a fhorghníomhú thar ceann cliant, agus/nó chun déileáil ar a gcuntas féin, agus/nó orduithe a fháil agus a tharchur, idirbhearta a thionscnamh nó a dhéanamh le contrapháirtithe incháilithe gan oibleagáid a bheith orthu Airteagal 16(3a), Airteagal 24, Airteagal 24b, Airteagal 24c, Airteagal 25, Airteagal 27 agus Airteagal 28(1) a chomhlíonadh, i leith na n-idirbheart sin nó i leith aon seirbhíse coimhdí a bhaineann go díreach leis na hidirbhearta sin.’;

- (b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fohír:

‘Beidh aicmiú mar chontrapháirtí incháilithe faoin gcéad fhomhír gan dochar do cheart na n-eintiteas sin chun iarraidh, ar fhoirm ghinearálta nó ar bhonn trádála ar thrádáil, ar chóireáil mar chliant a bhfuil a ngnó leis an ngnólacht infheistíochta faoi réir Airteagail 24, 24a, 24b, 24c, 25, 27 agus 28.’;

- (16) cuirtear Airteagal 35a seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 35a*

**Gníomhaíochtaí trasteorann a thuairisciú**

1. Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochta agus institiúidí creidmheasa a sholáthraíonn seirbhísí nó gníomhaíochtaí infheistíochta an fhaisnéis seo a leanas a thuairisciú go bliantúil d’údarás inniúil a mBallstáit baile nuair a sholáthraíonn siad seirbhísí trasteorann faoi shaoirse seirbhísí nó saoirse bunaíochta do níos mó ná 50 cliant ar bhonn trasteorann:
  - (a) an liosta Ballstát óstach ina bhfuil an gnólacht infheistíochta gníomhach tríd an tsaoirse chun seirbhísí agus gníomhaíochtaí a sholáthar tar éis fógra a fháil de bhun Airteagal 34(2);
  - (b) cineál, raon feidhme agus scála na seirbhísí a sholáthraítear agus na ngníomhaíochtaí a dhéantar i ngach Ballstát tríd an tsaoirse chun seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta agus seirbhísí coimhdeacha a sholáthar;
  - (c) i ndáil le gach Ballstát, an líon iomlán agus na catagóirí cliant a chomhfhreagraíonn do na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b), agus a sholáthraítear le linn na tréimhse ábhartha dar críoch an 31 Nollaig agus miondealú idir cliant ghairmiúla agus neamhghairmiúla;

- (d) an líon gearán dá dtagraítear faoi Airteagal 75 a fhaightear ó chliaint agus páirtithe leasmhara i ngach Ballstát;
- (e) an cineál cumarsáide margáiochta a úsáidtear i mBallstáit.

Cuirfidh údaráis inniúla an fhaisnéis uile a bhailítear ó ghnólachtaí infheistíochta in iúl do ESMA.

2. Bunóidh ESMA bunachar sonraí leictreonach ina mbeidh an fhaisnéis uile a bhailítear de bhun mhír 1, ar a dtabharfar rochtain do na húdaráis inniúla uile.
3. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le mionsonraí na faisnéise dá dtagraítear i mír 1 atá le tuairisciú ag gnólachtaí infheistíochtaí d'údaráis inniúla.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

4. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrófar na caighdeáin agus formáidí sonraí, na modhanna agus socrúithe aistrithe, an mhinicíocht agus an dáta tosaigh le haghaidh na faisnéise atá le tuairisciú.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

5. Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear in iúl de bhun mhír 2, foilseoidh ESMA tuarascáil gach bliain ina mbeidh staidreamh anaithnidithe comhiomlánaithe maidir leis na seirbhísí infheistíochta a sholáthraítear agus na gníomhaíochtaí a dhéantar san Aontas tríd an tsaoirse chun seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta a sholáthar, chomh maith le hanailís ar threochtaí.';

(17) Leasaítear Airteagal 69(2) mar a leanas:

**(-a) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:**

***‘(ba) seiceáil rialta a dhéanamh ar ailíniú ghnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla na hionstraimé airgeadais ar an margadh leis na tagarmharcanna ábhartha agus, nuair is gá, gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 69a;’;***

(a) cuirtear an pointe (ca) seo a leanas isteach:

‘(ca) gníomhaíochtaí rúnsiopadóireachta a dhéanamh;’;

(b) cuirtear an pointe (ka) seo a leanas isteach:

‘(ka) cumarsáid nó cleachtais mhargaíochta a úsáideann gnólacht infheistíochta ina Bhallstát a chur ar fionraí nó a thoirmeasc, ar feadh uastréimhse 1 bhliain amháin, i gcás ina mbeidh forais réasúnacha ann chun a chreidiúint gur sáraíodh an Treoir seo nó Rialachán (AE) Uimh. 600/2014.’;

(c) cuirtear na pointí (v) agus (w) seo a leanas isteach:

(v) gach beart is gá a dhéanamh, lena n-áirítear trína iarraidh ar thríú páirtí nó ar údarás poiblí eile na bearta sin a chur chun feidhme, bíodh sé ar bhonn sealadach nó buan, chun:

(i) inneachar a bhaint nó rochtain ar chomhéadan ar líne a shrianadh nó a ordú go ndéanfaí rabhadh a thaispeáint go sainráite do chliaint agus comhéadan ar líne á rochtain acu;

(ii) a ordú do sholáthraí seirbhísí óstála rochtain ar chomhéadan ar líne a bhaint anuas, a chur as feidhm, nó a shrianadh;

(iii) a ordú do chlárlanna nó do chláraitheoirí fearann ainm fearainn láncháilithe a scriosadh agus cead a thabhairt don údarás inniúil lena mbaineann é a chlárú.

(w) úsáid rabhadh riosca ag gnólachtaí infheistíochta a fhorchur in ábhair faisnéise, lena n-áirítear cumarsáidí margatóchta a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil do chliaint mhiondíola nó do chliaint mhiondíola ionchasacha, a bhaineann le hionstraimí airgeadais a bhfuil riosca faoi leith ag baint leo nó atá an-chasta i gcás ina bhféadfadh na hionstraimí sin a bheith ina mbagairt thromchúiseach ar chosaint infheisteoirí.’;

***‘(wa) teicnící agus uirlisí um chnuaschoipeáil ón ngréasán a úsáid chun sonraí ar líne a bhailiú chun críoch faireacháin, faireachais, braite agus imscrúdaithe;’;***

(d) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

‘I gcás ina mbeidh na cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (ka) á n-úsáid, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra do ESMA. I gcás ina n-úsáidfear na cleachtais nó an chumarsáid sin i mbreis agus Ballstát amháin, déanfaidh ESMA, arna iarraidh sin ag údarás inniúil amháin ar a laghad, comhordú ar ghníomhaíochtaí a dhéanann údaráis inniúla de bhun pointe (ka).

Beidh cur chun feidhme agus feidhmiú na gcumhachtaí a leagtar amach sa mhír seo comhréireach agus comhlíonfaidh siad dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear coimircí níos imeachta infheidhme agus prionsabail na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Beidh na bearta imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin a ghlactar de bhun na Treorach seo iomchuí do chineál an tsáraithe agus do dhíobháil iarbhír nó ionchasach fhoriomlán an tsáraithe.’;

*(17a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:*

#### *‘Airteagal 69a*

##### *Tagarmharcanna mar uirlis mhaoirseachta*

*1. I gcomhréir le hAirteagal 16-a, déanfaidh ESMA, ar bhonn tástála tionscail agus tar éis dul i gcomhairle le ÚEÁPC agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta, i gcás inarb iomchuí, tagarmharcanna coiteanna Eorpacha a fhorbairt do ghrúpaí d’ionstraimí inchomparáide airgeadais arna monarú agus arna ndáileadh i níos mó ná Ballstát amháin. Beidh na tagarmharcanna ina bpointí tagartha do ghrúpaí inchomparáide de tháirgí infheistíochta agus úsáidfídh na húdaráis inniúla náisiúnta iad chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla na dtáirgí infheistíochta arna monarú nó arna ndáileadh ag gnólachtaí infheistíochta.*

*Tabharfaidh ESMA na tagarmharcanna sin cothrom le dáta go rialta, agus forbairtí sa mhargadh á gcur san áireamh.*

*I gcásanna sonracha, nuair is ann do shainiúlachtaí náisiúnta a bhfuil tionchar díreach acu ar phríomhghnéithe táirge, amhail na costais, an fheidhmíocht agus na sochair cháilíochtúla, cuirfear san áireamh iad. Chun na críche sin, cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta iad sin in iúl do ESMA agus tabharfaidh siad treoir maidir leis an gcaoi a ndéanann gnéithe den sórt sin difear do na tagarmharcanna, lena n-áirítear trí raon tionchair a sholáthar a bheidh ag gnéithe den sórt sin den táirge ar chomhlíonadh na dtagarmharcanna.*

*Nuair a dhéanfar an táirge infheistíochta a mhonarú agus a dháileadh i mBallstát amháin, beidh an táirge sin faoi réir tagarmharcanna náisiúnta arna bhforbairt ag údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit sin. Déanfaidh ESMA, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚEÁPC, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir le tagarmharcanna náisiúnta a fhorbairt chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú laistigh den Aontas, agus déanfaidh sé na caighdeáin sin a thabhairt cothrom le dáta ó am go chéile.*

*Déanfaidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo].*

*Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa ceathrú fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*

*2. Ní fhónfaidh na tagarmharcanna dá dtagraítear i mír 1 ach d'uirlis mhaoirseachta d'údaráis inniúla náisiúnta chun sainaitheint asluitigh ionchasacha i measc táirgí infheistíochta ar an margadh a éascú bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe agus chun ligean dóibh fiosrúchán breise a dhéanamh nuair is gá.*

*Chun na críche sin, féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta dul i mbun comhar leis an earnáil phríobháideach chun tacú lena n-iarrachtaí scagadh margaidh a dhéanamh.*

*Agus an chumhacht sin á húsáid acu, seiceálfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta na táirgí infheistíochta ar an margadh go rialta agus cuirfidh siad i gcomparáid iad leis na tagarmharcanna ábhartha. Má shainaitheann siad táirgí a chlaonann ón tagarmharc, féadfaidh siad a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta míniú a thabhairt ar an diall sin agus, má mheasann siad go dtugann an míniú údar cuí leis an diall, tabharfaidh siad a bhfiosrúchán i gcrích le measúnú dearfach.*

*Má mheasann siad, áfach, nach dtugann an míniú údar cuí leis an diall ón tagarmharc, féadfaidh siad a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta a chur chuige a cheartú agus na ceanglais maidir le rialachas táirgí in Airteagal 16-a a chomhlíonadh chun gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla beartaithe an táirge infheistíochta lena mbaineann a*

*sholáthar don tomhaltóir. Má dhéanann an chuideachta ceartú den sórt sin, tabharfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta an fiosrúchán i gcrích le measúnú dearfach.*

*I gcás nach dtugann gnólacht infheistíochta míniú nó nach dtugann an míniú údar cuí le diall an táirge ón tagarmharc agus ina mainníonn an chuideachta gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla an táirge a ailíniú leis an tagarmharc ábhartha, féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta a cheangal ar an ngnólacht infheistíochta, mar rogha dheiridh, an táirge sin a bhaint den mhargadh, más gá.’;*

(18) in Airteagal 70(3), pointe (a), déantar na pointí (xxxvii) go (xxxxii) seo a leanas a chur leis:

‘(xxxvii) Airteagal 16-a(1) go (8);

(xxxviii) Airteagal 24(5a) go (5c) agus (11a);

(xxxix) Airteagal 24a(1) go (2) agus (6) go (7);

(xxxx) Airteagal 24b(1), (3) agus (4);

(xxxxi) Airteagal 24c(1) go (5) agus (7);

(xxxxii) Airteagal 35a(1);’;

(19) Leasaítear Airteagal 73(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh údaráis inniúla sásraí éifeachtacha chun go mbeifear in ann sárúithe ionchasacha nó iarbhir ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 agus ar na forálacha náisiúnta a ghlactar i gcur chun feidhme na Treorach seo a thuairisciú d’údaráis inniúla, lena n-áirítear tuairisciú ag gnólachtaí nach bhfuil údaraithe go cuí faoin Treoir seo.’;

(b) sa dara fohmír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) nósanna imeachta sonracha maidir le tuarascálacha a fháil i ndáil le haon sárú a dhéanfar nó a bhféadfar a dhéanamh agus an méid a dhéantar ina dhiaidh sin, lena n-áirítear bealaí slána cumarsáide a bhunú do thuarascálacha mar sin. Áireofar ar na nósanna imeachta sin freisin nasc a chruthú, ar leathanach tosaigh shuíomh gréasáin gach údaráis inniúil, le foirm tuairiscithe shimplí lena dtabharfar caoi d’aon duine sárúithe ionchasacha nó iarbhir ar dhlí an Aontais nó ar an dlí náisiúnta a thuairisciú. Ceanglóidh na Ballstáit ar údaráis inniúla anailís a dhéanamh, gan moill mhíchuí, ar na tuarascálacha uile a chuirtear isteach tríd an



bhfoirm tuairiscithe sin;

(20) Leasaítear Airteagal 86 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina bhfuil forais réasúnta ag údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh (chun críocha an Airteagail seo, an ‘t-údarás tionscnaimh’) chun a chreidiúint go bhfuil gnólacht infheistíochta atá ag gníomhú laistigh dá chríoch faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar ag sárú na n-oibleagáidí a eascraíonn as na forálacha arna nglacadh de bhun na Treorach seo nó go bhfuil gnólacht infheistíochta a bhfuil brainse laistigh dá chríoch ag sárú na n-oibleagáidí a eascraíonn as na forálacha arna nglacadh de bhun na Treorach seo nach dtugann cumhachtaí d’údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh, déanfaidh sé na torthaí sin a tharchur chuig údarás inniúil an Bhallstáit baile.

Faisnéis maidir leis an tarchur sin a bheith déanta, tarchuirfear chuig ESMA í. Tarchuirfidh ESMA an fhaisnéis sin chuig údarás inniúla na mBallstát óstach eile uile ina soláthraíonn an gnólacht infheistíochta seirbhísí infheistíochta nó ina ndéanann sé gníomhaíochtaí.

Gan moill mhíchúí agus 30 lá oibre ar a dhéanaí tar éis don údarás tionscnaimh a thorthaí a tharchur, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile na bearta is gá nó cuirfidh sé tús leis an nós imeachta riaracháin riachtanach arb é is aidhm dó na bearta sin a dhéanamh. An fhaisnéis uile is gá maidir le haon bheart a dhéantar, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile in iúl don údarás tionscnaimh í, agus do ESMA agus d’údarás inniúla na mBallstát eile uile a bhfuil an gnólacht infheistíochta gníomhach ar a gcríoch.

Más rud é, d’ainneoin na mbearta a rinne údarás inniúil an Bhallstáit baile nó nár leor na bearta sin nó nach ndearnadh aon bheart, go leanfaidh an gnólacht infheistíochta ar aghaidh ag gníomhú ar bhealach atá dochrach do leas infheisteoirí na mBallstát óstach nó d’fheidhmiú ordúil na margaí, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas:

(a) tar éis an t-údarás inniúil sa Bhallstát baile a chur ar an eolas, glacfaidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh na bearta uile is gá chun infheisteoirí agus feidhmiú iomchúí na margaí a chosaint, lena n-áireofar an fhéidearthacht maidir le cosc a chur ar na gnólachtaí infheistíochta ciontóra ó aon idirbhearta breise a

thionscnamh ina gcríocha. Cuirfear an Coimisiún agus ESMA, chomh maith le húdaráis inniúla na mBallstát óstach ina bhfuil an gnólacht infheistíochta ciontóra gníomhach, ar an eolas faoi na bearta sin gan moill mhíchuí; agus

(b) féadfaidh údarás inniúla an Bhallstáit óstaigh an cheist a tharchur chuig ESMA, a fhéadfaidh gníomhú i gcomhréir leis na cumhachtaí a thugtar dó faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(b) cuirtear na míreanna (1a) agus (1b) seo a leanas isteach:

‘1a. I gcás ina mbeidh bearta cosanta déanta ag an údarás tionscnaimh in aghaidh gnólacht infheistíochta ciontóra de bhun mhír 1, féadfaidh údarás inniúil aon Bhallstát óstach eile, i gcás ina mbeidh an gnólacht infheistíochta céanna ina chúis le hábhair inní nó sáruithe atá thar a bheith comhchosúil nó comhionann leo siúd dá dtagraítear i dtorthaí an údaráis tionscnaimh, bearta thar a bheith comhchosúil nó bearta comhionanna a ghlacadh maidir leis an ngnólacht sin, ar choinníoll go bhfuil forais réasúnacha ag an údarás inniúil sin freisin chun a chreidiúint gur tharla sárú comhchosúil ar a chríoch.

Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh eile sin déanamh amhlaidh gan torthaí a tharchur chuig údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh ar dtús, ach cuirfidh sé údarás inniúil an Bhallstáit baile ar an eolas 5 lá oibre ar a laghad sula ndéanfaidh sé na bearta cosanta sin.

Déanfar an Coimisiún, ESMA agus údaráis inniúla uile na mBallstát óstach ina bhfuil an gnólacht infheistíochta ciontóra gníomhach a chur ar an eolas faoi na bearta sin gan moill mhíchuí.

1b. I gcás ina mbeidh bearta déanta, laistigh de 12 mhí, ag údaráis inniúla Ballstát óstach de bhun mhír 1, an ceathrú fómhír, pointe (a), maidir le ceann amháin nó níos mó de ghnólachtaí infheistíochta a bhfuil an Ballstát baile céanna acu, nó má easaontaíonn Ballstát baile le torthaí Ballstáit óstaigh, féadfaidh ESMA ardán comhair a chur ar bun i gcomhréir le hAirteagal 87a.’;

(21) cuirtear Airteagal 87a seo a leanas isteach:

**Ardáin chomhair**

1. Féadfaidh ESMA, i gcás ina mbeidh údar dea-bhunaithe inní air i ndáil le héifeachtaí diúltacha ar infheisteoirí, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do cheann amháin nó níos mó d'údaráis inniúla, ardán comhair a chur ar bun agus a chomhordú chun an malartú faisnéise idir na húdaráis mhaoirseachta ábhartha a neartú agus chun an comhar eatarthu a fheabhsú i gcás ina ndéanfaidh gnólacht infheistíochta gníomhaíochtaí atá bunaithe ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nó ar an tsaoirse bunaíochta, nó ina mbeartóidh sí na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh, agus i gcás ina mbeidh na gníomhaíochtaí sin ábhartha maidir le margadh an Bhallstáit óstaigh. Má chuirtear ardán comhair ar bun arna iarraidh sin ag údarás inniúil, tabharfaidh an t-údarás inniúil sin fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit baile faoi na hábhair inní atá aige, a bhfuil údar leo, maidir le héifeachtaí diúltacha ar infheisteoirí.
2. Beidh mír 1 gan dochar do cheart na n-údarás maoirseachta ábhartha ardán comhair a bhunú i gcás ina gcomhaontaíonn siad uile go ndéanfaidh siad amhlaidh.
3. Ní dochar bunú ardáin comhair de bhun mhíreanna 1 agus 2 do shainordú maoirseachta údaráis mhaoirseachta an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh dá bhforáiltear sa Treoir seo.
4. Gan dochar d'Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, déanfaidh na húdaráis inniúla ábhartha, arna iarraidh sin ag ESMA, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar go tráthúil.
5. I gcás ina n-easaontaíonn dhá údarás inniúla ardáin comhair nó níos mó faoi nós imeachta nó inneachar gníomhaíochta atá le déanamh, nó neamhghníomhú, féadfaidh ESMA, arna iarraidh sin ag aon údarás inniúil ábhartha nó as a stuaim féin, cuidiú leis na húdaráis inniúla teacht ar chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.
6. I gcás ina mbeidh easaontú laistigh den ardán agus i gcás inarb ann d'ábhair inní thromchúiseacha maidir le héifeachtaí diúltacha ar infheisteoirí nó le hábhar gníomhaíocht nó easpa gníomhaíochta atá le déanamh i ndáil le gnólacht infheistíochta, féadfaidh ESMA cinneadh a dhéanamh cigireachtaí comhpháirteacha ar an láthair a thionscnamh agus a chomhordú. Tabharfaidh ESMA cuireadh d'údarás inniúil an Bhallstáit baile chomh maith le húdaráis inniúla ábhartha eile an ardáin comhair a bheith rannpháirteach sa chigireacht chomhpháirteach sin ar an láthair .';

(22) cuirtear an Teideal VIa seo a leanas isteach:

## **‘TEIDEAL VIa**

### **OIDEACHAS AIRGEADAIS**

*Airteagal 88a*

#### **Oideachas airgeadais a chur ar chliaint mhiondíola agus cliaint mhiondíola ionchasacha**

*1. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí faisnéise agus oideachais a shainiú agus a chur chun feidhme chun oideachas agus eolas tomhaltóirí a chur chun cinn agus a mhéadú maidir le hinfheistíocht fhreagrach agus rochtain á fáil acu ar sheirbhísí infheistíochta nó ar sheirbhísí coimhdeacha.*

*Déanfaidh na Ballstáit rannchuidiú na n-údarás inniúil náisiúnta, na n-ollscoileanna agus na ngeallsealbhóirí ábhartha a mheas agus na hionstraimí oideachais á gceapadh acu chun litearthacht airgeadais a chur chun cinn. I ndáil leis sin, breithneoidh na Ballstáit go cuí ábhar teagaisc éigeantach a thabhairt isteach ina gcuraclaim náisiúnta scoile. +*

*Bunóidh na Ballstáit cláir chun eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí infheisteoirí neamhspleácha nó scairshealbhóirí a mhaoiniú, ar eagraíochtaí iad a thacaíonn le hoideachas a chur ar chliaint mhiondíola agus ar chliaint mhiondíola ionchasacha maidir le hinfheistíocht fhreagrach agus rochtain á fáil acu ar sheirbhísí infheistíochta nó ar sheirbhísí coimhdeacha.*

*1a. Rachaidh údaráis inniúla náisiúnta i mbun idirphlé agus déanfaidh siad, ar a dtionscnamh féin, athbhreithnithe piaraí chun measúnú a dhéanamh ar infheidhmeacht na ndea-chleachtas maidir lena gcóras náisiúnta.*

*1b. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna), leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus leis an mBanc Ceannais Eorpach:*

- (a) *comhar agus malartú dea-chleachtas a éascú i measc na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí atá gníomhach san oideachas agus san airgeadas;*
- (b) *spriocanna soiléire a bhunú maidir le litearthacht airgeadais;*
- (c) *ardán maidir le hoideachas airgeadais agus litearthacht a bhunú ar a mbeidh ionadaithe ó na grúpaí seo a leanas:*
  - *an Banc Ceannais Eorpach;*
  - *an Banc Eorpach Infheistíochta;*
  - *na ÚMEanna;*
  - *gach Ballstát, sna hearnálacha oideachais agus airgeadais, arna n-ainmniú ag na húdaráis inniúla náisiúnta;*
  - *Comhlachais tomhaltóirí Eorpacha agus náisiúnta;*
  - *Cónaidhmeanna thionscal airgeadais na hEorpa.*

*Féadfar cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus do gheallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha eile ar bhonn ad hoc.*

*Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an ardán. Ceapfar ionadaithe le haghaidh sainordú inathnuaite dhá bhliain.*

*Déanfaidh na Ballstáit bearta a chur chun cinn agus a ghlacadh chun scileanna litearthachta airgeadais a fhorbairt.*

*Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir le cur chun feidhme mhír 1. Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte maidir le raon feidhme na dtuarascálacha sin.*

*Faoin [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na mbeart i ndáil le mír 1, ina leagfar amach na dea-chleachtais, an bealach chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith leis an éabhlóid agus na torthaí breathnaithe idir gach tuarascáil.*

**1c. Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

(a) *comhordú agus comhoibriú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le hoideachas airgeadais ar leibhéal an Aontais, amhail trí úsáid a bhaint as na modhanna oscailte comhordaithe agus malartuithe comhpháirteacha maidir le dea-chleachtais idir airí airgeadais an Aontais agus airí oideachais an Aontais, chomh maith le hinstiúidí eile de chuid an Aontais;*

(b) *oideachas agus oiliúint airgeadais a chur chun cinn, lena n-áirítear trí dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil ar an leibhéal náisiúnta, amhail comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, agus trí chláir mheantóireachta.*

*Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit an comhar a neartú i réimse an oideachais airgeadais laistigh den Limistéar Eorpach Oideachais, mar shampla trí thionscnamh Erasmus+ um Acadaimh Múinteoirí. Moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as na huirlisí agus as na cláir chistiúcháin de chuid an Aontais atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun oideachas agus oiliúint airgeadais a chur chun cinn, chun tacú leo agus chun iad a chumasú, agus chun aitheantas frithpháirteach dioplómaí a áirithiú ar fud an Aontais.*

*Airteagal 88b*

**Oideachas airgeadais agus cumarsáid mhargaíochta**

Ábhar oideachais airgeadais a fhéachann le tacú le litearthacht airgeadais daoine aonair trína chur ar a gcumas dóibh inniúlachtaí airgeadais a fháil, agus nach gcuireann chun cinn go díreach nó nach meallann infheistíocht in ionstraim airgeadais amháin nó i roinnt ionstraimí airgeadais, nó i gcatagóirí díobh, nó i seirbhísí infheistíochta sonracha, ní mheasfar gur cumarsáid mhargaíochta atá ann chun críocha na Treorach seo.?’;

(23) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 89:

- ‘1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. An tarmligeán cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(3), Airteagal 2(4) Airteagal 4(1)(2), an dara fómhír, Airteagal 4(2), Airteagal 13(1), Airteagal 16(12), Airteagal 16-a(11),

Airteagal 16-a(12) Airteagal 23(4), Airteagal 24(5c), Airteagal 24(13), Airteagal 24b(2), Airteagal 24c(8), Airteagal 24d(2), Airteagal 25(8), Airteagal 27(9), Airteagal 28(3), Airteagal 30(5), Airteagal 31(4), Airteagal 32(4), Airteagal 33(8), Airteagal 35a(3), Airteagal 35a(4), Airteagal 52(4), Airteagal 54(4), Airteagal 58(6), Airteagal 64(7), Airteagal 65(7) agus Airteagal 79(8), tabharfar don Choimisiún é ar feadh tréimhse ama neamhchinntithe ón 2 Iúil 2014.

3. An tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(3), Airteagal 2(4), an dara fomhír d'Airteagal 4(1)(2), Airteagal 4(2), Airteagal 13(1), Airteagal 16(12), Airteagal 16-a(11), Airteagal 16-a(12) Airteagal 23(4), Airteagal 24(5c), Airteagal 24(13), Airteagal 24b(2), Airteagal 24c(8), Airteagal 24d(2), Airteagal 25(8), Airteagal 27(9), Airteagal 28(3), Airteagal 30(5), Airteagal 31(4), Airteagal 32(4), Airteagal 33(8), Airteagal 35a(3), Airteagal 35a(4), Airteagal 52(4), Airteagal 54(4), Airteagal 58(6), Airteagal 64(7), Airteagal 65(7) agus Airteagal 79(8), féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle é a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(3), Airteagal 2(4), an dara fomhír d'Airteagal 4(1)(2), Airteagal 4(2), Airteagal 13(1), Airteagal 16(12), Airteagal 16-a(11), Airteagal 16-a(12) Airteagal 23(4), Airteagal 24(5c), Airteagal 24(13), Airteagal 24b(2), Airteagal 24c(8), Airteagal 24d(2), Airteagal 25(8), Airteagal 27(9), Airteagal 28(3), Airteagal 30(5), Airteagal 31(4), Airteagal 32(4), Airteagal 33(8), Airteagal 35a(3), Airteagal 35a(4), Airteagal 52(4), Airteagal 54(4), Airteagal 58(6), Airteagal 64(7), Airteagal 65(7) agus Airteagal 79(8)), ní thiocfaidh sé i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse

3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’;

*(23a) in Airteagal 90, cuirtear isteach mír 5:*

*‘5. Faoin ... [5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo], ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil, tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta, ina ndéanfar measúnú ar cibé ar cheart nó nár cheart soláthraithe sonraí margaidh airgeadais agus neamhairgeadais a áireamh i raon feidhme na Treorach seo. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh forbairtí sa mhargadh agus an fhianaise ábhartha atá ar fáil dó. Sa tuarascáil déanfar measúnú ar na nithe seo a leanas go háirithe:*

*(a) éabhlóid líon agus éagsúlacht na soláthraithe sonraí margaidh airgeadais agus neamhairgeadais;*

*(b) leordhóthanacht na gceanglas atá ar sholáthraithe sonraí margaidh airgeadais agus neamhairgeadais atá bunaithe lasmuigh den Aontas oibriú san Aontas;*

*(c) feidhmiú mhargadh na soláthraithe sonraí margaidh airgeadais agus neamhairgeadais san Aontas, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa féideartha, agus an mhaoirseacht a dhéanann ESMA air.*

*I gcás ina measann an Coimisiún gurb iomchuí sin, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil chun an Treoir seo a leasú.’;*

(24) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir seo.

(25) Cuirtear Iarscríbhinn V leis mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir seo.

#### *Airteagal 2*

#### **Leasuithe ar Threoir (AE) 2016/97**

Treoir (AE) leasaítear 2016/97 mar seo a leanas:

*(-1) In Airteagal 1(6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre agus an dara mír:*

*Gan dochar do chaidrimh inghrúpa i gcás ina ndéanann idirghabhálaí úrachais nó*



*idirghabhálaí athárachais atá bunaithe i dtríú tír gníomhaíochtaí dáilte árachais nó athárachais thar ceann idirghabhálaí árachais nó idirghabhálaí athárachais chláraithe san Aontas ag gníomhú thar a cheann nó ag a bhfuil dlúthnaisc le hidirghabhálaí árachais nó athárachais tríú tír den sórt sin, ceanglóidh na Ballstáit ar idirghabhálaithe árachais agus idirghabhálaithe athárachais atá cláraithe i dtríú tír brainse a bhunú ina gcéir agus iarratas a dhéanamh ar chlárúchán i gcomhréir le hAirteagal 3 chun gníomhaíochtaí dáilte árachais nó athárachais a ghlacadh agus a shaothrú mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointí (1) agus (2), sa Bhallstát ábhartha. Maidir le caidrimh inghrúpa a oibriú, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh aon idirghabhálaí árachais nó idirghabhálaí athárachais cláraithe atá ag gníomhú thar ceann idirghabhálaí árachais nó idirghabhálaí athárachais i dtríú tír, nó a bhfuil dlúthnaisc aige leis, nach bhfuil in ann an méid seo a leanas a léiriú d’údarás inniúil an Bhallstáit baile:*

- (a) le linn an phróisis chlárúcháin faoi Airteagal 3 nó ar bhonn athbhreithniú rialta ar bhailíocht an chlárúcháin faoi Airteagal 3(4), an cúigiú fómhír, go bhfuil leibhéal iomchuí substainte corparáidí aige sa Bhallstát sin, eadhon go bhfuil eolas agus cumas iomchuí aige chun a chúraimí a chur i gcéir agus a dhualgais a chomhlíonadh go leordhóthanach i gcomhréir le hAirteagal 3(4), an ceathrú fómhír agus Airteagal 10(1), ní cheadófar dó dul i mbun gníomhaíochtaí dáilte árachais agus iad a shaothrú mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1), sa Bhallstát sin, ná má tá sé cláraithe cheana féin sa Bhallstát sin, bainfear den chlár iad i gcomhréir le hAirteagal 3(4), an séú fómhír; agus*
- (b) gan dochar do chásanna ina léirítear leibhéal iomchuí substainte corparáidí d’údarás inniúil an Bhallstáit baile faoi fómhír (i), brainse a bhunú d’idirghabhálaí árachais nó athárachais atá bunaithe i dtríú tír agus é mar phríomhchuspóir gníomhaíocht dáilte árachais nó athárachais a sholáthar.’;*

(1) Leasaítear Airteagal 2(1) mar a leanas:

- (a) i bpointe 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) ní chlúdaítear leis na táirgí árachais lena mbaineann árachas saoil ná rioscaí dliteanais, ach amháin cumhdach dliteanas rioscaí a chomhlánaíonn earra nó seirbhís a sholáthraíonn an t-idirghabhálaí mar a ghníomhaíocht ghairmiúil phríomhúil;’

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 8:

‘(8) ciallaíonn ‘dáileoir árachais’ aon idirghabhálaí árachais, aon idirghabhálaí árachais coimhdeach nó aon ghnóthas árachais a dhéanann gníomhaíochtaí dáilte árachais;’

(c) cuirtear na pointí (19) go (22) seo a leanas isteach:

‘(19) ciallaíonn ‘formáid leictreonach’ aon mheán marthanach seachas páipéar;

(20) ciallaíonn ‘cumarsáid mhargaíochta’ aon nochtadh faisnéise seachas nochtadh a cheanglaítear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta nó seachas an t-ábhar oideachais airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 16b, a chuireann táirgí airgeadais chun cinn go díreach nó go hindíreach nó a mheallann, go díreach nó go hindíreach, infheistíochtaí i dtáirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe agus arb amhlaidh an méid seo a leanas ina leith:

- (a) is é gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais, nó tríú páirtí a dtugann gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais den sórt sin luach saothair nó dreasacht dó trí chúiteamh neamhairgeadaíochta, a dhéanann í;
- (b) déantar le daoine nádúrtha nó dlítheanacha í;
- (c) déantar in aon fhoirm agus ar aon mhodh í;

***(20a) ciallaíonn ‘tionchaire airgeadais’ duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann gníomhaíocht tionchair tráchtála, trína éileamh a shlógadh, chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal, trí mheán leictreonach, agus ar aon chineál luacha saothair, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565, inneachar arb é is aidhm dó táirgí airgeadais nó conarthaí airgeadais a chur chun cinn, go díreach nó go hindíreach;’;***

(21) ciallaíonn ‘cleachtas margaíochta’ aon straitéis, úsáid uirlise nó teicníc arna cur i bhfeidhm ag gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais, nó ag aon tríú páirtí a dtugann gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais den sórt sin luach saothair nó dreasacht dó trí chúiteamh neamhairgeadaíochta chun:

- (a) cumarsáid mhargaíochta a scaipeadh go díreach nó go hindíreach;
- (b) rochtain agus éifeachtacht cumarsáide margaíochta a luathú nó a fheabhsú;
- (c) na gnóthais árachais, na hidirghabhálaithe árachais nó na táirgí árachais a chur chun cinn ar aon bhealach;

(22) ciallaíonn ‘comhéadan ar líne’ aon bhogearraí, lena n-áirítear suíomh gréasáin, cuid de shuíomh gréasáin, nó feidhmchlár, lena n-áirítear feidhmchláir shoghluaiste.’;

(2) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

*(-a) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú mhír:*

*‘Áiritheoidh na Ballstáit bhaile go ndéanfar idirghabhálaithe árachais, athárachais agus idirghabhálaithe árachais coimhdeacha a chlárú faoi réir chomhlíonadh na gceanglas ábhartha a leagtar síos in Airteagal 10, lena n-áirítear an ceanglas go mbeadh leibhéal iomchuí substainte corparáidí ag idirghabhálaí árachais nó athárachais maidir le caidreamh inghrúpa le brainse d’idirghabhálaí árachais nó athárachais cláraithe i dtríú tír i gcomhréir le hAirteagal 1(6).’;*

(a) i mír 4, sa séú fómhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Nuair is infheidhme, cuirfidh an Ballstát baile an Ballstát óstach ar an eolas faoina leithéid de bhaint láithreach.’;

(b) i mír 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘I gcás ina ndiúltófar don chlárú nó ina ndéanfar idirghabhálaí árachais, idirghabhálaí athárachais nó idirghabhálaí árachais coimhdeach a bhaint den chlár, cuirfidh an t-údarás inniúil a chinneadh in iúl don iarratasóir nó don idirghabhálaí árachais, don idirghabhálaí athárachais nó don idirghabhálaí árachais coimhdeach lena mbaineann i ndoiciméad dea-réasúnaithe agus cuirfidh sé ÚEÁPC ar an eolas faoi na cúiseanna atá leis an diúltú sin don chlárú nó leis an mbaint sin den chlár.’;

(c) cuirtear an mhír 5a seo a leanas isteach:

‘5a. Na hidirghabhálaithe árachais, na hidirghabhálaithe athárachais nó na hidirghabhálaithe árachais coimhdeacha uile ar dhiúltaigh údarás inniúil dá gclárú nó ar bhain údarás inniúil den chlár iad, bunóidh ÚEÁPC liosta díobh agus cuirfidh sé ar fáil d’údarás inniúla é.

Is éard a bheidh sa liosta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, i gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir leis na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí ar lorg gach idirghabhálaí árachais, idirghabhálaí athárachais nó idirghabhálaí árachais coimhdeach clárú ina leith, chomh maith leis na cúiseanna leis an diúltú don chlárú nó leis an mbaint den

chlár agus tabharfar cothrom le dáta é ar bhonn tráthrialta.’;

(d) *i mír 7, cuirtear na fomhíreanna seo a leanas leis:*

*Áiritheoidh na Ballstáit go seasfaidh na húdaráis inniúla le sláine an mhargaidh inmheánaigh agus a gcinneadh á dhéanamh acu clárú a dheonú nó a dhiúltú d’idirghabhálaí árachais, athárachais nó d’idirghabhálaí árachais coimhdeach, ar duine dlítheanach é.*

*I gcás ina bhfuil a cheannoifig ag idirghabhálaí árachais nó idirghabhálaí árachais coimhdeach, ar duine dlítheanach é, sa Bhallstát céanna lena oifig chláraithe ach ina ndéanann sé gníomhaíochtaí infheistíochta a sholáthar nó a dhéanamh i mBallstáit eile amháin, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh tuiscint leordhóthanach ag an idirghabhálaí árachais, nó ag an idirghabhálaí árachais coimhdeach ar an riosca agus ar na ceanglais dhlíthiúla a bhfuil sé féin nó a chustaiméirí faoina réir, agus go ngníomhóidh sé ar bhealach atá comhsheasmhach le dlí an Aontais agus le prionsabail an mhargaidh inmheánaigh, gan srianta a fhorchur ar ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí trasteorann i gcomhréir leis na prionsabail sin.*

*Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhoibreoidh údarás inniúil an Bhallstáit baile le húdarás inniúil an Bhallstáit óstaigh agus measúnú á dhéanamh aige ar chomhlíonadh na chéad fhomhíre.’;*

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Aon údarás inniúil de chuid an Bhallstáit óstaigh a bhfuil forais réasúnacha aige a mheas go sáraíonn idirghabhálaí árachais, athárachais nó idirghabhálaí árachais coimhdeach atá ag gníomhú laistigh dá chríoch faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar na hoibleagáidí a eascraíonn as na forálacha arna nglacadh de bhun na Treorach seo, cuirfidh sé údarás inniúil an Bhallstáit baile ar an eolas faoi sin gan moill mhíchúí.

Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh ÚEÁPC ar an eolas gur chuir sé an Ballstát baile

ar an eolas faoina bhreithnithe. Cuirfidh ÚEÁPC an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig údarás inniúla na mBallstát óstach eile uile ina bhfuil an t-idirghabhálaí árachais, an t-idirghabhálaí athárachais nó an t-idirghabhálaí árachais coimhdeach ag gníomhú faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

Tar éis measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a fhaightear de bhun na chéad fhomhíre, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile, i gcás inarb infheidhme, bearta iomchuí chun an cás a leigheas a luaithe is féidir, agus tráth nach déanaí ná 30 lá oibre tar éis dó an chumarsáid ó údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh a fháil. Cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh ar an eolas faoi aon bheart den sórt sin a dhéantar. An fhaisnéis ábhartha uile maidir leis an mbeart a dhéantar, cuirfidh údarás inniúil an Bhallstáit baile í in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh, agus d'údarás inniúla na mBallstát eile uile a bhfuil an t-idirghabhálaí árachais, an t-idirghabhálaí athárachais nó an t-idirghabhálaí árachais coimhdeach ag gníomhú ar a gcríoch faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

Nuair a tharlaíonn sé, d'ainneoin na mbeart a ghlac údarás inniúil an Bhallstáit baile nó toisc go gcruthaítear go bhfuil na bearta sin neamhimleor nó in easnamh, nach stadann an t-idirghabhálaí árachais, athárachais nó an t-idirghabhálaí árachais coimhdeach de bheith ag gníomhú ar bhealach ar léir é a bheith díobhálach ar mhórsála do leasanna thomhaltóirí an Bhallstáit óstaigh, nó d'fheidhmiú ordúil na margaí árachais agus athárachais, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh, tar éis údarás inniúil an Bhallstáit baile a chur ar an eolas, bearta iomchuí a ghlacadh chun mírialtachtaí breise a chosc, lena n-áirítear, sa mhéid atá sé go hiomlán riachtanach, cosc a chur ar an idirghabhálaí sin leanúint le gnó nua a chur chun feidhme laistigh dá chríoch.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘Cuirfidh údarás inniúla an Bhallstáit óstaigh aon bheart a ghlactar faoi mhíreanna 1 agus 2 in iúl don idirghabhálaí árachais, don idirghabhálaí athárachais nó don idirghabhálaí árachais coimhdeach i ndoiciméad dea-réasúnaithe agus tabharfaidh siad fógra faoi na bearta sin d'údarás inniúil an Bhallstáit baile gan moill mhíchuí. Tabharfaidh údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh fógra faoi na bearta sin don Choimisiún, do ÚEÁPC agus d'údarás inniúla an Bhallstáit óstaigh freisin ina mbeidh an t-idirghabhálaí árachais, an t-idirghabhálaí athárachais nó an t-idirghabhálaí árachais coimhdeach ag gníomhú faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar.';

(c) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

‘4. I gcás ina mbeidh bearta déanta, laistigh de 12 mhí, ag dhá cheann nó níos mó d’údaráis inniúla de Bhallstáit óstacha de bhun mhír 1 maidir le ceann amháin nó níos mó d’idirghabhálaithe árachais, idirghabhálaithe atharachais nó idirghabhálaithe árachais coimhdeacha a bhfuil an Ballstát baile céanna acu, nó má easaontaíonn Ballstát baile le torthaí Ballstáit óstaigh, féadfaidh ÚEÁPC ardán comhair a chur ar bun i gcomhréir le hAirteagal 12b.’;

(4) cuirtear Airteagal 9a seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 9a*

**Gníomhaíochtaí trasteorann a thuairisciú**

1. Ceanglóidh na Ballstáit go dtuairisceoidh dáileoirí árachais an fhaisnéis seo a leanas go bliantúil d’údarás inniúil a mBallstáit baile ina saothraíonn siad gníomhaíochtaí trasteorann faoin tsaoirse seirbhísí nó faoin tsaoirse bhunaíochta le níos mó ná 50 custaiméir ar bhonn trasteorann:

- (a) an liosta Ballstát óstach ina bhfuil an dáileoir árachais ag gníomhú faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nó faoin tsaoirse bunaíochta;
- (b) scála agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí dáilte árachais a dhéantar i ngach Ballstát;
- (c) na cineálacha táirgí árachais a dháiltear i ngach Ballstát;
- (d) i ndáil le gach Ballstát, an líon iomlán custaiméirí, don tréimhse ábhartha dar críoch an 31 Nollaig;
- (e) an líon gearán a fhaightear ó chustaiméirí agus páirtithe leasmhara i ngach Ballstát.

Cuirfidh údaráis inniúla an fhaisnéis uile a thuairiscíonn dáileoirí árachais de bhun na chéad fhomhíre in iúl do ÚEÁPC.

2. Bunóidh ÚEÁPC bunachar sonraí leictreonach ina mbeidh an fhaisnéis uile a thuairiscítear de bhun mhír 1, an dara fomhír. Tabharfar rochtain ar an mbunachar sonraí sin do na húdaráis inniúla uile.

3. Forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála maidir le mionsonraí na faisnéise dá dtagraítear i mír 1.

Cuirfidh EIOPA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Tarmilgítear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

4. Forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme lena sonrú na caighdeáin agus formáidí sonraí, na modhanna agus socruithe aistriú, an mhinicíocht agus an dáta tosaigh le haghaidh na faisnéise atá le tuairisciú agus le cur in iúl de bhun mhír 1.

Cuirfidh EIOPA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

5. Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear in iúl de bhun mhír 2, foilseoidh ÚEÁPC tuarascáil gach bliain ina mbeidh staidreamh anaithnidithe comhiomlánaithe maidir leis na gníomhaíochtaí dáilte árachais a dhéantar san Aontas tríd an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, chomh maith le hanailís ar threochtaí.?’;

(5) Leasaítear Airteagal 10 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Áiritheoidh na Ballstáit bhaile go mbíonn an t-eolas agus an inniúlacht is gá ag dáileoirí árachais agus athárachais agus ag fostaithe gnóthas árachais agus athárachais a dhéanann gníomhaíochtaí dáilte árachais nó athárachais ionas gur féidir leo a gcuid cúraimí a chomhlánú agus a gcuid dualgas a fheidhmiú go leordhóthanach.

*I gcomhthéacs caidreamh inghrúpa le brainse d’idirghabhálaí árachais nó athárachais*

*cláraithe i dtríú tír, déanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit baile measúnú ar cibé acu atá nó nach bhfuil leibhéal iomchuí substainte corparáidí ag an idirghabhálaí árachais nó athárachais cláraithe sa Bhallstát baile i gcomhréir le hAirteagal 1(6) trína bhreithniú an bhfuil eolas agus cumas iomchuí ag an idirghabhálaí árachais nó athárachais, lena n-áirítear a fhostaithe i gcás inar duine dlítheanach é an t-idirghabhálaí árachais nó athárachais, chun a chúraimí a chur i gcrích agus a dhualgais a chomhlíonadh go leormhaith.;*

(b) leasaítear mír 2 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre, an dara fomhír agus an tríú fomhír:

*‘Áiritheoidh na Ballstáit baile go ndéanfaidh idirghabhálaithe árachais agus athárachais, fostaithe gnóthas árachais agus athárachais agus fostaithe idirghabhálaithe árachais agus athárachais a gcuid eolais agus inniúlachta a choinneáil ar bun agus a thabhairt cothrom le dáta trí fhorbairt agus oiliúint ghairmiúil thráthrialta a dhéanamh, lena n-áirítear oiliúint shonrach i gcás ina mbeidh na gnóthais agus na hidirghabhálaithe árachais nó athárachais ag cur táirgí nó seirbhísí nua árachais ar fáil.*

Chun críoch na chéad fhomhíre, beidh sásraí i bhfeidhm agus foilsithe ag na Ballstáit bhaile chun rialú éifeachtach agus measúnú a dhéanamh ar eolas agus inniúlacht idirghabhálaithe árachais agus athárachais, fostaithe gnóthas árachais agus athárachais agus fostaithe idirghabhálaithe árachais agus athárachais, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, bunaithe ar 15 uair an chloig ar a laghad d’oiliúint ghairmiúil nó d’fhorbairt ghairmiúil in aghaidh na bliana, le linn uaireanta oibre, agus cineál na dtáirgí a dhíoltar, cineál an dáileora, an ról a fheidhmíonn siad, agus an ghníomhaíocht a dhéantar laistigh den dáileoir árachais nó athárachais á gcur san áireamh. ***Go háirithe, saineofar leis na sásraí na cásanna ina n-éileofar uaireanta breise oiliúna gairmiúla agus forbartha gairmiúla ó fhostaí nó ó idirghabhálaí thar an íosmhéid 15 uair an chloig in aghaidh na bliana, bunaithe ar an measúnú ar eolas agus ar inniúlacht. \_Maidir le líon iomchuí uaireanta an chloig d’oiliúint ghairmiúil fhostaithe gnóthas árachais agus athárachais agus idirghabhálaithe árachais agus athárachais a sholáthraíonn comhairle maidir le táirgí infheistíochta árachasbhunaithe, leithdháilfidh na húdaráis inniúla náisiúnta iad ar an eolas íosta is gá***



*maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaithe lena rannchuidítear le cuspóir comhshaoil nó sóisialta, lena n-áirítear conas tosca inbhuanaitheachta agus sainroghanna inbhuanaitheachta cliant a mheas agus a chomhtháthú sna próisis chomhairleacha.*

*I gcás idirghabhálaithe beaga a dháileann ionstraimí airgeadais agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe araon, féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh do cheanglais shonracha maidir le líon na n-uaireanta oiliúna gairmiúla.*

Ceanglóidh na Ballstáit bhaile go gcruthófar comhlíonadh na gcritéar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, chomh maith le cur i gcrích rathúil bliantúil na hoiliúna gairmiúla leanúnaí agus na forbartha gairmiúla leanúnaí, le deimhniú, nó le haon doiciméad eile, a aithníonn an tAontas nó Ballstát.’;

(ii) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘Cumhachtófar an Coimisiún an Treoir seo a leasú trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 chun athbhreithniú a dhéanamh, i gcás inar gá, ar na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Sealbhóidh idirghabhálaithe árachais agus athárachais árachas slánaíochta gairmiúla lena gcumhdaítear críoch iomlán an Aontais nó ráthaíocht inchomparáide éigin eile in aghaidh dliteanas a eascraíonn as faillí ghairmiúil, le haghaidh EUR 1 564 610 ar a laghad a mbeidh feidhm aige maidir le gach éileamh agus EUR 2315610 in aghaidh na bliana le haghaidh éilimh uile, mura rud é go bhfuil an t-árachas nó an ráthaíocht inchomparáide sin curtha ar fáil cheana féin ag gnóthas árachais, gnóthas athárachais nó gnóthas eile a bhfuil an t-idirghabhálaí árachais nó athárachais ag gníomhú thar a cheann nó a bhfuil an t-idirghabhálaí árachais nó athárachais de chumhacht chun gníomhú ina leith nó go bhfuil freagracht iomlán glactha ag an ngnóthas sin as gníomhaíochtaí an idirghabhálaí.’;

(d) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ceanglas ar an idirghabhálaí cumas airgeadais a bheith aige, agus é sin ar bhonn buan, dar mhéid 4 % de shuim na bpréimheanna bliantúla a fhaightear, faoi réir ag íosmhéid

EUR 18 750,00;

(6) in Airteagal 12(3) cuirtear isteach na fomhíreanna seo a leanas:

‘Áireofar ar na cumhachtaí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, an chéad abairt, an chumhacht chun:

- (a) rochtain a fháil ar aon doiciméad nó ar shonraí eile in aon fhoirm a mheasann an t-údarás inniúil a d’fhéadfadh a bheith ábhartha agus riachtanach chun a dhualgais a fheidhmiú agus chun cóip den doiciméad nó de na sonraí sin a fháil nó a dhéanamh;
- (b) a cheangal nó a éileamh ar aon duine faisnéis a sholáthar agus, más gá, duine a thoghairm agus a cheistiú chun faisnéis a fháil;
- (ba) seiceálacha rialta a dhéanamh ar ailíniú ghnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla na dtáirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe ar an margadh leis na tagarmharcanna ábhartha agus, nuair is gá, gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 12a den Treoir seo;**
- (c) cigireachtaí nó imscrúduithe a dhéanamh ar an láthair;
- (d) gníomhaíochtaí rúnsiopadóireachta a dhéanamh;
- (e) a cheangal go ndéanfar calcadh nó forlámhú sócmhainní, nó an dá cheann;
- (f) a cheangal go ndéanfar gníomhaíocht ghairmiúil a thoirmeasc go sealadach;
- (g) a cheangal ar iniúcháirí gnóthas árachais nó idirghabhálaithe árachais faisnéis a sholáthar;
- (h) ábhair a tharchur le haghaidh ionchúisimh choiriúil;
- (i) ceadú d’iniúcháirí nó saineolaithe fíorúcháin nó imscrúduithe a dhéanamh;
- (j) cumarsáid nó cleachtais mhargaíochta a úsáidtear ina mBallstát a chur ar fionraí nó a thoirmeasc ar feadh uastréimhse 1 bhliana amháin, i gcás ina mbeidh forais réasúnacha chun a chreidiúint gur sáraíodh an Treoir seo.;
- (k) a cheangal go scoirfead go sealadach nó go buan d’aon chleachtas nó iompraíocht a mheasann an t-údarás inniúil a bheith contrártha do na forálacha a ghlactar i gcur chun feidhme na Treorach seo agus an cleachtas nó an iompraíocht sin a dhéanamh an athuair a chosc;

- (l) aon chineál eile birt a ghlacadh chun a áirithiú go leanfaidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais de bheith ag comhlíonadh na gceanglas dlí;
- (m) dáileadh táirge infheistíochta árachas-bhunaithe a chur ar fionraí nó a thoirmeasc;
- (n) dáileadh táirge infheistíochta árachas-bhunaithe a chur ar fionraí i gcás nár chomhlíon an gnóthas árachais nó an dáileoir árachais Airteagal 25;
- (o) a cheangal go mbainfear duine nádúrtha de bhord bainistíochta gnóthais árachais nó dáileora árachais;
- (p) na bearta uile is gá a dhéanamh, lena n-áirítear trína iarraidh ar thríú páirtí nó ar údarás poiblí eile na bearta sin a chur chun feidhme, bíodh sé ar bhonn sealadach nó buan, chun:
  - (i) inneachar a bhaint nó rochtain a shrianadh ar chomhéadan ar líne nó a ordú go gcuirfí rabhadh ar taispeáint go sainráite a bheadh le feiceáil ag custaiméirí agus comhéadan ar líne á rochtain acu;
  - (ii) a ordú do sholáthraí seirbhísí óstála rochtain ar chomhéadan ar líne a bhaint anuas, a chur as feidhm, nó a shrianadh;
  - (iii) a ordú do chlárlanna nó do chláraitheoirí fearann ainm fearainn láncháilithe a scriosadh agus cead a thabhairt don údarás inniúil lena mbaineann é a chlárú;
- (q) úsáid rabhadh riosca a fhorchur le haghaidh táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe, agus, i gcás inarb infheidhme, roghanna foluiteacha infheistíochta, in ábhair faisnéise, lena n-áirítear cumarsáid mhargaíochta, a bhaineann go háirithe le táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe a bhfuil riosca ar leith ag baint leo agus, i gcás inarb infheidhme, roghanna foluiteacha infheistíochta, i gcás ina bhféadfadh na táirgí sin agus na roghanna foluiteacha infheistíochta sin a bheith ina mbagairt thromchúiseach ar chosaint infheisteoirí.’;
- (qa) teicnící agus uirlisí um chnuaschoipeáil ón ngréasán a úsáid chun sonraí ar líne a bhailiú chun críoch faireacháin, faireachais, braite agus imscrúdaithe.**

I gcás ina mbeidh na cumhachtaí dá dtagraítear i bpointe (j) á n-úsáid, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra do ÚEÁPC. I gcás ina n-úsáidfear na cleachtais nó an chumarsáid sin i mbreis agus Ballstát amháin, déanfaidh ÚEÁPC, arna iarraidh sin ag údarás inniúil amháin ar a laghad,

comhordú ar ghníomhaíochtaí a dhéanann údaráis inniúla de bhun phointe (j).

Beidh cur chun feidhme agus feidhmiú na gcumhachtaí a leagtar amach sa mhír seo comhréireach agus comhlíonfaidh siad dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta, lena n-áirítear coimircí nós imeachta infheidhme agus prionsabail na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Beidh na bearta imscrúdaitheacha agus forfheidhmiúcháin a ghlactar de bhun na Treorach seo iomchuí do chineál an tsáraithe agus do dhíobháil iarbhír nó ionchasach fhoriomlán an tsáraithe.’;

**(6a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:**

***‘Airteagal 12-a***

***Tagarmharcanna mar uirlis mhaoirseachta***

***1. I gcomhréir le hAirteagal 25, déanfaidh ÚEÁPC, ar bhonn tástáil tionscail agus tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA agus leis na húdaráis inniúla náisiúnta, tagarmharcanna coiteanna Eorpacha a fhorbairt, i gcás inarb iomchuí, le haghaidh grúpaí de tháirgí infheistíochta árachas-bhunaithe inchomparáide a mhonaraítear agus a dháiltear i níos mó ná Ballstát amháin. Beidh na tagarmharcanna ina bpointí tagartha le haghaidh grúpaí inchomparáide de tháirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe agus úsáidfidh na húdaráis inniúla náisiúnta iad chun measúnú a dhéanamh ar ghnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla na dtáirgí infheistíochta árachas-bhunaithe arna ndáileadh nó arna monarú ag gnóthais árachais agus ag idirghabhálaithe árachais.***

***Tabharfaidh ÚEÁPC na tagarmharcanna sin cothrom le dáta go rialta, agus forbairtí sa mhargadh á gcur san áireamh.***

***I gcásanna sonracha, nuair is ann do shainiúlachtaí náisiúnta a bhfuil tionchar díreach acu ar phríomhghnéithe táirge, amhail na costais, an fheidhmíocht agus na sochair cháilíochtúla, cuirfear san áireamh iad. Chun na críche sin, cuirfidh na húdaráis inniúla náisiúnta iad sin in iúl do ÚEÁPC agus tabharfaidh siad treoir maidir leis an gcaoi a ndéanann gnéithe den sórt sin difear do na tagarmharcanna, lena n-áirítear trí raon tionchair a sholáthar a bheidh ag gnéithe den sórt sin den táirge ar chomhlíonadh na dtagarmharcanna.***

***Nuair a dhéanfar an táirge árachas-bhunaithe infheistíochta a mhonarú agus a dháileadh i mBallstát amháin, beidh an táirge sin faoi réir tagarmharcanna náisiúnta arna bhforbairt ag údarás inniúil náisiúnta an Bhallstáit sin. Déanfaidh ÚEÁPC, tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir le tagarmharcanna náisiúnta a***

*fhorbairt chun cur chuige comhchuibhithe a áirithiú laistigh den Aontas, agus déanfaidh sé na caighdeáin sin a thabhairt cothrom le dáta ó am go chéile.*

Cuirfidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa ceathrú fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

*2. Ní fhónfaidh na tagarmharcanna dá dtagraítear i mír 1 ach d'uirlis mhaoirseachta d'údaráis inniúla náisiúnta chun sainaitheint aslúitigh ionchasacha i measc táirgí árachas-bhunaithe infheistíochta ar an margadh a éascú bunaithe ar chur chuige rioscabhunaithe agus chun ligean dóibh fiosrúchán breise a dhéanamh nuair is gá.*

*Chun na críche sin, féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta dul i mbun comhar leis an earnáil phríobháideach chun tacú lena n-iarrachtaí scagadh margaidh a dhéanamh.*

*Agus an chumhacht sin á húsáid acu, seiceálfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta na táirgí árachas-bhunaithe infheistíochta ar an margadh go rialta agus cuirfidh siad i gcomparáid iad leis na tagarmharcanna ábhartha. Má shainaithníonn siad táirgí a chlaonann ón tagarmharc, féadfaidh siad a cheangal ar an ngnóthas árachais nó ar an idirghabhálaí árachais míniú a thabhairt ar an diall sin agus, má mheasann siad go dtugann an míniú údar cuí leis an diall, tabharfaidh siad an fiosrúchán i gcrích le measúnú dearfach.*

*Má mheasann siad, áfach, nach dtugann an míniú údar leis an diall ón tagarmharc, féadfaidh siad a cheangal ar an ngnóthas árachais nó ar an idirghabhálaí árachais a chur chuige a cheartú agus na ceanglais maidir le maoirseacht agus rialachas táirgí in Airteagal 25 den Treoir seo a chomhlíonadh chun gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla beartaithe an táirge lena mbaineann a sholáthar don tomhaltóir. Má dhéanann an gnóthas nó an t-idirghabhálaí ceartú den sórt sin, tabharfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta an fiosrúchán i gcrích le measúnú dearfach.*

*I gcás ina mainníonn gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais míniú a sholáthar nó i gcás nach dtugann an míniú údar le diall an táirge ón tagarmharc agus i gcás ina mainníonn an gnóthas nó an t-idirghabhálaí gnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla an táirge a ailíniú leis an*

*tagarmharc ábhartha, féadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta a cheangal ar an ngnóthas árachais nó ar an idirghabhálaí árachais, mar rogha dheiridh, an táirge sin a bhaint den mhargadh.’;*

(7) cuirtear na hAirteagail 12a agus 12b seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 12a*

**Comhar agus malartú faisnéise le ÚEÁPC**

1. Rachaidh na húdaráis inniúla i gcomhar le ÚEÁPC chun críocha na Treorach seo.
2. Soláthróidh na húdaráis inniúla do ÚEÁPC, gan moill mhíchuí, an fhaisnéis uile lena bhfuil gá ag ÚEÁPC chun a dhualgais a dhéanamh faoin Treoir seo.

*Airteagal 12b*

**Ardáin chomhair**

1. Féadfaidh ÚEÁPC, i gcás ábhair inní a bhfuil údar maith leo maidir le héifeachtaí diúltacha ar shealbhóirí polasaí, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag ceann amháin nó níos mó de na húdaráis inniúla, ardán comhair a chur ar bun agus a chomhordú, chun malartú faisnéise a neartú agus comhar idir na húdaráis mhaoirseachta ábhartha a fheabhsú i gcás ina ndéanann dáileoir árachais nó athárachais gníomhaíochtaí dáilte árachais atá bunaithe ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nó ar an tsaoirse bhunaíochta, nó ina bhfuil sé beartaithe aige na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích, nó i gcás ina ndáileann monaróir árachais táirgí, nó ina bhfuil sé beartaithe aige táirgí a dháileadh, i mBallstát eile ag baint úsáid as dáileoirí árachais atá cláraithe sa Bhallstát óstach, agus i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí sin ábhartha maidir le margadh an Bhallstáit óstaigh. Má chuirtear ardán comhair ar bun arna iarraidh sin ag údarás inniúil, tabharfaidh an t-údarás inniúil sin fógra d’údarás inniúil an Bhallstáit baile faoi na hábhair inní atá aige, a bhfuil údar leo, maidir le héifeachtaí diúltacha ar infheisteoirí.
2. Beidh mír 1 gan dochar do cheart na n-údarás maoirseachta ábhartha ardán comhair a bhunú i gcás ina gcomhaontaíonn siad uile go ndéanfaidh siad amhlaidh.
3. Ní dochar bunú ardáin comhair de bhun mhíreanna 1 agus 2 do shainordú maoirseachta údarás mhaoirseachta an Bhallstáit baile agus an Bhallstáit óstaigh dá bhforáiltear sa Treoir seo.

4. Gan dochar d'Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, déanfaidh na húdaráis inniúla ábhartha, arna iarraidh sin ag EIOPA, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar go tráthúil.
5. I gcás ina n-easaontaíonn dhá údarás inniúla ardáin comhair nó níos mó faoi nós imeachta nó inneachar gníomhaíochta atá le déanamh, nó neamhghníomhú, féadfaidh EIOPA, arna iarraidh sin ag aon údarás inniúil ábhartha nó as a stuaim féin, cuidiú leis na húdaráis inniúla teacht ar chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.
6. I gcás ina mbeidh easaontú laistigh den ardán agus i gcás inarb ann d'ábhair inní thromchúiseacha maidir le héifeachtaí diúltacha ar shealbhóirí polasaí nó le hábhar gníomhaíocht nó easpa gníomhaíochta atá le déanamh i ndáil le dáileoír árachais nó athárachais, féadfaidh ÚEÁPC cinneadh a dhéanamh cigireachtaí comhpháirteacha ar an láthair a thionscnamh agus a chomhordú. Sa chás sin, iarrfaidh ÚEÁPC ar údarás inniúil an Bhallstáit baile, chomh maith le húdaráis inniúla ábhartha eile an ardáin chomhair, páirt a ghlacadh sa chigireacht chomhpháirteach sin ar an láthair.';

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

*'Airteagal 14*

**Gearáin**

Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh dáileoírí árachais agus athárachais nósanna imeachta agus socruithe iomchuí, lena n-áirítear bealaí cumarsáide leictreonaí, chun a áirithiú go ndéileálfar i gceart le gearáin ó chustaiméirí agus páirtithe leasmhara eile, go háirithe comhlachais custaiméirí, agus nach mbeidh aon srian ar chustaiméirí agus páirtithe leasmhara eile a gcearta faoin Treoir seo a fheidhmiú. Leis na nósanna imeachta agus na socruithe sin, ceadófar do chustaiméirí agus páirtithe leasmhara eile gearáin a chlárú agus freagraí a fháil sa teanga chéanna inar soláthraíodh an t-ábhar cumarsáide nó aon doiciméad conarthach. I ngach cás, gheobhaidh gearánaigh freagraí laistigh de 40 lá oibre.';

(9) cuirtear na hAirteagail 16a agus 16b seo a leanas isteach:

*'Airteagal 16a*

**Oideachas airgeadais a chur ar chustaiméirí**

*I. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí faisnéise agus oideachais a shainiú agus a chur chun feidhme chun oideachas agus eolas na gcustaiméirí a chur chun cinn agus a mhéadú maidir le ceannach freagrach táirgí árachais agus rochtain á fáil acu ar sheirbhísí árachais nó ar sheirbhísí coimhdeacha.*

*Déanfaidh na Ballstáit rannchuidiú na n-údarás inniúil náisiúnta, na n-ollscoileanna agus na ngeallsealbhóirí ábhartha a mheas agus na hionstraimí oideachais á gceapadh acu chun litearthacht airgeadais a chur chun cinn. I ndáil leis sin, breithneoidh na Ballstáit ábhar teagaisc éigeantach a thabhairt isteach ina gcuraclaim náisiúnta scoile.*

*Féadfaidh na Ballstáit cláir a bhunú chun eagraíochtaí tomhaltóirí agus eagraíochtaí infheisteoirí nó scairshealbhóirí neamhspleácha a thacaíonn le hoideachas cliant miondíola agus cliant miondíola ionchasacha a chistiú i ndáil le hinfheistíocht fhreagrach agus rochtain á fáil acu ar sheirbhísí infheistíochta nó ar sheirbhísí coimhdeacha.*

*1a. Rachaidh údaráis inniúla náisiúnta i mbun idirphlé agus déanfaidh siad, ar a dtionscnamh féin, athbhreithnithe piaraí chun measúnú a dhéanamh ar infheidhmeacht na ndea-chleachtas maidir lena gcóras náisiúnta.*

*1b. Déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha (ÚMEnna), leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus leis an mBanc Ceannais Eorpach:*

*(a) comhar agus malartú dea-chleachtas a éascú i measc na mBallstát agus na ngeallsealbhóirí atá gníomhach san oideachas agus san airgeadas;*

*(b) spriocanna soiléire a bhunú maidir le litearthacht airgeadais;*

*(c) ardán maidir le hoideachas airgeadais agus litearthacht a bhunú, ar a mbeidh ionadaíthe ó na grúpaí seo a leanas:*

*- An Banc Ceannais Eorpach;*



- *An Banc Eorpach Infheistíochta;*
- *na ÚMEanna;*
- *gach Ballstát, sna hearnálacha oideachais agus airgeadais, arna n-ainmniú ag na húdaráis inniúla náisiúnta;*
- *Comhlachais tomhaltóirí Eorpacha agus náisiúnta;*
- *Cónaidhmeanna thionscal airgeadais na hEorpa.*

*Féadfar cuireadh a thabhairt d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus do gheallsealbhóirí poiblí agus príobháideacha eile ar bhonn ad hoc.*

*Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an ardán. Ceapfar ionadaithe le haghaidh sainordú inathnuaite dhá bhliain.*

*Déanfaidh na Ballstáit bearta a chur chun cinn agus a ghlacadh chun scileanna litearthachta airgeadais a fhorbairt.*

*Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] agus gach trí bliana ina dhiaidh sin, tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir le cur chun feidhme mhír 1. Eiseoidh an Coimisiún treoirlínte maidir le raon feidhme na dtuarascálacha sin.*

*Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo] agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na mbeart i ndáil le mír 1, ina leagfar amach na dea-chleachtais, an bealach chun cinn a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith leis an éabhlóid agus na torthaí breathnaithe idir gach tuarascáil.*

*1c. Moltar do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:*

*(a) comhordú agus comhoibriú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le hoideachas*

*airgeadais ar leibhéal an Aontais, amhail trí úsáid a bhaint as na modhanna oscailte comhordaithe agus malartuithe comhpháirteacha maidir le dea-chleachtais idir airí airgeadais an Aontais agus airí oideachais an Aontais, chomh maith le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais;*

*(b) oideachas agus oiliúint airgeadais a chur chun cinn, agus freisin trí dheiseanna foghlama ar feadh an tsaoil ar an leibhéal náisiúnta, mar shampla comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, nó trí chlár mheantóireachta.*

*Beidh sé mar aidhm ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit comhar a neartú i réimse an oideachais airgeadais laistigh den Limistéar Eorpach Oideachais, mar shampla trí thionscnamh Erasmus+ um Acadaimh Múinteoirí. Moltar do na Ballstáit úsáid a bhaint as na huirlisí agus as na clár chistiúcháin de chuid an Aontais atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun oideachas agus oiliúint airgeadais a chur chun cinn, chun tacú leo agus chun iad a chumasú, agus chun aitheantas frithpháirteach dioplómaí ar fud an Aontais Eorpaigh a áirithiú.*

*1d. Déanfaidh na Ballstáit rannchuidiú na n-údarás inniúil náisiúnta, na n-ollscoileanna agus na ngeallsealbhóirí ábhartha a mheas agus na hionstraimí oideachais á gceapadh acu chun litearthacht airgeadais a chur chun cinn.*

#### *Airteagal 16b*

### **Oideachas airgeadais a chur ar chustaiméirí agus cumarsáid mhargaíochta**

Ábhar oideachais airgeadais a fhéachann le tacú le litearthacht airgeadais daoine aonair trína chur ar a gcumas dóibh inniúlachtaí airgeadais a fháil, agus nach gcuireann chun cinn go díreach nó nach meallann infheistíocht i dtáirge árachais amháin nó i roinnt táirgí árachais, nó i gcatagóirí díobh, nó i seirbhísí árachais sonracha, ní mheasfar gur cumarsáid mhargaíochta atá ann chun críocha na Treorach seo.’;

(10) in Airteagal 17, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. An fhaisnéis uile a bhaineann le hábhar na Treorach seo, lena n-áirítear cumarsáid mhargaíochta, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sí cóir soiléir agus nach mbeidh sí míthreorach.

Beidh cumarsáid mhargaíochta in-sainaitheanta go soiléir mar chumarsáid mhargaíochta agus sainaitheofar go soiléir léi an gnóthas árachais nó an dáileoir árachais atá freagrach as a hinneachar agus a dáileadh, gan beann ar cé acu go díreach nó go hindíreach a dhéanann an gnóthas árachais nó an dáileoir árachais an chumarsáid sin.’;

(11) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

*'Airteagal 18 Faisnéis ghinearálta atá le soláthar don chustaiméir 1. Áiritheoidh na Ballstáit, in am trátha sula mbeidh an custaiméir faoi cheangal ag conradh nó tairiscint árachais, go ndéanfar an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an ngnóthas árachais atá ina pháirtí sa chonradh beartaithe a chur in iúl don chustaiméir:*

- (a) ainm an ghnóthais agus a fhoirm dhlíthiúil;
  - (b) i gcás ina mbeartófar an conradh árachais faoin tsaoirse bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, an Ballstát ina bhfuil ceannoifig an ghnóthais árachais agus, i gcás inarb iomchuí, an brainse a bhfuil an conradh á bheartú aige lonnaithe;
  - (c) seoladh na ceannoifige agus, i gcás inarb iomchuí, seoladh an bhbrainse a bhfuil an conradh á bheartú aige;
  - (d) faisnéis go bhfuil an gnóthas árachais údaraithe de bhun Airteagal 14 de Threoir 2009/138/CE, an t-údarás náisiúnta inniúil a dheonaigh an t-údarú agus an modh chun an t-údarú a fhíorú;
  - (e) tagairt don tuarascáil maidir le sócmhainneacht agus staid airgeadais mar a leagtar síos in Airteagal 51 de Threoir 2009/138/CE lena dtabharfar caoi don chustaiméir an fhaisnéis sin a rochtain go héasca.
2. I gcás ina mbeartóidh idirghabhálaí árachais an conradh árachais, déanfaidh an t-idirghabhálaí árachais sin, in am trátha sula mbeidh an custaiméir faoi cheangal ag an gconradh nó ag an tairiscint, an fhaisnéis bhreise seo a leanas a chur in iúl don chustaiméir:
- (a) ainm an idirghabhálaí árachais, a fhoirm dhlíthiúil agus a sheoladh agus an fíoras gur idirghabhálaí árachais é;
  - (b) i gcás ina mbeidh an t-idirghabhálaí árachais ag gníomhú faoin tsaoirse bunaíochta nó faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, an Ballstát ina bhfuil ceannoifig an

idirghabhálaí árachais agus, i gcás inarb iomchuí, an brainse a bhfuil an Conradh á bheartú aige lonnaithe;

- (c) cé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn an t-idirghabhálaí árachais comhairle maidir leis an gconradh árachais beartaithe;
- (d) na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a chuireann ar a gcumas do chustaiméirí agus páirtithe leasmhara eile gearáin a chlárú faoi idirghabhálaithe árachais agus faoi na nósanna imeachta maidir le gearán agus sásamh lasmuigh den chúirt dá dtagraítear in Airteagal 15;
- (e) an clár a bhfuil an t-idirghabhálaí árachais áirithe ann agus an modh chun a fhíorú gur cláraíodh é;
- (f) cé acu atá nó nach bhfuil an t-idirghabhálaí árachais ag déanamh ionadaíochta thar ceann an chustaiméara nó ag feidhmiú ar son an ghnóthais árachais agus thar a cheann.

3. I gcás ina mbeartóidh gnóthas árachais an Conradh árachais, déanfaidh an gnóthas árachais sin, in am trátha sula mbeidh an custaiméir faoi cheangal ag an gconradh nó ag an tairiscint, an fhaisnéis bhreise seo a leanas a chur in iúl don chustaiméir:

- (a) ainm an ghnóthais árachais, a fhoirm dhlíthiúil agus a sheoladh, agus an fíoras gur gnóthas árachais é, a mhéid nár cuireadh sin in iúl cheana i gcomhréir le mír 1, pointe (a);
- (b) cé acu a sholáthraíonn nó nach soláthraíonn sé comhairle maidir leis an gconradh árachais beartaithe;
- (c) na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14 a chuireann ar a gcumas do chustaiméirí agus páirtithe leasmhara eile gearáin a chlárú faoi ghnóthais árachais agus faoi nósanna imeachta maidir le gearán agus sásamh lasmuigh den chúirt dá dtagraítear in Airteagal 15;
- (d) faisnéis go bhfuil an gnóthas árachais údaraithe de bhun Airteagal 14 de Threoir 2009/138/CE, an t-údarás náisiúnta inniúil a dheonaigh an t-údarú agus an modh chun an t-údarú a fhíorú, ach amháin má cuireadh sin in iúl cheana i gcomhréir le mír 1, pointe (d);

- (e) cé acu an é an gnóthas árachas monaróir an chonartha bheartaithe nó nach é, nó cé acu a dháileann nó nach ndáileann sé an Conradh thar ceann gnóthas árachais eile.’;

(12) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Nochtaí’;

- (b) leasaítear mír 1 mar seo a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh idirghabhálaí árachais an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad don chustaiméir in am trátha sula mbeidh an custaiméir faoi cheangal ag Conradh nó tairiscint árachais.’;

- (ii) i bpointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘i ndáil le táirgí árachais seachas táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas.’;

- (iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) cineál an luacha saothair a fhaightear i ndáil leis an gconradh árachais, go háirithe an oibríonn sé:

- (i) ar bhonn táille, is é sin le rá an luach saothair a íocann an custaiméir go díreach;

- (ii) ar bhonn coimisiúin de chineál ar bith, is é sin le rá an luach saothair a áirítear sa phréimh árachais;

- (iii) ar bhonn aon chineáil eile luacha saothair, lena n-áirítear tairbhe eacnamaíoch de chineál ar bith a thairgtear nó a thugtar i gcomhar leis an gconradh árachais; nó

- (iv) ar bhonn meascáin d’aon chineál luacha saothair a leagtar amach i bpointí (i), (ii) agus (iii).’;

- (iv) scriostar pointe (e);

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnóthas árachais cineál an luacha saothair a fhaigheann a fhostaithe i ndáil leis an gconradh árachais a chur in iúl in am trátha don chustaiméir sula mbeidh an custaiméir faoi cheangal ag conradh nó tairiscint árachais.’;

(13) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘1. In am trátha sula mbeidh an custaiméir faoi cheangal ag conradh nó tairiscint árachais, sonrúidh an dáileoir árachais, ar bhonn na faisnéise a fhaightear ón gcustaiméir, éilimh agus riachtanais an chustaiméara sin agus soláthrúidh sé faisnéis oibiachtúil don chustaiméir maidir leis an táirge árachais i bhfoirm shothuigthe chun caoi a thabhairt don chustaiméir sin cinneadh a dhéanamh a bhfuil bonn eolais faoi.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3, 4 agus 5:

‘3. I gcás ina gcuirfidh idirghabhálaí árachais a dháileann táirgí árachais seachas táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe in iúl don chustaiméir go dtugann sé a chomhairle ar bhonn anailís chóir phearsanta, tabharfaidh sé an chomhairle sin ar bhonn anailís ar chonarthaí árachais atá le fáil ar an margadh, a bhfuil a líon mór go leordhóthanach chun é a chur ar a chumas dó moladh pearsanta a dhéanamh, i gcomhréir le critéir ghairmiúla, maidir le cén conradh árachais a bheadh oiriúnach chun riachtanais an chustaiméara a chomhlíonadh.

4. In am trátha sula mbeidh an custaiméir faoi cheangal ag conradh nó tairiscint árachais, cé acu a thugtar nó nach dtugtar comhairle agus bíodh an táirge árachais mar chuid de phacáiste de bhun Airteagal 24 den Treoir seo nó ná bíodh, soláthrúidh an dáileoir árachais an fhaisnéis ábhartha maidir leis an táirge árachais don chustaiméir i bhfoirm shothuigthe chun caoi a thabhairt don chustaiméir cinneadh a dhéanamh a bhfuil bonn eolais faoi, agus castacht an táirge árachais agus an cineál custaiméara á gcur san áireamh.

5. I ndáil le dáileadh táirgí árachais neamhshaoil mar a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/138/CE agus i ndáil le táirgí árachais saoil a liostaítear in

Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2009/138/CE seachas táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe, agus táirgí árachais saoil de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (17), (c) go (e), cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo ar fáil do chustaiméirí miondíola trí bhíthin doiciméad faisnéise caighdeánaithe maidir le táirge árachais ar pháipéar nó ar mheán marthanach eile.’;

(c) leasaítear mír 8 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘I gcás táirgí árachais neamhshaoil, beidh an fhaisnéis seo a leanas sa doiciméad faisnéise táirge:’;

(ii) cuirtear an pointe (j) seo a leanas isteach:

‘(j) an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh i gcás nach mbíonn rogha dlí ag na páirtithe nó, i gcás inar féidir leis na páirtithe an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh a roghnú, an dlí a bheartaíonn an gnóthas árachais a roghnú, agus an dlínse inniúil.’;

(d) cuirtear an mhír 8a seo a leanas isteach:

‘8a. I gcás táirgí árachais saoil seachas táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe agus seachas táirgí árachais saoil de réir bhrí Airteagal 2(1), pointí (17), (c) go (e), beidh an méid seo a leanas sa doiciméad faisnéise faoin táirge árachais:

(a) faisnéis faoin gcineál árachais;

(b) achoimre ar an gcumhdach árachais, lena n-áirítear mionsonraí maidir leis na sochair agus na roghanna árachais agus na himthosca a spreagfadh iad, agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar na rioscaí eisiata;

(c) modh íocaíochta préimheanna agus fad na n-íocaíochtaí;

(d) faisnéis maidir leis na préimheanna do gach sochar, idir phríomhshochair agus sochair fhorlíontacha, i gcás inarb infheidhme;

(e) i gcás inarb infheidhme, modh ríomha agus dáilte bónas;

(f) na príomh-eisiaimh nach féidir éilimh a dhéanamh ina leith;

(g) oibleagáidí ag tús an chonartha;

- (h) oibleagáidí le linn théarma an chonartha;
  - (i) oibleagáidí i gcás ina ndéantar éileamh;
  - (j) léiriú ar luachanna géilliúna agus íoctha agus a mhéid a ráthaítear iad;
  - (k) faisnéis maidir leis an gceart cealúcháin de bhun Airteagal 186 de Threoir 2009/138/CE, go háirithe mionsonraí maidir le teorainneacha ama agus coinníollacha i ndáil le feidhmiú an chirt sin;
  - (l) faisnéis ghinearálta maidir leis na rialacha cánach is infheidhme maidir leis an gcineál polasaí árachais;
  - (m) téarma an chonartha árachais, lena n-áirítear dátaí tosaigh agus deiridh an chonartha;
  - (n) an modh chun deireadh a chur leis an gconradh;
  - (o) an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh i gcás nach mbíonn rogha dlí ag na páirtithe nó, i gcás inar féidir leis na páirtithe an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh a roghnú, an dlí a bheartaíonn an gnóthas árachais a roghnú, agus an dlínse inniúil.’;
- (e) leasaítear mír 9 mar seo a leanas:
- (i) sa chéad fhomhír, cuirtear ‘mír 8a’ in ionad ‘mír 8’;
  - (ii) sa dara fhomhír, cuirtear [DÁTA LE CINNEADH I gCOMHRÉIR LE DÁTA AN GHLACTHA] in ionad ‘23 Feabhra 2017’.’;

(14) in Airteagal 22(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘An fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 18, 19 agus 20, ní gá í a sholáthar i gcás ina ndéanfaidh an dáileoir árachais gníomhaíochtaí dáilte i ndáil leis an árachas ar rioscaí móra nó le custaiméirí a chomhlíonann na critéir maidir le cliaint ghairmiúla mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (10), de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle\*.’

---

\*Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE



(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 23:

*‘Airteagal 23*

**Dáileadh leictreonach agus meáin mharthanacha eile**

1. Is i bhfoirm leictreonach a sholáthróidh dáileoirí árachais an fhaisnéis uile a cheanglaítear leis an Treoir seo do chustaiméirí.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, déanfaidh dáileoirí árachais, arna iarraidh sin ag an gcustaiméir miondíola, an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír a sholáthar saor in aisce ar páipéar.

2. Cuirfidh dáileoirí árachais custaiméirí miondíola ar an eolas go bhfuil sé de rogha acu an fhaisnéis a fháil saor in aisce ar páipéar.

3. Cuirfidh dáileoirí árachais na custaiméirí miondíola atá ann cheana ar an eolas go bhfuil sé de rogha acu leanúint de bheith ag fáil na faisnéise saor in aisce ar páipéar nó an fhaisnéis a fháil i bhfoirm leictreonach amháin. Cuirfidh dáileoirí árachais custaiméirí miondíola atá ann cheana ar an eolas go ndéanfar aistriú uathoibríoch chuig an bhformáid leictreonach tar éis tréimhse 8 seachtaine ar a laghad, mura n-iarrfaidh siad laistigh den tréimhse 8 seachtaine sin go leanfaí de bheith ag soláthar na faisnéise ar páipéar. Custaiméirí miondíola atá ann cheana a fhaigheann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 i bhformáid leictreonach, ní gá iad a chur ar an eolas.

4. Agus ceanglais reachtaíochta eile atá ann cheana á gcur san áireamh, tar éis dó dul i gcomhairle le ÚEUM agus tar éis dó tástáil tomhaltóirí agus tástáil tionscail a dhéanamh, déanfaidh ÚEÁPC, faoin [2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe], treoirlínte a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil ina sonrúfar cur i láthair na faisnéise arna soláthar i bhformáid leictreonach ar bhealach a bheidh oiriúnach don ghnáthchustaiméir ar a bhfuil an fhaisnéis dírithe.

Sonrófar leis na treoirlínte dá dtagraítear sa chéad fhomhír an méid seo a leanas:

- (a) cur i láthair agus formáid na nochtaí digiteacha, i bhfianaise na ndearaí agus na mbealaí éagsúla a fhéadfaidh dáileoirí árachais a úsáid chun a gcustaiméirí a chur ar an eolas;
- (b) na coimircí is gá chun nascleanúint agus inrochtaineacht éasca na faisnéise a áirithiú, gan beann ar an ngaireas a úsáideann an cliant;
- (c) na coimircí is gá chun in-aisghabhálacht éasca na faisnéise a áirithiú agus chun stóráil faisnéise ag custaiméirí i meán marthanach a éascú.’;

(16) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 25:

*‘Airteagal 25*

**Ceanglais mhaoirseachta táirgí agus rialachais**

1. Gnóthais agus idirghabhálaithe árachais a mhonaraíonn aon táirge árachais chun é a dhíol le custaiméirí, ceanglóidh Ballstát baile an mhonaróra orthu próiseas a bhunú, a choinneáil ar bun, a oibriú agus a athbhreithniú le haghaidh gach táirge árachais atá ann cheana a fhormheas agus le haghaidh oiriúnuithe suntasacha ar tháirgí árachais atá ann cheana, sula ndéanfar iad a mhargú do chustaiméirí nó a dháileadh orthu (‘an próiseas formheasa táirge’).

Beidh an próiseas formheasa táirge comhréireach agus oiriúnach do chineál an táirge árachais.

Beidh an méid uile seo a leanas sa phróiseas formheasa táirge:

- (a) spriocmhargadh sainaitheanta a shonrú le haghaidh gach táirge árachais;
- (b) cuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh a shainaitheint go soiléir;
- (c) measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil an táirge árachais arna cheapadh go hiomchuí chun cuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh a chomhlíonadh;
- (d) measúnú ar na rioscaí ábhartha uile don spriocmhargadh sainaitheanta agus go bhfuil an straitéis dáileacháin atá beartaithe i gcomhréir leis an spriocmhargadh sainaitheanta;
- (e) bearta réasúnacha chun a áirithiú go ndáilfear an táirge árachais ar an spriocmhargadh sainaitheanta;

- (f) maidir le táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, agus a chuirtear ar fáil do chliaint mhiondíola, measúnú soiléir agus tuairisc shoiléir ar ghnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla araon an táirge árachais airgeadais, lena n-áirítear:
- i) na costais agus na muirir go léir a bhaineann leis an táirge*
  - ii) an bhfuil bonn cirt leis na costais agus na muirir sin, i ndáil leis na costais agus na muirir sin a thabhaítear go hiarbhír chun an táirge a dheardh, a bhainistiú agus a dháileadh, agus comhréireach (próiseas praghsála), ag féachaint do chuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh, saintréithe, cuspóirí, straitéis agus feidhmíocht an táirge, chomh maith le ráthaíochtaí agus cumhdach árachais rioscaí bithmhéadracha agus rioscaí eile;*
  - iii) gnéithe agus seirbhísí breise táirgí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an luach agus ar na sochair a chuirtear ar fáil d'infheisteoirí. Nuair a thairgeann táirge árachais raon roghanna foluiteacha infheistíochta, ní mór na ceanglais sin a dhéanamh ar leibhéal gach rogha infheistíochta freisin;*
- (g) i ndáil le táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, measúnú ar an riosca go mbainfidh custaiméirí sa spriocmhargadh sainaitheanta míthuiscint as príomhghnéithe, costais agus rioscaí an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe.

*Chun críocha an dara fomhír, pointe (a), déanfaidh an monaróir, mar chuid den sainmhíniú ar an spriocmhargadh, measúnú ar an gcineál custaiméir ar a ndírítear an táirge, ar an leibhéal eolais agus taithí is gá chun an táirge a thuiscint, ar an gcumas cailteanais a sheasamh, ar an lamháltas riosca agus ar cibé acu a cheadaíonn an táirge don spriocmhargadh an méid seo a leanas a dhéanamh:*

- (a) airgeadas gearrthéarmach a bhainistiú go réidh chun freastal ar riachtanais ghearrthéarmacha;*
- (b) suaitheadh eacnamaíoch a sheasamh; nó*
- (c) spriocanna fadtéarmacha a bhaint amach amach.*

*Áiríteofar leis an bpróiseas chun táirgí a fhorhmeas go gcuirfidh gnóthais árachais agus*

*idirghabhálaithe leas na gcliant san áireamh i monarú na dtáirgí árachais agus go gcuirfear san áireamh ann na sochair airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta atá beartaithe don chustaiméir.*

*Déanfaidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe athbhreithniú rialta ar na táirgí árachais a mhonaraíonn siad, agus aon teagmhas nó riosca a d'fhéadfadh difear ábhartha a dhéanamh don spriocmhargadh sainaitheanta á gcur san áireamh, chun a mheas an leanann an táirge árachais de bheith comhsheasmhach le cuspóirí, riachtanais agus saintréithe an spriocmhargaidh.*

*1a. Áiríteoidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe go n-áireofar go córasach sna tuarascálacha comhlíontachta don chomhlacht bainistíochta faisnéis faoin táirge árachais arna mhonarú ag an ngnólacht, lena n-áirítear faisnéis faoin straitéis dáileacháin agus na sochair airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta atá beartaithe do na cliaint a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais. Cuirfidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe na tuarascálacha ar fáil dá n-údarás inniúil nuair a iarrann siad sin.*

3. Gnóthais agus idirghabhálaithe árachais a mhonaraíonn táirgí árachais, beidh tuiscint acu agus déanfaidh siad athbhreithniú tráthrialta ar na táirgí árachais a chuireann siad ar fáil, agus aon teagmhas nó riosca a d'fhéadfadh difear ábhartha a dhéanamh don spriocmhargadh sainaitheanta á chur san áireamh, agus déanfaidh siad measúnú ar an bhfuil an táirge fós i gcomhréir le cuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh shainaitheanta agus an bhfuil an straitéis dáileacháin atá beartaithe fós iomchuí.

Cuirfidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe a mhonaraíonn táirgí árachais an fhaisnéis uile ar fáil do dháileoirí maidir leis an táirge árachais agus maidir leis an bpróiseas chun táirge a fhormheas, ar faisnéis í is gá chun tuiscint iomlán a fháil ar an táirge sin agus ar na heilimintí a cuireadh san áireamh le linn an phróisis formheasa táirge, lena n-áirítear sonraí iomlána agus cruinne maidir le haon chostais agus muirir, gnéithe, cuspóirí, straitéis agus feidhmíocht an táirge árachais.

I gcás táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, is éard a bheidh san fhaisnéis a chuirtear ar

fáil do dháileoirí na heilimintí uile dá dtagraítear i mír 1, an tríú fómhír, pointí (f) agus (g), sonraí breise ar bith atá ábhartha agus míniú lena léirítear go bhfuil údar leis na costais agus na muirir agus go bhfuil siad comhréireach agus go gcomhlíonann an táirge cuspóirí agus riachtanais chustaiméirí an spriocmhargaidh.

5. Beidh socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm ag dáileoir árachais a mholann nó a thugann comhairle maidir le táirgí árachais nach monaraíonn sé, chun an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3, an dara fómhír, a fháil, agus chun saintréithe agus spriocmhargadh sainaitheanta gach táirge árachais a thuiscint, lena n-áirítear na sochair airgeadaíochta agus neamhairgeadaíochta atá ábhartha don spriocmhargadh, ach freisin chun a áirithiú go gcuirfidh an gnóthas árachais agus an t-idirghabhálaí leas an spriocmhargaidh san áireamh.

**5a.** Déanfaidh idirghabhálaithe árachais nó gnóthais árachais a dháileann táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe an méid seo a leanas:

- (a) a áirithiú go bhfaigheann siad agus go dtuigeann siad go hiomlán an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3, an tríú fómhír;
- (b) aon chostais agus muirir bhreise a shainnithint agus a chainníochtú, go háirithe costais dáileacháin, nach bhfuil curtha san áireamh cheana i ríomh na gcostas agus na muirear iomlán ag an monaróir, lena n-áirítear costais iontrála, costais scoir agus íocaíochtaí tríú páirtí arna bhfáil agus arna gcoinneáil ag an dáileoir;
- (c) measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil bonn cirt leis na costais iomlána agus na muirir iomlána arna dtabhú chun an táirge a dháileadh, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gcomhairle a chuirtear ar fáil don chliant, agus an bhfuil siad comhréireach, ag féachaint do chuspóirí agus riachtanais an spriocmhargaidh (próiseas praghsála).

***(ca) measúnú a dhéanamh ar ghnéithe agus seirbhísí breise táirgí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an luach agus ar na sochair a chuirtear ar fáil d'infheisteoirí.***

Déanfaidh an dáileoir gach faisnéis ábhartha maidir le torthaí a phróisis praghsála a sholáthar ar bhonn tráthrialta don ghnóthas árachais nó don idirghabhálaí árachais a mhonaraíonn an

táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe. I gcás ina suífidh an dáileoir gur ann do chostais agus muirir, go háirithe costais dáileacháin, nár cuireadh san áireamh go hiomlán i bpróiseas praghsála an mhonaróra, cuirfidh sé an méid sin in iúl don mhonaróir láithreach bonn.



**6a. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe a mhonaraíonn nó a dháileann táirge infheistíochta árachas-bhunaithe na nithe seo a leanas a chur san áireamh agus na ceanglais maidir le maoirseacht agus rialachas táirgí á gcomhlíonadh acu:**

**(a) go bhfuil costais agus muirir an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe comhoiriúnach le cuspóirí, riachtanais agus saintréithe an spriocmhargaidh;**

**(b) I gcás ina ndéanann gnóthais árachais agus idirghabhálaithe táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe a thagann faoin sainmhíniú ar tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe in Airteagal 4, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 a mhonarú nó a dháileadh, déanfaidh siad anailís phiarghrúpála i gcomhréir leis an mír seo. Ina measúnú, féadfaidh dáileoirí brath ar anailís phiarghrúpála an mhonaróra.**

**Déanfaidh monaróir agus dáileoir táirge infheistíochta árachas-bhunaithe a thagann faoin sainmhíniú ar tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014, meastóireacht phiarghrúpa ar an táirge árachais.**

**Ina theannta sin, déanfaidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe a mhonaraíonn táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe anailís phiara ar fheidhmíocht stairiúil agus athbhreithniú ar tháirgí árachais atá ann cheana a thagann faoin sainmhíniú ar tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe á dhéanamh acu i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014.**

**Ina theannta sin, déanfaidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe a dháileann táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe anailís phiara ar chostais seirbhíse bunaithe ar anailís inmheánach ar phiaraí ábhartha sa mhargadh.**

**Déanfar an mheastóireacht phiarghrúpála ar bhonn piarghrúpa arna shainiú ag na gnóthais árachais agus ag na hidirghabhálaithe. Tabharfaidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe bunús le rogha agus sainmhíniú an phiarghrúpa agus déanfaidh siad iad**

*a dhoiciméadú. Má thagann an táirge faoin sainmhíniú ar GCUI in Airteagal 1(2) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nó CIM in Airteagal 4(1), pointe (a), de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, féadfar an piarghrúpa a bhunú ar an gcóras aicmithe cistí Eorpacha ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 14(1f) de Threoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó le hAirteagal 12(1f) de Threoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*

*Déanfaidh EIOPA faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo], treoirlínte a fhorbairt maidir leis an bpróiseas agus na critéir a úsáideann gnólachtaí infheistíochta chun a meastóireacht phiarghrúpa a dhéanamh, agus déanfaidh siad na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil.*

7. Gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais a mhonaraíonn nó a dháileann táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, déanfaidh sé gach measúnú a rinneadh a dhoiciméadú agus, arna iarraidh sin, soláthróidh sé measúnuithe den sórt sin d'údarás inniúil ábhartha, lena n-áirítear an bonn cirt agus an léiriú ar chomhréireacht chostais agus mhuirir an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe:

*I gcomhréir leis an bhfaisnéis atá le nochtadh faoi Airteagal 29 den Treoir seo, tuairisceoidh gnóthas árachais nó idirghabhálaí a mhonaraíonn nó a dháileann táirge infheistíochta árachas-bhunaithe a thagann faoin sainmhíniú ar tháirgí infheistíochta miondíola pacáistithe i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014 do na húdaráis inniúla mionsonraí faoi chostais agus muirir an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe atá ceaptha d'infheisteoirí miondíola, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, costais dáileacháin atá ionchorpraithe i gcostais an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe agus costais a bhaineann le dáileadh comhairle. Tarchuirfidh na húdaráis inniúla sonraí den sórt sin gan moill mhíchúí chuig EIOPA.*

*Déanfaidh ÚEÁPC, tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA agus leis na húdaráis inniúla agus tar éis tástáil tionscail a dhéanamh, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas sa mhír seo chun an méid seo a leanas a chinneadh:*

- (a) *i gcomhréir leis an bhfaisnéis atá le nochtadh faoi Airteagal 29, ábhar agus cineál na sonraí atá le tuairisciú do na húdaráis baile, bunaithe ar oibleagáidí nochtá agus tuairiscithe atá ann cheana;*

*(b) formáidí, minicíocht agus dáta tosaigh na faisnéise atá le tuairisciú, i gcomhréir leis an bhfaisnéis atá le nochtadh faoi Airteagal 29.*

*Cuirfidh ÚEÁPC na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo].*

*Déantar an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.*

*7a. Féadfaidh gnóthas árachais a mhonaraíonn agus a thairgeann nó a mholann táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe próiseas praghsála amháin a bhunú a bhaineann le céimeanna monaraíochta agus dáileacháin araon.*

**I**

*9. Déanfaidh EIOPA faoin ... [12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe], treoirlínte a fhorbairt chun critéir a shonrú chun a chinneadh an bhfuil údar cuí le costais agus muirir agus an bhfuil siad comhréireach, agus déanfaidh sé na treoirlínte sin a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil.*

**I**

*11. Beidh na beartais, na próisis agus na socruithe dá dtagraítear san Airteagal seo gan dochar do gach ceanglas eile faoin Treoir seo lena n-áirítear ceanglais a bhaineann le nochtadh, oiriúnacht nó iomchuíbheas, sainaitheint agus bainistíocht coinbhleachtaí leasa, agus íocaíochtaí tríú páirtí.*

*12. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le táirgí árachais ina bhfuil árachas ar rioscaí móra.’;*

*13. Faoin ... [cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo], cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le cur chun feidhme an Airteagail seo in iúl don Choimisiún agus do ESMA. Féadfaidh an Coimisiún agus ESMA faisnéis bhreise a iarraidh ar na húdaráis inniúla náisiúnta.*

*Ar bhonn na faisnéise sin arna soláthar ag na Ballstáit, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhairle le ESMA agus ÚEÁPC, meastóireacht ar chur chun feidhme éifeachtach an*



*Airteagail seo agus déanfaidh sé measúnú ar an méid seo a leanas go háirithe:*

- (a) an raibh luach níos fearr ar airgead do shaoránaigh mar thoradh ar éifeachtaí na gceanglas neartaithe maidir le rialachas táirgí a leagtar amach san airteagal seo;*
- (b) tionchar fhorálacha ábhartha na Treorach seo ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag baint le haslaigh, éabhlóid na gcostas, leibhéal foriomlán na hinfheistíochta miondíola i margaí caipitil, cosaint tomhaltóirí agus ábharthacht na rialacha dáileacháin;*
- (c) bearta litearthachta airgeadais a chur chun feidhme.*

*Má chruthaíonn an mheastóireacht a rinne an Coimisiún nach ndéantar aon athrú dearfach do thomhaltóirí le cur chun feidhme na gceanglas nua rialachais táirgí a leagtar amach san Airteagal seo, cuirfidh an Coimisiún togra reachtach chun an Treoir seo leasú, más iomchuí, in éineacht lena thuarascáil.?’;*

(17) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 26:

*‘Airteagal 26*

#### **Raon feidhme na gceanglas breise**

Bunaítear ceanglais leis an gCaibidil seo i dteannta na gceann is infheidhme maidir le dáileadh árachais, i gcás ina ndéanfar an dáileadh árachais i ndáil le díol táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe.

Ní fhéadfaidh ach na heintitis seo a leanas táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a dháileadh:

- (a) idirghabhálaí árachais;
- (b) gnóthas árachais.?’;

(18) cuirtear Airteagal 26a seo a leanas isteach:

### **Cumarsáid agus cleachtais mhargaíochta**

1. De mhaolú ar Airteagal 17(2), áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh cumarsáid mhargaíochta i dtaobh táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe in-sainaitheanta go soiléir mar chumarsáid mhargaíochta, agus go sainaithneofar go soiléir léi an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais a bheidh freagrach as a n-inneachar agus a ndáileadh, gan beann ar cé acu go díreach nó go hindíreach a dhéanann an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais an chumarsáid.
2. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar cumarsáid mhargaíochta i dtaobh táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe a fhorbairt, a dhearadh agus a sholáthar ar bhealach cóir, soiléir, nach bhfuil míthreorach, cothrom i dtéarmaí cur i láthair tairbhí agus rioscaí, agus go mbeidh sí iomchuí i dtéarmaí inneachair agus slabhraí dáilte don spriocphobal agus, i gcás ina mbainfidh sí le táirge infheistíochta árachas-bhunaithe sonracha, don spriocmhargadh a shainaitheann de bhun Airteagal 25(1).

I ngach cumarsáid mhargaíochta a bhaineann le táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, léireofar, ar bhealach feiceálach agus gonta, saintréithe sár-riachtanacha na dtáirgí infheistíochta árachas-bhunaithe dá dtagraíonn siad.

***Beidh rochtain ar an bhfaisnéis, ag brath ar shaintréithe an mheáin, trí thaispeántas neadaithe, scrolla os a chionn, trí chód QR, nó a leithéid.***

Agus saintréithe fíor-riachtanacha na cumarsáide margaíochta i dtaobh táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe á gcur i láthair, áiríteofar go dtuigeann infheisteoirí miondíola go héasca príomhghnéithe an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe chomh maith leis na príomhrioscaí atá bainteach leo.

3. Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfar cleachtais mhargaíochta a fhorbairt agus a úsáid ar bhealach atá cóir agus nach bhfuil míthreorach, agus go mbeidh siad iomchuí don spriocphobal. ***Áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais, a dhéanann próifiliú daoine aonair chun críche na míre seo, Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh go hiomlán.***
4. I gcás ina ndéanfaidh monaróir táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe cumarsáid mhargaíochta a ullmhú agus a sholáthar a bheidh le húsáid ag dáileoir, is é an monaróir a

bheidh freagrach as inneachar cumarsáide margaíochta den sórt sin agus é a thabhairt cothrom le dáta. Beidh an dáileoir freagrach as úsáid na cumarsáide margaíochta sin agus áiritheoidh sé go n-úsáidfear í le haghaidh an spriocmhargaidh shainaitheanta, agus lena aghaidh sin amháin, agus i gcomhréir leis an straitéis dáileacháin a shainaitheann don spriocmhargadh.

I gcás ina ndéanfaidh gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais a thairgeann nó a mholann táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe nach monaraíonn sé féin iad, a chuid cumarsáide margaíochta féin, beidh sé lán-fhreagrach as a hinneachar iomchuí, as a thabhairt cothrom le dáta agus a húsáid, i gcomhréir leis an spriocmhargadh sainaitheanta.

**4a. I gcás ina n-úsáideann gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais seirbhísí tionchaire airgeadais, déanfaidh an gnóthas árachais nó an t-idirghabhálaí árachais an méid seo a leanas:**

**(a) comhaontú i scríbhinn a bhunú leis an dtionchaire airgeadais lena gcinnfear cineál agus raon feidhme na gníomhaíochta atá le déanamh thar ceann an ghnóthais árachais nó an idirghabhálaí árachais;**

**(b) arna iarraidh sin, céannacht agus sonraí teagmhála na dtionchairí airgeadais uile, a bhfuil sé ag brath ar a gcuid seirbhísí, a chur ar fáil don údarás inniúil;**

**(c) a fhíorú go rialta an gcomhlíonann gníomhaíocht an tionchaire airgeadais a bhfuil sé ag brath ar a sheirbhísí, mír 1 go mír 4.**

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais tuarascálacha bliantúla chuig an gcomhlacht bainistíochta maidir le húsáid cumarsáide agus straitéisí margaíochta atá dírithe ar chleachtas mhargaíochta, maidir le comhlíonadh oibleagáidí ábhartha i ndáil le cumarsáid agus cleachtas mhargaíochta faoin Treoir seo, agus maidir le haon mhírialtacht a chomharthaítear agus aon réiteach a bheartaítear.

6. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le húdaráis inniúla náisiúnta gníomhú go tráthúil agus go héifeachtach maidir le haon chumarsáid mhargaíochta a scaiptear ina gcríoch nó maidir le cleachtas margaíochta **a tharlaíonn ina gcríoch féin agus** nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar síos i mír 1 go mír 3.

7. Áiritheoidh na Ballstáit go gcoimeádfaidh gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais taifid ar a gcumarsáid mhargaíochta uile i dtaobh táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe **sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil do chustaiméirí miondíola nó do chustaiméirí**

**miondíola ionchasacha**, nó a gcumarsáidí margaíochta a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil do chustaiméirí miondíola nó do chustaiméirí miondíola ionchasacha a dhéanann aon tríú páirtí dár tugadh luach saothair nó dreasacht trí chúiteamh neamhairgeadaíochta.

***Coinneofar taifid den sórt sin ar feadh ré an chaidrimh idir an gnóthas árachais nó an t-idirghabhálaí árachais agus an custaiméir ar a laghad. I gcás inar faide ná seacht mbliana fad an chonartha, ní choinneofar ach taifid d'fhaisnéis bhunriachtanach.***

Beidh na taifid sin in-aisghafa ag gnóthas árachais nó dáileoir árachais nuair a iarrann an t-údarás inniúil sin.

Beidh na nithe uile seo a leanas san áireamh sna taifid dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

- (a) inneachar na cumarsáide margaíochta;
- (b) mionsonraí maidir leis an meán a úsáidtear le haghaidh na cumarsáide margaíochta;
- (c) dáta agus fad ama na cumarsáide margaíochta, lena n-áirítear amanna ábhartha tosaigh agus críochnaithe;
- (d) na deighleoga nó na cinntithigh próifílithe tomhaltóirí spriocdhírithé;
- (e) na Ballstáit inar cuireadh an chumarsáid mhargaíochta ar fáil;
- (f) sainaitheantas aon tríú páirtí atá bainteach le scaipeadh na cumarsáide margaíochta.

Sna taifid den sainaitheantas sin dá dtagraítear i bpointe (f) beidh ainmneacha dlíthiúla, seoltaí cláraithe, mionsonraí teagmhála agus, i gcás inarb ábhartha, leasainm meán sóisialta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha lena mbaineann.

8. Cumhachtófar an Coimisiún gníomh tarmiligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38, chun an Treoir seo a fhorlónadh trí na nithe seo a leanas a shonrú:
- (a) saintréithe fíor-riachtanacha na dtáirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a bheidh le nochtadh i ngach cumarsáid mhargaíochta lena spriocdhírítear ar chustaiméirí miondíola nó ar chustaiméirí miondíola ionchasacha, agus aon chritéar ábhartha eile chun a áirithiú go dtaispeánfar na saintréithe fíor-riachtanacha sin ar bhealach

feiceálach agus go mbeidh siad inrochtana go héasca ag gnáthchustaiméir miondíola, gan beann ar an modh cumarsáide;

- (b) na coinníollacha ar cheart do chumarsáidí margadóir agus cleachtais mhargadóir tairgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a chomhlíonadh chun go mbeidh siad cóir, soiléir, nach mbeidh siad míthreorach, cothrom ó thaobh chur i láthair na mbuntáistí, na gcostas agus na rioscaí de, agus iomchuí ó thaobh ábhair agus bealaí dáileacháin don spriocphobal nó, i gcás inarb infheidhme, don spriocmhargadh.’;

- (19) in Airteagal 28, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘I gcás nach leor na socrúithe eagrúcháin nó riaracháin atá ag an idirghabhálaí árachais nó gnóthas árachais i gcomhréir le hAirteagal 27 ar mhaithe le coibhneachtaí leasa a bhainistiú le go n-áiritheofar, le muinín réasúnach, go ndéanfar an baol damáiste do leasanna custaiméara a chosc, nochtfaidh an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais go soiléir don chustaiméir nádúr ginearálta nó foinsí na gcoibhneachtaí leasa, in am trátha sula mbíonn an custaiméir faoi cheangal ag tairiscint nó conradh árachais.’;

- (20) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

*‘Airteagal 29*

**Faisnéis do chustaiméirí agus do shealbhóirí polasaí**

1. Gan dochar d’Airteagal 18 agus d’Airteagal 19(1) agus (2), áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais a dháileann tairgí infheistíochta árachas-bhunaithe faisnéis iomchuí i bhfoirm phearsantaithe faoi na tairgí infheistíochta árachas-bhunaithe atá beartaithe do na custaiméirí sin a sholáthar do chustaiméirí nó do chustaiméirí ionchasacha in am trátha sula mbeidh na custaiméirí faoi cheangal ag conradh árachais nó tairiscint. Beidh an méid seo a leanas san fhaisnéis sin:

- (a) i gcás ina soláthrófar comhairle;
- (i) an soláthraítear an chomhairle ar bhonn neamhspleách nó nach soláthraítear;
- (ii) cibé acu atá nó nach bhfuil an chomhairle bunaithe ar anailís leathan nó ar anailís níos srianta ar chineálacha éagsúla tairgí infheistíochta atá árachas-

bhunaithe agus, i gcás inarb infheidhme, roghanna foluiteacha infheistíochta, agus go háirithe, cibé acu atá nó nach bhfuil an raon teoranta do tháirgí agus sócmhainní arna monarú nó arna soláthar ag eintitis a bhfuil dlúthnaisc acu leis an idirghabhálaí árachais nó leis an ngnóthas árachais, nó aon ghaolmhaireachtaí dlíthiúla nó eacnamaíocha eile, amhail caidrimh chonartha, a bheadh chomh dlúth sin agus go mbainfeadh riosca léi go lagófaí bonn neamhspleách na comhairle a sholáthraítear;

(iii) cé acu a sholáthróidh nó nach soláthróidh an t-idirghabhálaí árachais nó an ngnóthas árachais measúnú tréimhsiúil don chustaiméirí ar oiriúnacht an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe a mholtar don chustaiméir sin;

(iv) i gcás ina soláthróidh an t-idirghabhálaí árachais nó an ngnóthas árachais comhairle neamhspleách do chustaiméir miondíola, cé acu atá nó nach bhfuil réimse na dtáirgí infheistíochta árachas-bhunaithe a mholtar srianta do tháirgí infheistíochta árachas-bhunaithe atá dea-éagsúlaithe, neamhchasta (dá dtagraítear in Airteagal 30(3)) agus costéifeachtach agus dóibh sin amháin;

■

- (b) tuairisc ar phríomhghnéithe an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe atá beartaithe agus, i gcás inarb infheidhme, aon roghanna foluiteacha infheistíochta agus straitéisí infheistíochta foluiteacha a mholtar, lena n-áirítear treoir iomchuí maidir leis na rioscaí a bhaineann leis an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe agus rabhaidh fúthu, agus, i gcás inarb infheidhme, na roghanna foluiteacha infheistíochta molta, nó i ndáil le straitéisí infheistíochta ar leith a leanann an táirge sin;
- (c) faisnéis maidir leis an gcumhdach árachais a mholtar, lena n-áirítear mionsonraí maidir leis na sochair agus na roghanna árachais agus leis na himthosca a spreagfadh iad, agus i gcás inarb infheidhme, achoimre ar na rioscaí eisiata agus na heisiaimh, i gcás nach féidir éilimh a dhéanamh;
- (d) faisnéis maidir le gach costas sainráite agus intuigthe, muirear gaolmhar agus íocaíochtaí tríú páirtí, lena n-áirítear gach costas agus muirear i ndáil le dáileadh an

táirge infheistíochta árachas-bhunaithe, agus costas na comhairle, i gcás inarb ábhartha, conas a d'fhéadfadh an custaiméir íoc aisti agus fad ama na n-íocaíochtaí;

- (e) an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh agus an dlínse inniúil;
- (f) faisnéis ghinearálta maidir leis na rialacha cánach is infheidhme maidir leis an gcineál táirge infheistíochta árachas-bhunaithe.

Beidh míniú iomchuí, i dteanga chaighdeánaithe intuigthe do chustaiméir miondíola, ag gabháil leis an bhfaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (d), ar thionchar na gcostas, na muirear agus aon íocaíochtaí tríú páirtí ar an toradh ionchasach.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais an fhaisnéis i láthair maidir le gach costas, muirear agus íocaíocht tríú páirtí dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (d) i bhfoirm chomhiomlánaithe chun é a chur ar a chumas don chustaiméir tuiscint a fháil ar an gcostas foriomlán agus ar an éifeacht chernach ar an toradh ar an infheistíocht. Is i dtéarmaí airgeadaíochta agus i gcéatadáin arna ríomh le linn théarma an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe a léireofar an costas foriomlán. Cuirfidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais cliaint ar an eolas go sainráite faoin gceart atá acu miondealú mionsonraithe ar an bhfaisnéis sin a iarraidh agus soláthróidh siad miondealú mionsonraithe den sórt sin nuair a iarrann an cliant sin.

***Mura féidir nochtadh íocaíochtaí tríú páirtí a fhionnadh ag an gcéim réamhchonarthach, déanfar an modh chun an méid a ríomh a nochtadh go soiléir don chliant ar bhealach atá intuigthe agus cruinn do chliant miondíola. \_Cuirfidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais faisnéis ar fáil dá gcliaint freisin maidir le méid beacht na n-íocaíochtaí tríú páirtí a fuarthas nó a íocadh ar bhonn ex-post.***

Déanfar na híocaíochtaí tríú páirtí a íocann nó a fhaigheann an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais i ndáil le soláthar nó dáileadh táirge infheistíochta árachas-bhunaithe a mhiondealú ar leithligh. Nochtfaidh an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais tionchar carnach na n-íocaíochtaí tríú páirtí sin, lena n-áirítear aon íocaíocht athfhillteach le tríú páirtí, ar an nglantoradh i gcaitheamh théarma an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe. Míneofar cuspóir na n-íocaíochtaí tríú páirtí agus a dtionchar ar an nglantoradh ar bhealach

caighdeánaithe agus i bhfriotal a bheidh sothuigthe don ghnáthchustaiméir miondíola.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtarraingeoidh monaróirí na dtáirgí infheistíochta árachas-bhunaithe doiciméad pearsantaithe gonta ina mbeidh an fhaisnéis bhunriachtanach atá le soláthar ar bhonn bliantúil do gach custaiméir miondíola a bhfuil an táirge ina sheilbh ('ráiteas bliantúil').

Beidh an dáta beacht dá dtagraíonn an fhaisnéis sa ráiteas bliantúil luaite ar bhealach feiceálach.

Beidh an fhaisnéis sa ráiteas bliantúil cruinn agus cothrom le dáta.

Cuirfidh na monaróirí an ráiteas bliantúil ar fáil do gach sealbhóir polasaí miondíola saor in aisce i bhformáid leictreonach. Soláthrófar cóip ar pháipéar, arna iarraidh sin, i dteannta aon fhaisnéis a bheidh ar fáil trí mhodhanna leictreonacha.

Ní gá an ráiteas bliantúil a sholáthar i gcás ina soláthróidh an monaróir rochtain dá shealbhóirí polasaí ar chóras ar líne, a cháilíonn mar mheán marthanach, inar féidir ráitis atá cothrom le dáta ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha a leagtar amach i mír 3 a rochtain go héasca, agus i gcás ina mbeidh fianaise ag an monaróir go bhfuair an sealbhóir polasaí miondíola rochtain ar na ráitis sin uair amháin ar a laghad sa 12 mhí roimhe sin.

3. Beidh an phríomhfaisnéis seo a leanas ar a laghad sa ráiteas bliantúil:

- (a) na costais iomlána, na muirir ghaolmhara agus na híocaíochtaí tríú páirtí, arna léiriú ar bhealach miondealaithe i dtéarmaí airgeadaíochta agus i gcéatadáin, a íocann nó a sheasann an sealbhóir polasaí miondíola go díreach nó go hindíreach i gcaitheamh an 12 mhí roimhe sin ar bhonn iolraithe ó thús théarma an chonartha i ndáil leis an táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe;
- (b) feidhmíocht bhliantúil gach ceann de roghanna foluiteacha infheistíochta an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe agus feidhmíocht bhliantúil iomlán na punainne, agus gach ceann acu curtha i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht stairiúil in imeacht na mblianta roimhe sin;
- (c) cánacha iomlána lena n-áirítear dleacht stampála, cáin ar idirbhearta, cáin shiarchoinneálach agus aon cháin eile i gcás inarb é an gnóthas árachais a thoibhíonn



iad, agus iad dealaithe de réir cánach, a íocann an custaiméir miondíola i ndáil leis an táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe;

- (d) i gcás inarb infheidhme, an margadhluach, nó an luach measta i gcás nach bhfuil an margadhluach ar fáil, atá ar roghanna foluiteacha infheistíochta an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe;
- (e) íocaíochtaí a dhéanann an sealbhóir polasaí miondíola maidir leis an táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe lena n-áirítear infheistíochtaí, taiscí, ranníocaíochtaí, préimheanna agus táillí, i gcaitheamh an 12 mhí roimhe sin, agus aon aistarraingt a rinneadh á hasbhaint;
- (f) réamh-mheastacháin ar an toradh a bhfuiltear ag súil leis ag deireadh na tréimhse conarthaí nó sealbhaíochta atá molta, bunaithe ar luach reatha na hinfeistíochta agus ar fhorbairt a feidhmíochta go dtí seo, agus nasctha leis na cásanna feidhmíochta réamhchonarthacha sa doiciméad faisnéise bunriachtanaí dá bhforáiltear i Rialachán 1286/2014, agus séanadh go bhféadfadh na réamh-mheastacháin sin a bheith éagsúil le luach deiridh iarbhír na hinfeistíochta;
- (g) faisnéis maidir leis na coinníollacha agus na hiarmhairtí airgeadais ó fhoirceannadh luath na hinfeistíochta nó ó aistriú idir soláthraithe, lena n-áirítear an luach géilliúna agus na coinníollacha maidir le géilleadh an pholasaí árachais;
- (h) achoimre ghairid faoin gcumhdach árachais, go háirithe na sochair árachais agus aon rogha agus faisnéis maidir leis an méid a tharlaíonn i gcás ina bhfaighidh an t-áracháí bás nó i gcás ina dtarlóidh teagmhas árachaithe eile;
- (i) i gcás táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe ar lena n-aghaidh a dhéantar foráil i dtéarmaí agus coinníollacha an pholasaí maidir le hathbheithnithe tréimhsiúla préimhe, na préimheanna réamh-mheasta is gá chun na sochair chosanta atá ann cheana a choinneáil ar bun go dtí 55, 65, 75 agus 85 bliana d'aois.

***Gan dochar do na ceanglais sa mhír seo, i gcás nach mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil ar tháirge sonracha chun ráiteas bliantúil a tharraingt suas, ní bheidh na ceanglais maidir leis an ráiteas bliantúil infheidhme ach amháin maidir le conarthaí a thabharfar i gcrích tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach .../... [Cuir isteach uimhir na Treorach leasaithe seo].***

4. An fhaisnéis a dtugtar tuairisc uirthi i mír 1 agus an ráiteas bliantúil dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, soláthrófar do chustaiméirí miondíola agus do shealbhóirí polasaí iad agus úsáid á baint as téarmaíocht agus formáid chaighdeánaithe an Aontais. ***Gan dochar don mhonaróir, trí rochtain ar chóras ar líne a sholáthar dá shealbhóirí polasaí miondíola, i gcomhréir le hAirteagal 29(2), an cúigiú fomhír, ceadófar srathú na faisnéise a cheanglaítear faoi mhíreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, trínar féidir codanna mionsonraithe den fhaisnéis a chur i láthair trí mhíreanna aníos nó trí naisc chuig sraitheanna a ghabhann leis, i gcás ina soláthraítear an ráiteas bliantúil i bhformáid leictreonach. Sa chás sin, beifear in ann an ráiteas bliantúil a phriontáil mar aon doiciméad amháin.***

Déanfaidh ÚEÁPC, tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA agus tar éis dó tástáil tomhaltóirí agus tástáil tionscail a dhéanamh, dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a fhorbairt chun an méid seo a leanas a shonrú:

- (a) an fhormaid ábhartha chun an fhaisnéis a liostaítear i míreanna 1 agus 3 a sholáthar, lena n-áirítear foirm agus fad an doiciméid, agus inneachar gach ceann de na heilimintí faisnéise;
- (b) an téarmaíocht chaighdeánach agus mínithe gearra agus achomaire gaolmhara atá le húsáid ag gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais chun an fhaisnéis a liostaítear i míreanna 1 agus 3 a nochtadh. Leis na míniúcháin, áiritheofar gur dócha go dtuigfidh aon chustaiméir miondíola iad gan saineolas a bheith aige faoi tháirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe;

Cuirfidh EIOPA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Treoir seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go léireoidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais a dháileann táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe rabhaidh iomchuí in ábhar faisnéise, lena n-áirítear cumarsáidí margaíochta, a sholáthraítear do chustaiméirí miondíola chun iad a chur ar an eolas faoi na rioscaí sonracha a bhaineann le cailleanais fhéideartha a iompraíonn táirgí

infheistíochta atá árachas-bhunaithe a bhfuil riosca faoi leith ag baint leo nó atá casta agus, i gcás inarb infheidhme, roghanna foluiteacha infheistíochta.

Déanfaidh ÚEÁPC, faoin [18 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe], treoirlínte a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta go tréimhsiúil maidir le coincheap na dtáirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a bhfuil riosca faoi leith ag baint leo nó atá casta, agus aird chuí á tabhairt ar shainiúlachtaí na gcineálacha éagsúla táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe.

Forbróidh ÚEÁPC caighdeáin theicniúla rialála chun formáid agus inneachar rabhadh riosca den sórt sin a shonrú tuilleadh, agus aird chuí á tabhairt ar shainiúlachtaí na gcineálacha éagsúla táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe agus cineálacha cumarsáide, lena n-áirítear sainiúlachtaí táirgí ilrogha (MOPanna).

Cuirfidh ÚEÁPC na caighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tarmlichtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa tríú fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

Déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta faireachán ar chur i bhfeidhm rabhadh riosca. I gcás ábhar inní maidir le húsáid rabhadh riosca den sórt sin, nó easpa úsáid rabhadh riosca den sórt sin, a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith aige ar chosaint an infheisteora, féadfaidh na húdaráis inniúla úsáid rabhadh riosca a fhorchur ag idirghabhálaithe árachais agus ag gnóthais árachais a dháileann táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe.’;

(21) cuirtear na hAirteagail 29a agus 29b seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 29a*

**Aslaigh**

**I**

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach bhfaighidh gnóthais árachais nó idirghabhálaithe árachais, agus táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe á ndáileadh acu i gcomhréir le hAirteagal 30(1), ná nach n-íocfaidh siad ach táillí nó sochair ó thríú páirtí nó le tríú páirtí ar choinníoll go n-

áiritheoidh na hidirghabhálaithe árachais nó na gnóthais árachais sin nach lagóidh fáil nó íocaíocht na dtáillí nó na sochar sin comhlíonadh a ndualgas gníomhú go hionraic, go cothrom agus go gairmiúil i gcomhréir le leasanna a gcustaiméirí. Nochtfaidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais gur ann d'íocaíochtaí tríú páirtí den sórt sin, a gcineál agus a méid, i gcomhréir le hAirteagal 29.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais, i gcás inarb infheidhme, an custaiméir ar an eolas maidir le sásraí chun aon táille, coimisiún, sochar airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta a fhaightear i ndáil le dáileadh an táirge árachas-bhunaithe a aistriú chuig an gcustaiméir.
4. Féadfaidh na Ballstáit ceanglais níos géire a fhorchur ar idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais i ndáil leis na hábhair a chumhdaítear san Airteagal seo. Go háirithe, féadfaidh na Ballstáit toirmeasc nó srian a chur ar tháillí, coimisiúin nó sochair neamhairgeadaíochta ó thríú páirtithe a thairiscint nó a ghlacadh i ndáil le comhairle árachais a sholáthar.

D'fhéadfaí a áireamh le ceanglais níos géire aon táille, coimisiún nó sochar neamhairgid le seoladh ar ais chuig custaiméirí nó le frithchúiteamh in aghaidh táillí a d'íoc an custaiméir.

Gach idirghabhálaí árachais nó gnóthas árachais, lena n-áirítear iad sin atá ag feidhmiú faoin tsaoirse seirbhísí a sholáthar nó faoi shaoirse bhunaíochta, nuair atá conarthaí árachais á dtabhairt i gcrích acu le custaiméirí a bhfuil gnáthchónaí orthu i mBallstát nó atá bunaithe sa Bhallstát sin, déanfaidh siad gach ceanglas níos géire de chuid Ballstáit dá dtagraítear sa mhír seo a chomhlíonadh.

***4a. Ceanglóidh na Ballstáit, i gcás ina gcuirfidh idirghabhálaí árachais nó gnóthas árachais a dháileann táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe an custaiméir ar an eolas go dtugtar comhairle ar bhonn neamhspleách, go ndéanfaidh an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais:***

***(a) measúnú ar líon leordhóthanach táirgí árachais atá ar fáil ar an margadh a bhfuil éagsúlú leordhóthanach iontu maidir lena gcineál agus lena soláthróirí táirgí chun a áirithiú gur féidir cuspóirí an chustaiméara a chomhlíonadh go hoiriúnach, agus nach mbeidh siad teoranta do tháirgí árachais arna n-eisiúint nó arna soláthar ag eintitis a bhfuil dlúthnaisc acu leis an idirghabhálaí árachais nó leis an ngnóthas árachais;***

*(b) gan glacadh le táillí, coimisiúin nó aon sochair airgeadaíochta nó neamh-airgeadaíochta arna n-íoc nó arna soláthar ag aon tríú páirtí nó duine ag gníomhú thar ceann tríú páirtí i ndáil le seirbhís a sholáthar do chustaiméirí nó gan iad a choinneáil.*

*Ní chuirfidh an mhír seo cosc ar idirghabhálaithe árachais, a gcáilíonn a stádas dlíthiúil iad mar idirghabhálaithe árachais neamhspleácha, iad féin a chur i láthair mar idirghabhálaithe árachais nach bhfuil ceangailte go conarthach le gnóthas árachais sonracha, má léiríonn siad go bhfaigheann siad aslaigh.*

5. Cumhachtófar an Coimisiún an Treoir sin a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmlichte a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 chun a shonrú tuilleadh:

- (a) an chaoi a gcomhlíonfaidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais na prionsabail a leagtar amach san Airteagal seo;
- (b) na critéir chun a mheasúnú an gcomhlíonann idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais a íocann nó a fhaigheann aslaigh an oibleagáid feidhmiú go hionraic, go cothrom agus go gairmiúil i gcomhréir le leasanna is fearr a gcustaiméara.

#### *Airteagal 29b*

#### **Leas custaiméirí**

**1. *Ceanglóidh na Ballstáit, agus seirbhísí infheistíochta nó, i gcás inarb iomchuí, seirbhísí coimhdeacha á soláthar do thomhaltóirí, go ngníomhóidh gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais go hionraic, go cothrom agus go gairmiúil i gcomhréir le leasanna a dtomhaltóirí agus go gcomhlíonfaidh sé, go háirithe, na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo agus in Airteagal 17.***

1a. Chun gníomhú ar mhaithe le leas an chustaiméara, áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh sé d'oibleagáid ar ghnóthais árachais agus ar idirghabhálaithe árachais, agus comhairle infheistíochta á soláthar acu do chustaiméirí maidir le táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) an custaiméir a chur ar an eolas faoi raon na dtáirgí infheistíochta árachas-bhunaithe nó, i gcás inarb infheidhme, na roghanna foluiteacha infheistíochta arna measúnú ag

an ghnóthas árachais nó ag an idirghabhálaí árachais, agus comhairle den sórt sin a sholáthar ar bhonn measúnú ar raon iomchuí táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe nó, i gcás inarb infheidhme, roghanna foluiteacha infheistíochta, a oireann do riachtanais an chustaiméara. *Léireoidh raon na dtáirgí infheistíochta árachas-bhunaithe samhail ghnó an ghnóthais árachais nó an idirghabhálaí árachais.*

*I gcás ina bhfuil gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais faoi cheangal ag comhpháirtíochtaí eisiacha, féadfaidh siad raon iomchuí na dtáirgí infheistíochta árachas-bhunaithe a thógáil i measc táirgí nó, i gcás inarb infheidhme, roghanna foluiteacha infheistíochta arna dtairiscint ag aon ghnóthas árachais amháin. Sa chás sin, cuirfear custaiméirí ar an eolas faoi sin i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme, go háirithe Airteagal 29(1), pointe (a)(ii).;*

- (b) an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe nó, i gcás inarb infheidhme, na roghanna foluiteacha infheistíochta is éifeachtúla a mholadh i measc na dtáirgí infheistíochta árachas-bhunaithe a shainaithnítear a bheith oiriúnach don chustaiméir de bhun Airteagal 30(1) agus a bhfuil gnéithe comhchosúla ag baint leo, agus feidhmíocht, leibhéal riosca, costais agus muirir an táirge arna dtuairisciú de bhun Airteagal 25(1c) á gcur san áireamh agus, má mholtar táirge coibhéiseach a bhfuil costais níos airde ag gabháil leis, é sin a dhlisteanú ar fhorais oibiachtúla agus taifid a choinneáil ar an mbonn cirt sin;
- (c) **█**
- (ca) *gan leas airgeadais nó leas eile an ghnóthais árachais nó an idirghabhálaí árachais a chur roimh leasanna an chliaint;*
- (d) táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a mholadh a bhfuil a gcumhdach árachais i gcomhréir le héilimh agus riachtanais árachais an chustaiméara.

*1b. I gcás ina bhfuil gnóthais árachais agus idirghabhálaithe árachais faoi réir toirmeasc dreasachta, toimhdeofar go bhfuil coinníollacha an Airteagail seo comhlíonta. Féadfaidh an t-údarás inniúil náisiúnta an toimhde sin a aisiompú mura gcomhlíonann gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais forálacha an Airteagail seo.*

*1c. Féadfaidh ÚEÁPC athbhreithniú piaraí éigeantach a eagrú agus a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis inniúla náisiúnta maidir le cur chun feidhme na n-oibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo.*

2. Cumhachtófar an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 chun a shonrú tuilleadh an chaoi a gcomhlíonfaidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais na prionsabail a leagtar amach san Airteagal seo.

Cuirfear san áireamh sna gníomhartha tarmligthe sin cineál na seirbhísí a thairgtear nó a sholáthraítear don chustaiméir, cineál na dtáirgí, agus i gcás inarb infheidhme, na roghanna foluiteacha infheistíochta, atá á dtairiscint nó á mbreithniú, lena n-áirítear cineálacha éagsúla táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, nó i gcás inarb infheidhme, roghanna foluiteacha infheistíochta.’;

(22) Leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír -1 seo a leanas isteach:

‘-1. Ceanglóidh na Ballstáit go ndéanfaidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais a dháileann táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe measúnú ar oiriúnacht nó iomchuíbheas na dtáirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe agus, i gcás inarb infheidhme, ar roghanna infheistíochta foluiteacha atá le moladh nó le héileamh ag custaiméirí in am trátha sula mbeidh na custaiméirí faoi cheangal ag conradh nó tairiscint árachais. Déanfar gach ceann de na measúnuithe sin ar bhonn faisnéis chomhréireach agus riachtanach faoin gcustaiméir arna fáil ag an idirghabhálaí árachais nó ag an ngnóthas árachais i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.

Áiritheoidh na Ballstáit go míneoidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais a dháileann táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe do chustaiméirí an cuspóir leis an measúnú oiriúnachta nó iomchuíbhis sula n-iarrfar orthu aon fhaisnéis a thabhairt. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais a dháileann táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe rabhadh do chustaiméirí, i bhformáid chaighdeánaithe, faoi na nithe uile seo a leanas:

- (a) go bhféadfadh soláthar faisnéise míchruinne nó neamhiomláine dul i bhfeidhm ar bhealach diúltach ar cháilíocht an mheasúnaithe atá le déanamh ag an idirghabhálaí árachais nó ag an ngnóthas árachais
- (b) go gcuireann an easpa faisnéise cosc ar idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais a dháileann táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe cinneadh a dhéanamh an bhfuil an tseirbhís nó an ionstraim airgeadais atá beartaithe oiriúnach nó iomchuí don chustaiméir, agus go gcuireann sí cosc orthu comhairle a thabhairt.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais a dháileann táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe tuarascáil a sholáthar do chustaiméirí, nuair a iarrann siad sin, maidir leis an bhfaisnéis a bhailítear le haghaidh an mheasúnaithe oiriúnachta agus iomchuibhis. Cuirfear an tuarascáil i láthair i bhformáid chaighdeánaithe, arna forbairt ag ÚEÁPC.

Forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun an míniú agus an rabhadh dá dtagraítear sa dara fomhír a chinneadh, agus chun formáid agus inneachar na tuarascála dá dtagraítear sa tríú fomhír a chinneadh.

Cuirfidh EIOPA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tarmilgítear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1, 2 agus 3:

‘1. Gan dochar d’Airteagal 20(1), agus comhairle á tabhairt maidir le táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, gheobhaidh an t-idirghabhálaí árachais nó an ngnóthas árachais an fhaisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

- eolas agus taithí an chustaiméara i réimse na hinfeistíochta atá ábhartha don chineál sonrach táirge infheistíochta árachas-bhunaithe nó, i gcás inarb infheidhme, roghanna foluiteacha infheistíochta, arna dtairiscint nó arna n-éileamh, agus staid airgeadais an chliant,

- a chumas caillteanais iomlána nó pháirteacha a sheasamh,

riachtanais agus cuspóirí infheistíochta, lena n-áirítear aon sainroghanna



inbhuanaitheachta, agus lamháltas riosca, ionas go mbeidh an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais in ann a mholadh don chustaiméir na táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe atá oiriúnach don duine sin agus, go háirithe, an lamháltas riosca, an cumas caillteanais a sheasamh, a shainroghanna inbhuanaitheachta agus an gá atá le héagsúlú.

Agus comhairle á soláthar a bhaineann le malartú idir roghanna bunúsacha infheistíochta, gheobhaidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais an fhaisnéis is gá faoi roghanna foluiteacha infheistíochta an chustaiméara atá ann cheana agus faoi na roghanna infheistíochta nua atá molta agus déanfaidh siad anailís ar na costais agus ar na tairbhí ionchasacha a bhaineann leis an athrú, ionas go mbeidh siad in ann a léiriú go réasúnach go bhfuiltear ag súil go mbeidh na tairbhí a bhaineann le malartú níos mó ná na costais.

2. Gan dochar d'Airteagal 20(1), áiríteoidh na Ballstáit, i gcás ina ndíolfar táirge infheistíochta árachas-bhunaithe gan chomhairle, go n-iarrfaidh an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais ar an gcustaiméir faisnéis a sholáthar maidir le heolas agus taithí an duine sin i réimse na hinfeistíochta atá ábhartha don chineál sonrath táirge infheistíochta árachas-bhunaithe nó, i gcás inarb infheidhme, sócmhainní infheistíochta foluiteacha, a thairgtear nó a éilítear ionas go mbeidh an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais in ann a mheas an bhfuil an táirge infheistíochta árachas-bhunaithe nó na táirgí infheistíochta atá beartaithe iomchuí don chustaiméir.

I gcás ina measfaidh an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais, ar bhonn na faisnéise a fhaightear faoin gcéad fhomhír, nach bhfuil an táirge oiriúnach don chustaiméir, tabharfaidh an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais rabhadh don chustaiméir. Cuirfear an rabhadh sin ar fáil i bhformáid chaighdeánaithe agus ar taifead.

Ní rachaidh an t-idirghabhálaí árachais ná an gnóthas árachais ar aghaidh le dáileadh táirge infheistíochta árachas-bhunaithe atá faoi réir rabhaidh lena léirítear nach bhfuil an táirge ná an tseirbhís iomchuí, ach amháin má iarrann an custaiméir go rachfar ar aghaidh leis d'ainneoin an rabhaidh sin agus má ghlacann an gnóthas árachais leis an gconradh a thabhairt i gcrích arna éileamh sin ag an gcustaiméir. Déanfar éileamh an

chustaiméara agus glacadh an ghnóthais árachais araon a chur ar taifead.

Forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun formáid agus inneachar an rabhaidh dá dtagraítear sa dara fomhír a chinneadh.

Cuirfidh EIOPA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010.

3. Gan dochar d'Airteagal 20(1), i gcás nach dtugtar aon chomhairle maidir le táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, féadfaidh na Ballstáit maolú ó na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, ag ceadú d'idirghabhálaithe árachais nó do ghnóthais árachais gníomhaíochtaí dáilte árachais i ndáil le táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a chur i gcrích laistigh dá gcríocha gan gá an fhaisnéis a fháil ná an cinneadh dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo a dhéanamh i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas ina n-iomláine:

- (a) baineann na gníomhaíochtaí dáilte árachais le ceachtar ceann de na nithe seo a leanas:
  - (i) táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe nach gcuireann ach neamhchosaint infheistíochta ar fáil do na hionstraimí airgeadais a meastar iad a bheith neamhchasta faoi Threoir 2014/65/AE agus nach gcuimsítear struchtúr iontu a fhágann go bhfuil sé deacair ag an gcustaiméir na rioscaí lena mbaineann a thuiscint;
  - (ii) táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe neamhchasta eile chun críoch na míre seo;
- (b) déantar an ghníomhaíocht dáilte árachais ar thionscnamh an chustaiméara;
- (c) cuireadh an custaiméir ar an eolas go soiléir nach bhfuil, i gcás sholáthar na gníomhaíochta dáilte árachais, ceangal ar an idirghabhálaí árachais nó ar an ngnóthas árachais measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe nó ar an ngníomhaíocht dáilte árachais a cuireadh ar fáil

nó a tairgeadh agus nach mbaineann an custaiméir leas as an gcosaint chomhfhreagrach a thagann ó na rialacha ábhartha maidir le gnó a dhéanamh. Soláthrófar an rabhadh sin i bhformáid chaighdeánaithe.

- (d) cloíonn an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais lena oibleagáidí faoi Airteagail 27 agus 28.

Comhlíonfaidh gach idirghabhálaí árachais nó gnóthas árachais, lena n-áirítear iad sin atá ag feidhmiú faoin tsaoirse seirbhísí a sholáthar nó faoi shaoirse bhunaíochta, nuair atá táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe á ndáileadh acu ar chustaiméirí a bhfuil gnáthchónaí orthu i mBallstát nó atá bunaithe i mBallstát nach mbaineann úsáid as an maolú dá dtagraítear sa mhír seo na forálacha is infheidhme sa Bhallstát sin.

Forbróidh ÚEÁPC dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun formáid agus inneachar an rabhaidh dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c), a chinneadh.

Cuirfidh EIOPA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 18 mí tar éis dháta an teacht i bhfeidhm].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1094/201039.?’;

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh idirghabhálaithe árachais nó gnóthais árachais tuarascálacha leordhóthanacha maidir leis na gníomhaíochtaí dailte árachais a sholáthar don chustaiméir ar mheán marthanach. Beidh sna tuarascálacha sin cumarsáid thréimhsiúil do chustaiméirí, agus cuirfear san áireamh iontu cineál agus castacht na dtáirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe lena mbaineann agus an cineál seirbhíse atá á soláthar don chustaiméir agus beidh iontu, i gcás inarb cuí, na costais a bhaineann le hidirbhearta agus le seirbhísí a chuirfear i gcrích thar ceann an chustaiméara.

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh comhairle á tabhairt maidir le táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, go soláthróidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais ráiteas oiriúnachta don chustaiméir luath go leor sula dtabharfar an Conradh i gcrích agus ar mheán marthanach, ina sonraítear an chomhairle a thugtar agus an chaoi a gcomhlíonann an chomhairle sin sainroghanna, cuspóirí agus saintréithe eile an chustaiméara. Soláthrófar an

ráiteas sin luath go leor sula mbeidh an custaiméir faoi cheangal ag Conradh nó tairiscint árachais chun a áirithiú go bhfaighidh an custaiméir dóthain ama lena athbhreithniú agus, i gcás inar gá, faisnéis nó soiléirithe breise a fháil ón idirghabhálaí árachais nó ón gnóthas árachais.

Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina dtabharfar an Conradh árachais i gcrích trí bhíthin na Cianchumarsáide lena gcuirtear cosc ar sheachadadh an ráitis oiriúnachta roimh ré, go bhféadfaidh an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais an ráiteas oiriúnachta a sholáthar ar mheán marthanach láithreach bonn tar éis don chustaiméir teacht faoi cheangal ag Conradh árachais, ar choinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

- (a) thug an custaiméir toiliú chun an ráiteas oiriúnachta a fháil gan aon mhoill mhíchúí tar éis an Conradh a thabhairt i gcrích;
- (b) thug an t-idirghabhálaí árachais nó an gnóthas árachais rogha don chustaiméir moill a chur ar thabhairt i gcrích an chonartha chun an ráiteas oiriúnachta a fháil sula dtabharfaí Conradh den sórt sin i gcrích.

Áiritheoidh na Ballstáit i gcás inar chuir idirghabhálaí árachais nó gnóthas árachais an custaiméir ar an eolas go ndéanfaidh sé measúnú tréimhsiúil ar oiriúnacht, go mbeidh ráiteas nuashonraithe sa tuarascáil thréimhsiúil ar conas a chomhlíonann an táirge infheistíochta atá árachas-bhunaithe sainroghanna, cuspóirí agus saintréithe eile an chustaiméara miondíola.’;

- (d) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'5a. Féadfaidh na Ballstáit ceanglais níos géire a fhorchur ar dháileoirí i ndáil leis na hábhair a chumhdaítear san Airteagal seo. Go háirithe, féadfaidh na Ballstáit soláthar na comhairle dá dtagraítear in Airteagal 30 a dhéanamh éigeantach do dhíolachán aon táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, nó do chineálacha áirithe díobh.

Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh gach idirghabhálaí árachais nó gnóthas árachais na ceanglais níos doichte dá dtagraítear sa chéad fhomhír, lena n-áirítear iad siúd atá ag feidhmiú faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar nó faoin tsaoirse bunaíochta, nuair a bheidh conarthaí árachais á dtabhairt i gcrích acu le custaiméirí a bhfuil gnáthchónaí orthu nó atá bunaithe sa Bhallstát sin.’;



(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

'6. Cumhachtófar an Coimisiún an Treoir seo a fhorlíonadh trí ghníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38 chun a shonrú tuilleadh go gcomhlíonfaidh idirghabhálaithe árachais agus gnóthais árachais na prionsabail a leagtar amach san Airteagal seo agus seirbhísí dáilte árachais á gcur i gcrích acu i ndáil le táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann:

- (a) leis an bhfaisnéis atá le fáil nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht agus iomchuibheas na dtáirgí infheistíochta árachas-bhunaithe le haghaidh a gcustaiméirí;
- (b) leis na critéir chun measúnú a dhéanamh ar tháirgí infheistíochta neamhchasta atá árachas-bhunaithe chun críocha mhír 3, pointe (a)(ii) den Airteagal seo;
- (c) le hinneachar agus formáid na dtaifead agus na gcomhaontuithe maidir le seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí agus inneachar agus formáid na dtuarascálacha tréimhsiúla do chustaiméirí maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear.

***(ca) na critéir chun measúnú a dhéanamh ar ailíniú táirgí airgeadais le sainroghanna inbhuanaitheachta cliaint agus lena leagtar amach na nósanna imeachta chun punann nó táirge infheistíochta a chur in oiriúint do thairiscint chun ailíniú le sainroghanna inbhuanaitheachta cliaint.***

Leis na gníomhartha tarmligthe sin cuirfear san áireamh cineál na seirbhísí arna dtairiscint nó arna soláthar don chustaiméir, cineál na dtáirgí atá á dtairiscint nó á mbreithniú, lena n-áirítear cineálacha éagsúla táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe agus cineál miondíola nó gairmiúil an chustaiméara.';

(23) Leasaítear Airteagal 35(2) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) nósanna imeachta sonracha maidir le tuarascálacha a fháil i ndáil le haon sárú a dhéanfar nó a bhféadfar a dhéanamh agus an méid a dhéantar ina dhiaidh sin, lena n-áirítear bealaí slána cumarsáide a bhunú do thuarascálacha mar sin;';

(b) cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘Áireofar ar na nósanna imeachta sonracha dá dtagraítear i bpointe (a) freisin nasc a chruthú, ar leathanach tosaigh shuíomh gréasáin gach údaráis inniúil, le foirm tuairiscithe shimplí a thugann caoi d’aon duine sárúithe ionchasacha nó iarbhir ar dhlí an Aontais a thuairisciú. Ceanglóidh na Ballstáit ar údaráis inniúla anailís a dhéanamh, gan moill mhíchuí, ar gach tuarascáil a chuirtear isteach trí mheán na foirme tuairiscithe sin;

(24) cuirtear Airteagal 35a seo a leanas isteach:

*‘Airteagal 35a*

**Nós imeachta chun aghaidh a thabhairt ar gníomhaíochtaí arna dtairiscint trí mhodh digiteach gan údarú ná clárú**

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh duine nádúrtha nó duine dlítheanach ag saothrú gníomhaíochtaí dáilte árachais ar líne lena spriocdhírítear ar chustaiméirí laistigh dá chríoch gan bheith cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir seo ná údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2009/138/CE, nó i gcás ina mbeidh údarás inniúil amhrasach go mbíonn an t-eintiteas sin ag saothrú gníomhaíochtaí den sórt sin gan bheith cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir seo nó a bheith údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2009/138/CE, go ndéanfaidh an t-údarás inniúil gach beart iomchuí agus comhréireach chun saothrú na ngníomhaíochtaí dáilte sin a chosc, lena n-áirítear cumarsáid mhargaíochta ghaolmhar, trína bheith ag dul i muinín na gcumhachtaí maoirseachta dá dtagraítear in Airteagal 12(3). Urramóidh aon bheart den sórt sin prionsabail an chomhair idir na Ballstáit a leagtar amach sa Treoir seo.

*Beidh feidhm ag an gcéad fhomhír freisin maidir le haon tionchaire airgeadais a fhaigheann luach saothair nó dreasú trí chúiteamh neamhairgeadaíochta ag gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais gan a bheith cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir seo nó údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2009/138/CE, i gcás ina gcuireann an tionchaire airgeadais sin ábhar chun cinn trí sheirbhísí ardáin meán sóisialta poiblí nó táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe nó roghanna foluiteacha infheistíochta thar ceann gnóthas árachais nó idirghabhálaí árachais den sórt sin.*

2. Déanfaidh na Ballstáit foráil go bhfoilseoidh údaráis inniúla aon chinneadh lena bhforchuirtear beart de bhun mhír 1 i gcomhréir le hAirteagal 32.

Cuirfidh údaráis inniúla ÚEÁPC ar an eolas faoi aon chinneadh dá dtagraítear i mír 2 gan moill mhíchúí. Bunóidh EIOPA bunachar sonraí leictreonach ina mbeidh na cinntí arna gcur isteach ag údaráis inniúla, a mbeidh rochtain ag na húdaráis inniúla uile air. Foilseoidh EIOPA liosta de na cinntí uile atá ann cheana, ina dtabharfar tuairisc ar na daoine nádúrtha nó ar na daoine dlítheanacha lena mbaineann agus ar na cineálacha seirbhísí nó ar na cineálacha táirgí a chuirtear ar fáil. Beidh an liosta inrochtana don phobal trí nasc ar shuíomh gréasáin EIOPA. A mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha, ní thiocfaidh foilsíú níos mó sonraí pearsanta na ndaoine nádúrtha sin ón liosta seo ná an liosta atá foilsithe ag an údarás inniúil de bhun na chéad fhomhíre, agus i gcomhréir le hAirteagal 32.’;

(25) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 38:

*‘Airteagal 38*

### **Gníomhartha tarmligthe**

Cumhachtófar an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 39, a mhéid a bhaineann le hAirteagail 10, 25, 26a, 28, 29a, 29b agus 30.’;

(26) Leasaítear Airteagal 39 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

‘2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 10, 25, 26a, 28, 29a, 29b agus 30 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 22 Feabhra 2016.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 10, 25, 26a, 28, 29a, 29b agus 30 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsíú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sin difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.’;

(b) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

‘3a. Sula nglacfar gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe

arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 10, 25, 26a, 28, 29a, 29b agus 30 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’;

(24) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir seo.

### *Airteagal 3*

#### **Leasuithe ar Threoir 2009/138/CE**

Leasaítear Roinn 5 de Theideal II, Caibidil 1, de Threoir (AE) 2009/138 mar seo a leanas:

(1) cuirtear an méid a leanas in ionad an cheannteidil:

‘Roinn 5

Ceart cealúcháin’;

(2) scriostar an téacs seo a leanas:

‘Fóroinn 1

Árachas neamhshaoil’;

(3) Scriostar Airteagail 183 agus 184;

(4) scriostar an téacs seo a leanas:

‘Fóroinn 1

Árachas saoil’;



(5) Scriostar Airteagal 185.

*Airteagal 4*

**Leasuithe ar Threoir 2009/65/CE**

Leasaítear Treoir 2009/65/CE mar seo a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 14 mar seo a leanas:

(a) cuirtear na míreanna 1a go 1f seo a leanas isteach:

‘1a. Chun críoch mhír 1, ceanglóidh na Ballstáit ar chuideachtaí bainistíochta gníomhú ar bhealach a chuirfidh cosc ar chostais mhíchuí a ghearradh ar GCUI agus ar a shealbhóirí aonad.

Na costais a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas, measfar iad a bheith dlite:

(a) Nach mó na costais ná an t-uasmhéid a nochtar sa réamheolaire dá dtagraítear in Airteagal 69 agus an fhaisnéis bhunriachtanach don infheisteoir dá dtagraítear in Airteagal 78;

(b) Go dtabhaítear na costais go cuí i dtaca leis na nithe seo a leanas nó chun críocha na nithe seo a leanas:

*i)* oibriú an GCUI ag féachaint dá struchtúr, dá straitéis infheistíochta, dá chuspóir agus dá bheartas, nó

*ii)* comhlíonadh na gceanglas rialála dlíthiúil;

(c) Íocann infheisteoirí na costais ar dhóigh a áirithíonn cóir chothrom d’infheisteoirí.

1b. Ceanglóidh na Ballstáit ar chuideachtaí bainistíochta próiseas praghsála éifeachtach a choinneáil ar bun, a oibriú agus a athbhreithniú lena dtugtar caoi do shainnithint agus cainníochtú na gcostas uile a íocann GCUI nó a shealbhóirí aonad. Roimh údarú GCUI agus ar fud a shaolré, áiritheofar leis na bpróiseas praghsála sin go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) níl na costais míchuí;

(b) go bhfuil údar leis na costais a sheasann infheisteoirí miondíola agus go bhfuil siad comhréireach, i gcomhthéacs an luacha fhoriomláin arna sheachadadh do

shealbhóirí aonaid ag féachaint do shaintréithe an GCUI, lena n-áirítear a chuspóir infheistíochta, a bheartas, a straitéis, a thorthaí ionchasacha, leibhéal na rioscaí agus saintréithe ábhartha eile.

1c. Áiritheoidh na Ballstáit go mbíonn cuideachtaí bainistíochta freagrach as éifeachtacht agus cáilíocht a bpróisis praghsála. Déanfar an próiseas praghsála a dhoiciméadú go soiléir, leagfar amach go soiléir ann freagrachtaí chomhlachtaí bainistíochta na cuideachta bainistíochta chun na costais a íocann infheisteoirí a chinneadh agus a athbhreithniú, agus beidh sé faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil. Beidh an measúnú ar chostais bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ar mhodheolaíocht oibiachtúil, agus áireofar ann comparáid le táirgí margaidh, amhail GCUIInna a bhfuil saintréithe comhchosúla acu i dtéarmaí cuspóir infheistíochta, straitéise, leibhéal rioscaí agus saintréithe ábhartha eile.

1d. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar chuideachtaí bainistíochta a mheas gach bliain ar gearradh costais mhíchuí ar GCUI nó ar a shealbhóirí aonad.

Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar chuideachtaí bainistíochta aisíocaíocht a thabhairt d'infheisteoirí gan moill mhíchuí, i gcás inar gearradh costais mhíchuí ar GCUI nó ar a shealbhóirí aonad, nó i gcás ina ndearnadh costais a mhíriomh chun dochair do GCUI nó dá shealbhóirí aonad.

Ceanglóidh na Ballstáit ar chuideachtaí bainistíochta tuairisciú do na húdaráis inniúla dá mBallstát baile agus d'údaráis inniúil Bhallstát baile GCUI, do hiniúcháirí taiscí agus airgeadais GCUI, faoi chásanna inar gearradh costais mhíchuí ar GCUI nó ar a shealbhóirí aonad.

1e. Ceanglóidh na Ballstáit ar chuideachtaí bainistíochta measúnú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a laghad ar na coinníollacha a luaitear i mír 1b, pointe (b). Cuirfear san áireamh sa mheasúnú na critéir a leagtar amach sa phróiseas praghsála.

█

**1f. *Déanfaidh ESMA, tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm Threoir (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán Tabhair isteach uimhir na Treorach leasaithe seo], athbhreithniú piaraí a eagrú agus a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis inniúla náisiúnta, maidir le cur chun feidhme na n-oibleagáidí a***

*thuiriscítear san Airteagal seo, lena n-áirítear na costais a bhaineann le haisíocaíochtaí le hinfheisteoirí aonair.”;*

(b) leasaítear mír 2 mar seo a leanas:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘Gan dochar d’Airteagal 116, glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 112a, bearta chun a áirithiú go gcomhlíonann an chuideachta bainistíochta na dualgais a leagtar amach i míreanna 1 go 1e go háirithe chun:’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) na prionsabail a shonrú is gá chun a áirithiú go mbaineann cuideachtaí bainistíochta úsáid éifeachtach as na hacmhainní agus na nósanna imeachta a bhfuil gá leo chun go ndéanfaidh siad a ngníomhaíochtaí gnó i gceart;’ (iii) cuirtear na pointí (d) agus (e) seo a leanas leis:

‘(d) na híoscheanglais a shonrú maidir leis an bpróiseas praghsála ionas nach ngearrfar costais mhíchuí ar GCUI ná ar a shealbhóirí aonad, go háirithe, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) a áirithiú go ndéantar costais a shainaithint agus a chainníochtú i gceart, agus go gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach i mír 1a, pointe (a);

(ii) na costais is féidir a ghearradh ar GCUI agus ar a shealbhóirí aonad a shainaithint, agus leibhéal na gcostas agus cineál na gcostas á gcur san áireamh faoi threoir liosta costas incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 1a, pointí (b) agus (c), agus na coinníollacha faoina bhféadfadh údaráis inniúla costais a údarú ar bhonn cás ar chás nach bhfuil curtha san áireamh sa liosta costas incháilithe, ach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 1a, pointí (b) agus (c);

(iii) coinbhleachtaí leasa féideartha a shainaithint, agus bearta chun tarlú coinbhleachtaí leasa a mhaolú;

(iv) nós imeachta a bhunú chun an leibhéal cúitimh a chinneadh i gcás inar gearradh costais mhíchuí ar infheisteoirí;

*(v) nós imeachta a bhunú a thionscnófar nuair a bheidh an méid a mhuirearófar go míchuí ábhartha agus nuair is mó é ná tairseach atá le cinneadh ar bhonn threoirlínte na n-údarás inniúil náisiúnta atá ann cheana maidir le nósanna imeachta slánaíochta;*

(e) foráil a dhéanamh maidir le critéir chun a chinneadh an bhfuil údar leis na costais, agus an bhfuil siad comhréireach i gcomhréir le mír 1b, pointe (b). ■ ’;

(c) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

‘4. Faoin ...[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Treoir seo], tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

(a) cé acu a bhí nó nach raibh tionchar dearfach ag an Airteagal seo ar chostais agus feidhmíocht GCUI arna thairiscint d’infheisteoirí miondíola agus a mhéid;

(b) cé acu atá nó nach bhfuil an measúnú a leagtar amach i mír 1e comhréireach i dtéarmaí castachta agus na gcostas arna dtabhú ag cuideachtaí bainistíochta;

*(ba) an bhféadfadh sásraí eile a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar na costais arda a thabhaíonn infheisteoirí ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear bearta reachtacha agus neamhreachtacha.’;*

(2) cuirtear Airteagal 20a seo a leanas isteach:

#### **‘Airteagal 20a**

A mhéid a bhaineann le gach GCUI a bhainistíonn sí, soláthróidh cuideachta bainistíochta faisnéis d’údarás inniúil a Ballstáit baile maidir leis na costais a íocann infheisteoirí agus feidhmíocht GCUI, ar leibhéal gach ciste, nó ar leibhéal aicmí scaireanna GCUI i gcás ina mbeidh struchtúir éagsúla chostais ag na haicmí scaireanna sin.’;

(3) in Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘Chun críoch na nAirteagal dá dtagraítear sa chéad mhír, ciallaíonn ‘cuideachta bainistíochta’ ‘cuideachtaí infheistíochta’, cé is moite den dara mír d’Airteagal 14(1d).’

(4) in Airteagal 90, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘Beidh feidhm ag an Airteagal seo gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 14.’;

(5) ■ Leasaítear Airteagal 98(2) mar seo a leanas:

(i) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

*‘(ea) i gcomhréir le hAirteagal 69a de Threoir 2014/65/AE, seiceálacha rialta a dhéanamh ar ailíniú ghnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla GCUI ar an margadh leis na tagarmharcanna ábhartha agus, nuair is gá, gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh;’;*

(ii) *cuirtear an pointe seo a leanas leis:*

‘(n) gan dochar d’aon aisíocaíocht arna déanamh de bhun Airteagal 14(1d), cúiteamh a éileamh d’infheisteoirí i gcás inar gearradh costais mhíchuí ar GCUI nó ar a shealbhóirí aonad.’;

(6) in Airteagal 99(6), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(h) gan dochar d’aon aisíocaíocht arna déanamh de bhun Airteagal 14(1d), ceanglas cúiteamh a thabhairt d’infheisteoirí i gcás inar gearradh costais mhíchuí ar GCUI nó ar a shealbhóirí aonad, nó i gcás ina ndearnadh costais a mhíriomh chun dochair GCUI nó a shealbhóirí aonad, agus é á chur san áireamh go bhfuil nósanna imeachta le haghaidh cúitimh comhréireach leis an méid a gearradh go míchuí, go háirithe ón taobh teicniúil agus oibríochtúil.’;

(7) in Airteagal 112a(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas tar éis an cheathrú fomhír:

‘Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 14 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 4 bliana amhail ón [Oifig na bhFoilseachán: [cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo].’;

#### *Airteagal 5*

### **Leasuithe ar Threoir 2011/61/AE**

Leasaítear Treoir 2011/61/AE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear na míreanna 1a go 1f seo a leanas isteach:

“1a. Chun críocha mhír 1, ceanglóidh na Ballstáit ar BCIManna gníomhú ar bhealach a fhágfaidh nach ngearrfar costais mhíchuí ar CIManna agus ar a sealbhóirí aonad.

Na costais a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas, measfar iad a bheith dlíte:

- (a) nach sáraíonn siad an t-uasmhéid a nochtar sa réamheolaire dá dtagraítear in Airteagal 23(3), na rialacha ciste nó na hionstraimí corpraithe dá dtagraítear in Airteagal 23(1) agus an doiciméad faisnéise bunriachtanaí dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1286/2014;
- (b) go dtabhaítear go cuí iad i dtaca leis na nithe seo a leanas nó chun críocha na nithe seo a leanas:
  - i)* oibriú CIM ag féachaint dá struchtúr, dá straitéis infheistíochta, dá chuspóir agus dá bheartas, nó
  - ii)* comhlíonadh na gceanglas dlíthiúil nó rialála;
- (c) is iad na hinfheisteoirí a íocann iad ar bhealach lena n-áirithítear cóir chothrom d’infheisteoirí, ach amháin i gcásanna a luaitear in Airteagal 12(1) i gcás ina ndéantar foráil maidir le cóir fhabhrach le rialacha CIM nó le hionstraimí corpraithe.

1b. Ceanglóidh na Ballstáit ar BCIManna próiseas praghsála éifeachtach a choinneáil ar bun, a oibriú agus a athbhreithniú lena dtugtar caoi do shainnithint agus cainníochtú na gcostas uile a íocann CIManna nó a sealbhóirí aonad. Leis an bpraghsáil sin, áiritheofar go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) níl na costais míchuí;
- (b) go bhfuil údar leis na costais a íocann infheisteoirí miondíola agus go bhfuil siad comhréireach, i gcomhthéacs an luacha fhoriomláin arna sheachadadh do shealbhóirí aonaid agus ag féachaint do shaintréithe CIM, lena n-áirítear a chuspóir infheistíochta, a bheartas, a straitéis, a thorthaí ionchasacha, leibhéal na rioscaí agus saintréithe ábhartha eile.

1c. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh BCIManna freagrach as éifeachtacht agus cáilíocht a bpróisis praghsála. Déanfar an próiseas praghsála a dhoiciméadú go soiléir, leagfar amach freagrachtaí chomhlachtaí bainistíochta an BCIM go soiléir iontu chun na costais a íocann

infheisteoirí a chinneadh agus a athbhreithniú, agus beidh sé faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil. Beidh an measúnú ar chostais bunaithe ar chritéir oibiachtúla agus ar mhodheolaíocht oibiachtúil, agus áireofar ann comparáid le táirgí margaidh, amhail CIManna a bhfuil saintréithe comhchosúla acu i dtéarmaí cuspóir infheistíochta, straitéise, leibhéal rioscaí agus saintréithe ábhartha eile.

1d. Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar BCIManna a mheas go bliantúil ar gearradh costais mhíchuí ar CIM nó ar a shealbhóirí aonad.

Cuirfidh na Ballstáit de cheangal ar BCIManna infheisteoirí a aisíoc gan moill mhíchuí, i gcás inar gearradh costais mhíchuí ar CIM nó ar a shealbhóirí aonad, nó i gcás ina ndearnadh costais a mhíriomh chun dochair CIM nó a shealbhóirí aonad.

Ceanglóidh na Ballstáit ar BCIManna tuairisciú do na húdaráis inniúla, dá mBallstát baile, d'údaráis inniúil Bhallstát baile CIM, i gcás inarb infheidhme, do na hiniúcháirí taiscí agus airgeadais de BCIManna agus do CIM, i gcás inarb infheidhme, maidir le cásanna inar gearradh costais mhíchuí ar CIM nó ar a shealbhóirí aonad.

1e. Ceanglóidh na Ballstáit ar BCIManna measúnú a dhéanamh ar bhonn bliantúil ar a laghad ar na coinníollacha a luaitear i mír 1b, pointe (b). Cuirfear san áireamh sa mheasúnú na critéir a leagtar amach sa phróiseas praghsála.

## I

***1f. Déanfaidh ESMA athbhreithniú piaraí a eagrú agus a chur i gcrích, tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis theacht i bhfeidhm Threoir (AE) [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach uimhir na Treorach leasaithe seo], i gcomhar leis na húdaráis inniúla náisiúnta maidir le cur chun feidhme na n-oibleagáidí a thuairiscítear san Airteagal seo.”;***

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 56 agus faoi réir choinníollacha Airteagail 57 agus 58, bearta ina sonraítear na critéir atá le húsáid ag na húdaráis inniúla ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann BCIManna a n-oibleagáidí faoi mhír 1 den Airteagal seo agus bearta chun a áirithiú go gcomhlíonann BCIM na dualgais a leagtar amach i míreanna 1 go 1e den Airteagal seo, go háirithe chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) na híoscheanglais maidir leis an bpróiseas praghsála a shonrú chun cosc a chur ar chostais mhíchuí a ghearradh ar CIM agus ar a shealbhóirí aonad, go háirithe, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (i) a áirithiú go ndéantar costais a shainaithint agus a chainníochtú i gceart, agus go gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach i mír 1a, pointe (a);
- (ii) na costais is féidir a ghearradh ar CIM agus ar a shealbhóirí aonad a shainaithint, agus leibhéal na gcostas agus cineál na gcostas á gcur san áireamh faoi threoir liosta costas incháilithe a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 1a, pointí (b) agus (c), agus na coinníollacha faoina bhféadfadh údaráis inniúla costais a údarú ar bhonn cás ar chás nach bhfuil curtha san áireamh sa liosta costas incháilithe, ach a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach i mír 1a, pointí (b) agus (c);
- (iii) coinbhleachtaí leasa féideartha a shainaithint, agus bearta chun tarlú coinbhleachtaí leasa a mhaolú;
- (iv) nós imeachta a bhunú chun an leibhéal cúitimh a chinneadh i gcás inar gearradh costais mhíchuí ar infheisteoirí; ***nós imeachta a bhunú a thionscnófar nuair a bheidh an méid a mhuirearófar go míchuí ábhartha agus nuair a sháraíonn sé tairseach atá le cinneadh ar bhonn treoirlínte atá ann cheana ó údaráis inniúla náisiúnta maidir le nósanna imeachta slánaíochta.***

(b) foráil a dhéanamh maidir le critéir chun a chinneadh an bhfuil údar leis na costais, agus an bhfuil siad comhréireach i gcomhréir le mír 1b, pointe (b) . . .';

(c) cuirtear isteach an mhír 4 seo a leanas:

'4. Faoin ...[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 7(2) den Treoir seo] tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar na nithe seo a leanas ar a laghad:



- (a) cé acu a bhí nó nach raibh tionchar dearfach ag an Airteagal seo ar chostais agus feidhmíocht CIM a thairgtear d'infheisteoirí miondíola agus cá mhéad é;
- (b) cé acu atá nó nach bhfuil an measúnú a leagtar amach i mír 1e comhréireach i dtéarmaí castachta agus na gcostas arna dtabhú ag BCIManna.?’;

***(ba) an bhféadfadh sásraí eile a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar na costais arda a thabhaíonn infheisteoirí ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear bearta reachtacha agus neamhreachtacha.?’;***

- (2) in Airteagal 24(2), cuirtear pointe (f) seo a leanas leis:

‘(f) faisnéis maidir leis na costais a íocann infheisteoirí agus feidhmíocht an CIM, ar leibhéal gach CIM nó ar leibhéal aicmí scaireanna CIM i gcás ina mbeidh struchtúir éagsúla chostais ag na haicmí scaireanna sin.?’;

- (3) in Airteagal 46(2), cuirtear na pointí seo a leanas leis:

***‘(ea) i gcomhréir le hAirteagal 69a de Threoir 2014/65/AE, seiceálacha rialta a dhéanamh ar ailíniú ghnéithe cáilíochtúla agus cainníochtúla GCUÍ ar an margadh leis na tagarmharcanna ábhartha agus, nuair is gá, gníomhaíochtaí ceartaitheacha a dhéanamh;***

(n) gan dochar d’aon aisíocaíocht arna déanamh de bhun Airteagal 12(1d), a cheangal go gcúiteofar infheisteoirí i gcás inar gearradh costais mhíchuí ar CIM nó ar a shealbhóirí aonad, nó i gcás ina ndearnadh costais a mhíríomh chun dochair CIM nó a shealbhóirí aonad, agus é á chur san áireamh go bhfuil nósanna imeachta le haghaidh cúitimh comhréireach leis an méid a gearradh go míchuí, go háirithe ón taobh teicniúil agus oibríochtúil.’;

- (4) in Airteagal 56(1), cuirtear an abairt seo a leanas isteach tar éis na chéad abairte:

‘Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 4 bliana amhail ón[Oifig na bhFoilseachán: [cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí].?’;

*Airteagal 6*

**Trasuí**

1. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 12 mhí tar éis dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.
2. Cuirfidh siad na forálacha sin i bhfeidhm ón... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 18 mí tar éis fhoilsiú na ngníomhartha tarmlichte in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagail 89 de Threoir 2014/65/AE, Airteagal 38 de Threoir 2016/97, Airteagal 112a(2) de Threoir 2009/65/CE agus Airteagal 56 de Threoir 2011/61/CE].
3. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.
4. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhforálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 7*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 8*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa  
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtarán*

## IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2014/65/AE, leasaítear roinn II.1 mar seo a leanas:

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú fomhír:

‘D’fhéadfaí an tástáil oiriúnachta a chuirtear i bhfeidhm i leith bainisteoirí agus stiúrthóirí eintitis a údaraítear faoin Treoir reatha nó Treoracha eile den Aontas Eorpach sa réimse airgeadais a mheas mar shampla den mheasúnú ar shaineolas agus eolas. I gcás eintiteas beag, is é an duine atá údaraithe chun idirbhearta a dhéanamh thar ceann an eintitis an duine a bheidh faoi réir an mheasúnaithe sin.’;

- (2) leasaítear fomhír 5 mar seo a leanas:

**(-1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhleisce:**

**‘— go bhfuil idirbhearta déanta ag an gcliánt, ar mhéid suntasach, ar an margadh iomchuí ar bhonn rialta,**

**Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála chun minicíocht agus méid na n-idirbheart is gá a dhéanamh do chatagóirí ábhartha margaidh a chinneadh.**

**Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithe seo].**

**Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún na caighdeáin theicniúla rialála sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;**

- (1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara agus an tríú heang:

‘ - bhí méid phunann ionstraim airgeadais an chliánt, a shainmhínítear mar ní lena n-áirítear taiscí airgid thirim agus ionstraimí airgeadais, níos mó ná EUR 250 000 ar an meán le 3 bliana anuas,’;

- oibríonn an cliánt nó d’oibrigh sé san earnáil airgeadais nó in earnáil eile i ndáil leis an gcinneadh infheistíochta nó thug sé faoi ghníomhaíochtaí margaidh caipitil lena gceanglaítear ionstraimí airgeadais a cheannach agus a dhíol agus/nó punann ionstraimí airgeadais a bhainistiú ar feadh bliain amháin ar a laghad i bpost gairmiúil, lena n-éilítear eolas ar na hidirbhearta nó ar na seirbhísí atá beartaithe.’;

- (2) cuirtear isteach an fhleasc seo a leanas:

‘ - is féidir leis an gcliánt cruthúnas ar oideachas nó oiliúint aitheanta a chur ar fáil don ghnólacht lena léirítear a thuiscint nó a tuiscint ar na hidirbhearta nó na seirbhísí ábhartha atá beartaithe agus ar a chumas/a cumas meastóireacht leordhóthanach a dhéanamh ar na rioscaí. **Ní dhéanfar an critéar sin a chomhcheangal go heisiach leis na critéir maidir le méid phunann airgeadais an chliánt.’;**

- (3) cuirtear na fomhíreanna seo a leanas isteach:

‘I gcás inar eintiteas dlítheanach é an cliánt, comhlíonfar dhá cheann de na critéir seo a leanas ar a laghad:

- an t-iomlán ar an gclár comhardaithe: EUR 10 000 000
  - glanláimhdeachas: EUR 20 000 000
  - cistí dílse: EUR 1 000 000

Déanfaidh an gnólacht infheistíochta measúnú ar an bhfioras go dtuigeann ionadaí dlíthiúil an eintitis dhlítheanaigh sin, nó an duine atá freagrach as na hidirbhearta infheistíochta thar ceann an eintitis dhlítheanaigh sin, na hidirbhearta nó seirbhísí ábhartha beartaithe, go bhfuil sé de chumas aige cinntí infheistíochta a dhéanamh i gcomhréir le cuspóirí, riachtanais agus acmhainneacht airgeadais an eintitis dhlítheanaigh agus go bhfuil sé in ann meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí go hiomchuí.’.

## IARSCRÍBHINN II

*Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir 2014/65/AE mar seo a leanas:*

‘Iarscríbhinn V

### **Íoscheanglais maidir le heolas gairmiúil agus inniúlacht**

(dá dtagraítear in Airteagal 24d(2))

- (a) príomh-shaintréithe, rioscaí agus gnéithe na n-ionstraimí airgeadais a thairgtear nó a mholtar a thuiscint, lena n-áirítear aon impleacht ghinearálta chánach a bheidh le tabhú ag an gcliant i gcomhthéacs na n-idirbheart;
- (b) na costais agus na muirir iomlána a bheidh le tabhú ag an gcliant i gcomhthéacs an chineáil táirge infheistíochta a thairgtear nó a mholtar a thuiscint, chomh maith leis na costais a bhaineann le soláthar na comhairle agus aon seirbhís ábhartha eile a sholáthraítear;
- (c) an bealach a bhféadfadh nach mbeadh an cineál táirge infheistíochta a sholáthraíonn an gnóthas oiriúnach don chliant a thuiscint, tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha a sholáthair an cliant in aghaidh athruithe a tharla ó bailíodh an fhaisnéis ábhartha;
- (d) an bealach a bhfeidhmíonn margáí airgeadais a thuiscint, chomh maith leis an mbealach a ndéanann siad difear do luach agus praghsáil ionstraimí airgeadais a thairgtear nó a mholtar do chliant;
- (e) tionchar forbairtí maicreacnamaíocha agus tionchar teagmhas náisiúnta/réigiúnach/domhanda ar mhargáí airgeadais agus ar luach ionstraimí airgeadais a thairgtear nó a mholtar do chliant a thuiscint;
- (f) an difríocht idir cásanna feidhmíochta san am atá caite agus cásanna feidhmíochta sa todhchaí a thuiscint, chomh maith le teorainneacha réamhaisnéise a thuiscint;
- (g) impleachtaí ginearálta phríomh-eilimintí an chreata rialála airgeadais a thuiscint;
- (h) measúnú a dhéanamh ar shonraí atá ábhartha i ndáil le hionstraimí airgeadais a thairgtear nó a mholtar do chliant amhail doiciméid faisnéise bunriachtanaí, réamheolairí, ráitis airgeadais nó sonraí airgeadais;
- (i) struchtúir margáí shonracha a thuiscint i ndáil leis an gcineál ionstraimí airgeadais a thairgtear nó a mholtar do chliant;
- (j) na prionsabail luachála a thuiscint i ndáil leis an gcineál ionstraimí airgeadais a thairgtear nó a mholtar do chliant;
- (k) na cúraimí bunúsacha a bhaineann le punann a bhainistiú a thuiscint, lena n-áirítear a bheith in ann impleachtaí an éagsúlaithe a thuiscint maidir le roghanna malartacha infheistíochta aonair;
- (l) tuiscint a fháil ar choincheap na hinfheistíochta inbhuanaithe lena rannchuidítear le cuspóir comhshaoil nó sóisialta agus conas tosca inbhuanaitheachta agus sainroghanna inbhuanaitheachta an chliant a mheas agus a chomhtháthú sna próisis chomhairleacha.’

## IARSCRÍBHINN III

*I gcuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2016/97, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:*

*'ha) maidir le táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe, an t-eolas íosta is gá ar infheistíochtaí inbhuanaithe a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil nó sóisialta, lena n-áirítear conas tosca inbhuanaitheachta agus sainroghanna inbhuanaitheachta cliant a mheas agus a chomhtháthú sna próisis chomhairleacha.'*

■ Leasaítear Cuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2016/97 mar seo a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (a):

'(a) an t-íosmhéid eolais is gá ar phríomh-shaintréithe, rioscaí agus gnéithe táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha agus glanphréimheanna agus, i gcás inarb infheidhme, tairbhí ráthaithe agus neamhráthaithe chomh maith leis na rioscaí airgeadais a iompraíonn sealbhóirí polasaithe agus aon impleacht ghinearálta chánach a bheidh le tabhú ag an gcliant;'

(2) cuirtear an pointe (aa) seo a leanas isteach:

'(aa) an t-íosmhéid eolais is gá ar na costais agus na muirir iomlána a bheidh le tabhú ag an gcliant i gcomhthéacs an chineáil táirge infheistíochta árachas-bhunaithe a thairgtear nó a mholtar, chomh maith leis na costais a bhaineann le soláthar na comhairle agus aon seirbhís ábhartha eile a sholáthraítear;'

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (c):

'(c) an t-íosmhéid cumais airgeadais is gá, lena n-áirítear:

- (i) tuiscint ar an mbealach a bhfeidhmíonn margaí airgeadais, chomh maith leis an mbealach a ndéanann siad difear do luach agus praghsáil ionstraimí airgeadais a thairgtear nó a mholtar do chliant;
- (ii) tuiscint ar thionchar forbairtí maicreacnamaíocha agus tionchar teagmhas náisiúnta/réigiúnach/domhanda ar mhargaí airgeadais agus ar luach ionstraimí airgeadais a thairgtear nó a mholtar do chliant;
- (iii) tuiscint ar an difríocht idir cásanna feidhmíochta san am atá caite agus cásanna feidhmíochta sa todhchaí, chomh maith le teorainneacha réamhaisnéise;
- (iv) tuiscint ar struchtúir margaí shonracha i ndáil leis an gcineál ionstraimí airgeadais a thairgtear nó a mholtar do chliant;
- (v) tuiscint ar na prionsabail luachála i ndáil leis an gcineál ionstraimí airgeadais a thairgtear nó a mholtar do chliant;'

(4) cuirtear isteach na pointí (fa) agus (fb) seo a leanas:

'(fa) an t-íosmhéid eolais is gá chun measúnú a dhéanamh ar shonraí atá ábhartha i ndáil leis na táirgí infheistíochta atá árachas-bhunaithe a thairgtear nó a mholtar do chliant amhail doiciméid faisnéise bunriachtanaí, réamheolairí, ráitis airgeadais nó sonraí airgeadais;

- (fb) an t-íosmhéid eolais is gá ar impleachtaí ginearálta phríomh-eilimintí an chreata rialála airgeadais;’;
- (5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (i):
- ‘(i) an t-íosmhéid eolais is gá maidir le measúnú a dhéanamh ar riachtanais custaiméara, lena n-áirítear tuiscint ar an mbealach a bhféadfadh nach mbeadh an cineál árachas-bhunaithe a sholáthraíonn an gnóthas oiriúnach don chliant a thuiscint, tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha a sholáthair an cliant in aghaidh athruithe a tharla ó bailíodh an fhaisnéis ábhartha;’;
- (6) cuirtear an pointe (ia) seo a leanas isteach:
- ‘(ia) tuiscint ar choincheap na hinfheistíochta inbhuanaithe agus conas tosca inbhuanaitheachta agus roghanna inbhuanaitheachta an chustaiméara a mheas agus a chur san áireamh sna próisis chomhairleacha;’
- (6a) cuirtear an pointe (ka) seo a leanas isteach:**
- ‘(ka) maidir le táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe, an t-eolas íosta is gá ar infheistíochtaí inbhuanaithe a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil nó sóisialta, lena n-áirítear conas tosca inbhuanaitheachta agus sainroghanna inbhuanaitheachta cliant a mheas agus a chomhtháthú sna próisis chomhairleacha.’;**
- (7) scriostar pointe (l).

***I gCuid III d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2016/97, cuirtear an pointe seo a leanas leis:***

***‘(ia) maidir le táirgí infheistíochta árachas-bhunaithe, an t-eolas íosta is gá ar infheistíochtaí inbhuanaithe a rannchuidíonn le cuspóir comhshaoil nó sóisialta, lena n-áirítear conas tosca inbhuanaitheachta agus sainroghanna inbhuanaitheachta cliant a mheas agus a chomhtháthú sna próisis chomhairleacha.’.***





